



Turas Éireann

Lorcán Ó Treasaigh



Turas Éireann

Cuairteanna gairide i gContaetha na hÉireann

Lorcán Ó Treasaigh

An Clóchomhar Tta
Baile Átha Cliath

An Chéad Chló 1997

© An Clóchomhar Tta

ISBN 0-903758-95-4

Tá na foilsitheoirí faoi chomaoín ag Séamas Ó hAnnracháin M.A., ATO, agus ag Comhlucht Forbartha na Sionna as pictiúir a chur ar fáil.

Clóbhuaileadh i bPoblacht na hÉireann

Clár an Ábhair

Aontroim	10
Ard Mhacha	14
Baile Átha Cliath	132
Cabhán, An	30
Ceatharlach	90
Ciarraí	76
Cill Chainnigh	94
Cill Dara	108
Cill Mhantáin	112
Clár, An	59
Corcaigh.....	72
Doire	20
Dún, An	7
Dún na nGall.....	26
Fear Manach	23
Gaillimh	54
Iarmhí, An	120
Laois	99
Liatroim	38

Loch Garman	85
Longfort, An	124
Lú	128
Luimneach.....	81
Maigh Eo	46
Mhí, An	116
Muineachán	34
Port Láirge.....	67
Ros Comáin	50
Sligeach	42
Tiobraid Árann	63
Tír Eoghain	17
Uíbh Fhailí	104

An Dún



Ar chaith tú riamh saoire ó thuaidh? Nó an bhfuil tú ag smaoineamh ar do chéad gheabh sa treo sin? Is cuma freagra deimhneach nó diúltach atá agat ar mo dhá cheist léigh ar aghaidh....

Agus do dhroim agat le Dún Dealgan is gearr go mbeannóidh na Beann Boirche duit, puaic orthu b'fhéidir, nó gáire ar a mbéal faoi sholas na gréine tar éis báistí. Tusa a bhfuil na buataisí siúil farat ní gá tuilleadh a rá leat óir tá do bhealach gearrtha amach cheana agat, fáilte is féile an nádúir romhat ar gach taobh.

Ach má tá an nádúr lách i gContae an Dúin is deacair saibhreas chladaigh Loch Cuan a shárú. Síneann an fharraige intíre seo ón tanalacht faoi bhun Scrabaí go cuaifeach taoidí na gcaol ó dheas. Aithnítear an loch go hoifigiúil, go hidirnáisiúnta, mar thalamh cosanta mar a gcónaíonn an iliomad éisc, éan is ainmhithe go nádúrtha. Go deimhin, idir Muir Éireann agus an fharraige intíre tá ciste d'áilleacht nádúrtha a chosnaítear go cúramach do shaibhriú na glúine atá anois ann agus na nglún atá le teacht.

Dóibh siúd ar mhór leo cúrsaí na hoidhreacht, tá taisce mhór d'fhoirgnimh eaglasta, caisleáin, túrthithe agus suímh stairiúla eile. Tá anseo fothraigh sheanmhainistreacha ar nós Naoidroma agus tá cuannacht Mount Stewart House agus a ghairdíní. Tá Mount Stewart cúig mhíle soir ó dheas ó Bhaile Nua na hArda ar an gcósta thoir de Loch Cuan. Tógadh an teach san ochtú haois déag agus cuireadh leis sa naoú haois déag. Tá na gairdíní ar na cinn is fearr sna hoileáin seo, mar a bhfuil bailiúchán de phlandaí tearca neamhchoitianta nach bhfuil a sárú le fáil.

Más fearr leat saoire níos gníomhaí tá na féidearthachtaí gan teorainn. Tá go leor caitheamh aimsire ar fáil san oíche freisin, bia agus siamsa den scoth. Mar sin, is cuma céard is rogha leat tá sé ar fáil agus fágfaidh tú an chuid seo den Dún le cuimhní pléisiúrtha. Breathnaigh ó thuaidh uait is luífidh do shúile ar chladaigh Loch Lao, dídean loingis agus foinse áthais agus aoibhnis do lucht saoire.

Soláthraíonn cósta an Dúin réimse mór suimiúil d'ionaid saoire ó shráidbhailte ciúine iascaireachta go dtí baile stairiúil Beannchar. Tá ionaid siopadóireachta den chéad ghrád agus láithreacha scíthe agus spóirt ar fáil freisin. Chomh maith leis seo tá buanna an nádúir, a fhágann go bhfuil teacht ag gach duine ar a rogha.

Breathnaigh soir uair ar mhuinigh bhoga na hAirde, leithinis ag síneadh léi ina méar fhada shámh d'ainneoin Muir Éireann. Léirítear stair an duine sa taobh seo tíre tríd an bheochloch Mhéisiliteach a fuarthas ag Loch Cuan, sna seomraí adhlaachta cloiche Neoiliteacha ag Cuan Millin, nó sna claimhte den Cré-umhaois ó Bhaile Chruacháin atá anois ar taispeáint san Ionad Oidhreacht a i mBeannchar.

Ar Chnoc Screabaí tá iarsmaí de chiorcail bhothán ón Iarann-aois ach is mó an cháil atá ar an gceantar as iarsmaí na n-áitreabh atá ann ó thúis na Críostaíochta. Is beag atá ina sheasamh de Mhainistir Bheannchair a bhunaigh Naomh Comhghall sa bhliain 555 agus a bhláthaigh mar cheann de na hionaid léinn ba thábhachtaí sa Chríostaíocht. Is fearr a sheasann Mainistir Mhaigh Bhile, ón séú haois chomh maith, agus a ndeirtear faoi gurbh é Naomh Finnian a thóg é. Ar oileán Mháchaol i Loch Cuan tá Naoidroim, an sampla is fearr de iamh agus fhoirgnimh mhanacúla Réamh-Normannacha sa chontae.

I Músaem Phobail agus Iompair Uladh i gCúl Trá tá réimse d'fhoirgnimh atógtha agus d'innill agus cóistí traenach chomh maith le modhanna eile iompair a thugann stair an dá chéad seo thart chun beochta.

Meabhraítear dúinn ré tionsclaíochta atá caite ag Baile Chóplainn mar atá muileann gaoithe ón ochtú haois déag atá ag feidhmiú inniu chomh maith is a bhí riamh. Sa cheantar seo, a bhfuil cáil an arbhair air, ní hiontas ar bith é teacht ar dhá cheann de na hóstáin is seanda in Éirinn, mar atá The Crawfordburn Inn, bunaithe sa bhliain 1614, agus Grace O'Neill's i nDomhnach Daoi a bunaíodh sa bhliain 1611. Idir Loch Lao agus Loch Cuan agus


san iliomad cnoc is coill eatarthu is iontach go deo an éagsúlacht ainmhithe is plandaí atá le feiceáil. Ar na fánaí taobh thiar d'Ard Mhic Nasca tá Páirc Redburn mar a bhfuil radharcanna áille le fáil thar Loch Lao go cnoic Chontae Aontroma. Ag Páirc Screabaí tá coiréil déanta a thaispeánann forbairt an chnoic óna bhunús dhá chéad mhilliún bliain ó shin. Is samplaí iad Páirc Chaisleán Bheannchair faoina bealach nádúrtha le líne crann ar an dá thaobh agus Páirc Bhaird lena bailiúchán d'éanlaithe fiáine – samplaí breátha iad de pháirc fhoirmiúil i lár baile.

Ar chladaigh Loch Cuan i gCaisleán Espie tá lárionad éanlaith seilge agus réisc, mar a bhfuil gach deis ag an mbreathnaitheoir éin a chaitheamh aimsire a chleachtadh. Trí fholaigh speisialta is féidir teacht an-ghar don bhailiúchán is mó in Éirinn d'éanlaithe fiáine. San fhoirgneamh láir tá seomra breathnaithe mar is féidir caife a ól agus taitneamh a bhaint as obair ealaíontóirí dúchasacha.

Mar a shiúlann tú ar chosán chósta Chontae an Dúin beidh na róna ag bogadail ar bharr an uisce le hamharc a fháil ort agus ag Rinn Bhaile Mhic Chormaic (atá faoi chúram Iontaobhais Náisiúnta na Breataine) is féidir teacht ar ghnéithe plandaí nach bhfeicfeá go minic. In Uisceadán Thuaisceart Éireann ag Port an Pheire tá taispeántas acu a léiríonn dúinn go nglactar le Loch Cuan agus an ceantar máguaird mar cheann de na lárionaid is tábhachtaí san Eoraip don fhiadhúlra.

Ach féach an méid atá ráite agam agus ní dheachaigh mé níos faide ná Loch Cuan. Tá an oiread sin le rá faoin gceantar álainn sin go dtógfaidh sé tamall eile orm!

Aontroim



*S*ula dtéimid ar aghaidh chuig Béal Feirste casaimis siar beagán, áit a dtiocfaimid ar Lios na gCearrbhach agus d’ainneoin ainm an bhaile ní chun airgead a chailliúint a dhéanfaimid moill ann ach chun eolas a charnadh.

Mar is ann atá an t-iarsmalann ina bhfuil Lárionad Línéadaigh na hÉireann. Tá cáil dhomhanda ar ár línéadach agus téann stair an tionscail siar na céadta bliain i gCúige Uladh. Anseo sa Lárionad tig leat páirt a ghlacadh san obair más scoitheadh nó sníomhadh is fearr leat nó b’fhéidir breathnú ar shaineolaithe an lae inniu mar a léiríonn siad a scileanna. Nó is féidir leat comhrá a dhéanamh leis na fiodóirí agus iad ag fí línéadaigh bhreá an Lárionaid féin. Beidh scéalta le hinsint acu – nach raibh an t-ainm sin amuigh ar gach fiodóir dár mhair riamh! Cuimhním féin ar Mhaidhc Ceannabháin thiar ar Chnoc na hAille agus ‘An luch a ghearr an píosa’, b’in amhrán agus scéal – agus scéal do lá éigin eile freisin. Isteach linn anois i mBéal Feirste agus sásófar tú sa chathair bhreá seo, mar a bhfuil gailearaithe ealaíne, amharclanna, coirmeacha ceoil, clubanna is tábhairní mar a mbíonn ceoltóirí de gach cineál le cloisteáil. Níl a fhios agam nach é is fearr a dhéanadh duine ná busthuras na cathrach a thógáil. Turas é seo a mhaireann trí uair an chloig go leith, agus ó

tharlaíonn nach bhfuil Béal Feirste róleithheadach mar chathair tugtar go leor ama do na turasóirí eolas a chur ar gach a bhfuil le feiceáil. Ní mór a rá anseo go bhfuil a carachtar féin ag gach cathair agus is cuma cén cleachtadh atá againn ar na bailte móra tá a bhlas féin le fáil againn ar amharclann, gailearaí, club, tábhairne ceoil, iarsmalann, nó rud ar bith atá le fáil i gcathair eile. Tá tithe ósta, leaba is bricfeasta, nó pé sórt compoird atá uait le fáil, den ardchaighdeán, i mBéal Feirste agus bhí cáil riamh ar na bialanna sa chathair sin.

Tharlódh gur mó ná aon lá is oíche amháin atá caite agat i mBéal Feirste ach ar aghaidh linn ó thuaidh le cósta Aontroma mar a gcasfaimid ar Charraig Fhearghais. Bíodh is go bhfuil muid ag canadh an amhráin den ainm céanna go ciúin linn féin ní féidir gan an caisleán Normannach a thabhairt faoi deara. Deirtear faoin gcaisleán gurb é an ceann is fearr sa tír trí chéile é. Go deimhin is suntasach an foirgneamh é ina sheasamh mar a bhfuil ar inis chreagach le hais an chuain le hocht gcéad bliain.

Fanfaimid le farraige go dtagaimid chuig Latharna, baile poirt agus ionad saoire. Tig leat bád a thógáil as seo agus in achar gearr beidh tú in Albain ach fágfaidh muid an tír álainn sin go fóill, mar tá muid anois ar bhóthar chósta Aontroma agus fáil againn ar na Gleannta. Na Naoi nGleannta a thugtar orthu ach dá ngabhfa thart le ríomhaire gheofa níos mó ná sin b'fhéidir, ach le ríomhaire nó gan ceann ní éireodh leat méadú ar an áilleacht a d'fhág an dúlra romhat is tú ag casadh isteach ó bhóthar breá Aontroma. Murar chuala tú cheana an t-amhrán, 'Gleannta Glasa Aontroma', is cinnte agus fonn maith ort gur beag ná go scríofa é ag breathnú duit ar an radharc saibhir os do chomhair amach.

Príomhchathair na nGleannta a thugtar ar Bhun Abhann Dalla, a shráideanna ag éirí go géar ó thaobh an ghleanna. I lár an tsráidbhaile tá Túr Turnely a tógadh sa bhliain 1809 ag an tiarna talún Turnely mar phríosún do dhaoine nach n-impródh iad féin mar ba mhaith leis siúd.

Bun Abhann Duinne an chéad bhaile beag eile ag bun Gleann Dhuinne. Is ceantar caomhnaithe é an sráidbhaile anois agus lonnaithe ann tá seomra tae den Iontaobhas Náisiúnta agus siopa féiríní. Taobh thiar d'abhainn na Duinne tá dhá theach ósta agus taobh thiar díobh siúd tá Pluaiseanna Bhun Abhann Duinne.

Tar éis casadh siar ag an mBinn Mhór fágaimid Oileán Reachlainn ina shuí ar deis uainn is sroichimid Baile an Chaistil.

Baile breá é seo agus ionad saoire ar mhian linn tamall a chaitheamh ann sula dtéimid beagán beag eile den bhóthar thart ar an mBinn Bhán nó go bpreabfaidh as talamh is farraige aníos chugainn ceann d'iontais an domhain, Clochán an Aifir. Rinneadh an damhnú iontach seo de cholúin phologánacha bhasailt trí fhuarú mall den laibhe a phléasc trí chrusta na talún. Is iomaí sin leasainm a thugtar ar chodanna áirithe de Chlochán an Aifir. Tá Orgán an Fhathaigh ann agus Cathaoir an Áidh, áit inár féidir sú isteach inti agus mian do chroí a iarraidh.

Ná fiafraigh díom an bhfuair duine ar bith mar d'iarr; go deimhin is fearr liom féin go mór an scéal faoi Fhionn mac Cumhaill. Deirtear gur shantaigh Fionn banphrionsa Albanach agus, ar ndóigh, ní raibh bád ar bith ar domhan sách mór chun é a thabhairt anonn. Céard a dhéanadh an fear bocht cráite ach tosú ar chasán a dhéanamh a shínfeadh go hAlbain soir.

Agus sin é an struchtúr a mbíonn an domhan ag déanamh iontais de anois! Caithfidh mé a rá nach bhfuil a fhios agam an bhfuair Fionn riamh mian a chroí!

Ag Muileann na Buaise tagaimid ar an stíl dleathach is seanda ar domhan. Beidh fáilte romhat isteach ag an drioglan iomráiteach. Cuirfidh tú eolas ar scileanna na stiléireachta agus fágfaidh tú Muileann na Buaise le blas cumhra ar do theanga agus meangadh gáire ar d'aghaidh.

Ag deireadh bhóthar chósta Aontroma sroichimid Port Rois, baile a mbíonn tóir ag lucht gailf air agus tóir ag lucht snámha ar na tránna áille thart air. Ó Phort Rois go Muileann na Buaise a rith an chéad tram leictreach in Éirinn sa bhliain 1883. Dúnadh an líne sa bhliain 1947.

Ó dheas go Baile Monaigh agus ná dearmad do shlat iascaigh a chrochadh leat, mar idir an Bhanna is an Bhuaise beidh rogha an rí agat. Agus nuair a shroicheann tú an Baile Meánach feicfidh tú go bhfuil na srutha is na haibhneacha thart ar an mbaile seo bog lán le héisc.

Tá Sliabh Mis gar dúinn anois, an áit a chaith Naomh Pádraig a chéad seal linn agus é ina sclábhaí. Tá daoine ar an mbaile seo a déarfadh leat nach ar an sliabh seo a chaith sé a óige ach ar an sliabh thall. Is nach mar sin a bhíonn na scéalta ag daoine faoi dhaoine cáiliúla?

Baile Aontroma mar a gcasann Abhainn na Sé Míle agus Loch nEathach ar a chéile an chéad stop eile againn. Baile ciúin álainn

é Baile Aontroma agus caithfimid an oíche ann. Go deimhin, agus cuairt Aontroma déanta againn luífimid go ciúin, tuirse an tsásaimh ag breith orainn.

Ard Mhacha



*Tá aon gheal-chontae in Éirinn
Le cuimhní tá glórmhar gan ghruaim
Ó bheirtear i gceartlár a chroí ann
Torthaí ár dtír' glais' go buan.*

Duine ar bith a raibh sé d'ádh air Bridie Gallagher a chloisteáil agus í ag teilgean 'Buachaillí Ard Mhacha' uaithi ag deireadh na gcaogaidí, tá an ceol is na focail greanta go buan ar a aigne is ar a chroí. Teach ar bith in Éirinn ina gceolfáí amhrán bhí an ceann sin le cloisteáil ann de bharr feabhas an oirfidigh óig as Tír Chonaill a phéac ina bláth úr as amhráin na ndaoine.

Ní call dom a rá libh gur in Ard Mhacha atáimid is go mbeidh tamall eile sula bhfeicimid a bhfuil ar fáil sa chontae stairiúil torthúil álainn. Ní mé nach é is fearr a dhéanfadh duine ná dul chuig an bhfoinse as a n-eascraíonn anam is croí na ndaoine ceolmhara spleodracha seo.

An Conchubhar nó Pádraig a bheadh i gceist agat mar fhoinse? Go deimhin nach i bhfad roimh bhreith Chríost a sheas Conchubhar ann, na filí is na gaiscígh ina línte gach taobh de. Ach ó tharlaíonn an chúirtéis mar phríomhfhéith na Rúraíochta fáiltimis roimh Phádraig is tugaimis tús áite dó.

'Mo chnocán aoibhinn,' a thug Pádraig ar Ard Mhacha agus thóg sé séipéal ar an gcnoc mar a sheasann an Ardeaglais Anglacánach anois. Is mó d'atógáil an naoú haois déag thart ar fhuílleach an tríú haois déag atá san fhoirgneamh seo. Tá Brian

Ború curtha sa reilig is ní gá a rá libh cén uair nó cén chaoi a bhásaigh an taoiseach sin.

Ardeaspag Robinson, an fear céanna agus a cheap an Réadlann, ba é siúd a bhunaigh leabharlann na hArdeaglaise sa bhliain 1771. I measc rudaí eile sa leabharlann tá cóip de *Gulliver's Travels* ceartaithe ina lámh féin ag Swift agus tá *Claims of the Innocents*, achainíocha d'Oilibhéar Cromail. Is costúil nár éist duine ar bith le Swift is nár éist Cromail le duine ar bith.

Ar an genoc thall tá an Ardeaglais Chaitliceach ar tosaíodh ar a tógáil sa bhliain 1840. Curtha sa reilig ansin tá an tAthair Tomás, staraí, fear teanga, Gael, Eorpach, taistealaí, amhránaí, comhluadar den scoth, an Cairdinéal Tomás Ó Fiaich. Is mura roinneann Brian is Tomás an reilig chéanna is fíor go mba iad a dhá sochraid ó Bhaile Átha Cliath go hArd Mhacha an dá shochraid ba mhó riamh is na daoine ina mílte ar dhá thaobh an bhóthair an bealach ar fad ó thuaidh. Bíodh go raibh naoi gcéad seachtó bliain idir an dá bhás.

Bogaimis linn ó thuaidh go Port an Dúnáin arbh áitriú tábhachtach é san am fadó, suite mar a bhí ar áth abhainn na Banna. Tógadh an chéad droichead in áit an átha ann sa bhliain 1708 agus le tógáil Chanáil an Iúir sa bhliain 1740 rinneadh baile maith rathúil de Phort an Dúnáin. Línéadach agus torthaí an gnó is mó a fhágann na bainc teann ar an bPort sa lá atá inniu ann. Mealltar iascairí anseo as gach tír san Eoraip chuig na comórtais mhóra sa Phort agus fáiltíonn lucht gnó an bhaile roimh an ngníomhaireacht.

Soir uainn píosa tá An Lorgain mar a dtugaimid cuairt ar uaigh Master McGrath, an chú iontach a bhuaigh Corn Waterloo sna blianta 1868, 1869 agus 1871. Ba leis an Tiarna Lorgan an gadhar galánta ach ba é Seán Breathnach an traenálaí, an fear a choinnigh cóir agus ceart an Mháistir lena raibh i Londain de ghadhair, dubh, bán agus breac, a chloí is a fhágáil ar gcúl. Rinneadh bailéad cáiliúil den éacht an t-am sin a bhí ar bhéal gach amhránaí in Éirinn. Go deimhin chualathas á chanadh é i mbliana ar Fhéile na gCon i gCluain Meala.

Imrítear cluiche sa chontae seo a gceapfaí, b'fhéidir, go raibh cóipcheart ag muintir Chorcaí air. An cluiche bolláí atá i gceist agus is minic duine de 'Bhuachaillí Ard Mhacha' ina churadh náisiúnta.

In oirthuaisceart an chontae tá an tír a dtugtar Úllord na hÉireann air. Sa seachtú haois déag tháinig cuid mhaith de na

háitritheoirí anseo as Worcestershire, Sasana, agus leag siad amach na húlloird ar an bpatrún céanna is a bhí acu thall. Ardú croí do dhuine ar bith an lá i mí Bealtaine a dtugtar Domhnach na mBláth Úill air. Tá gach crann faoi bhláth, an ghrian á gcothú, na beacha á bpailniú is tá boladh cumhra ar an aer.


Tamaillín gearr ó chathair Ard Mhacha casaimid leis an dún ar chnoc, Eamhain Macha, is fillimid ar Chonchubhar, ar na laochra is na gaiscígh. Ar Eamhain Macha duit tá an contae ar fad ag síneadh ó dheas uait chomh fada le Sliabh gCuillinn. Le radharc na súl nó neart na samhlaíochta tig leat an tír chnocánach ghlas a shú isteach is a choinneáil i do chroí don lá sin nach mbíonn tú róshásta leis an saol.

Is ea, leigheas ar an uaigneas an radharc atá romhat anois is beotar duit gach rann den Rúraíocht ba shó leat le léamh. Chaith mé féin tamall ar Eamhain Macha le Risteárd Ó Glaisne lá agus ní fhéadfainn a rá leat, mo lámh ar an mBíobla, nach bhfaca mé Cú Chulainn an lá sin ann, a fheabhas is a bhí Risteárd ag ríomh na ngaiscí.

Is nach deacair imeacht ón gcontae seo. B'fhéidir gur fearr an deireadh a fhágáil ag Bridie Gallagher ó bhí an tús aici.

*'S nach cuma dom cá siúlaim
Trí bhaillte móra breá'
Tá mo chroíse fanta in Éirinn
I gContae breá Ard Mhacha.*

Tír Eoghain



*F*ágfaimid iascairí Loch nEathach ag líonadh na mbád le heascanna is bímis sásta go sásófar goile na bPárasach maidin amárach de bharr a saothair. Siar linn go dtagaimid go Dún Geanainn. Tógadh an baile ar chnoc mar a raibh an dún ar chónaigh Geanann, mac Draoi, ann.

An t-am a mhair Muintir Uí Néill i réim i gCúige Uladh b'as Dún Geanainn a riar siad an Cúige. Sa bhliain 1542 ghéill Con Ó Néill do na Sasanaigh agus ghlac sé leis an teideal Iarla Thír Eoghain ón ochtú Anraí. Tar éis imeacht na nIarlaí díoladh an teideal le fear darbh ainm Thomas Knox sa bhliain 1692. Earraí fite is mó is gnó de Dhún Geanainn sa lá atá inniu ann.

Ó thuaidh uainn tá An Chorr Chríochach, baile aonaigh agus lár breá leis na Spéiríní a thaiscealadh. Tá iarsmaí meigiliteacha fairsing sna sléibhte seo. Tá príomhshráid ar leith sa Chorr Chríochach atá 130 troigh ar leithead agus a dhíríonn i dtreo Shliabh gCillín. Theastaigh ó na Stúobhartaigh a dhear an baile go mbeadh príomhshráid ann a chuirfí i gcomórtas le sráideanna Bhaile Átha Cliath. Tá an tsráid 1¹/₄ míle ar fhaid agus athraíonn a ainm ocht n-uaire faoi bhealach, ainm amháin acu seo Príomhshráid.

Ar an taobh thiar den phríomhshráid tá spuaic Shéipéal na Tríonóide Naofa a tógadh sa bhliain 1855 agus a dhear J.J.

McCarthy. Ar thaobh eile na sráide tá Séipéal Dhoire Luran a tógadh sa bhliain 1822. Ba é John Nash a thóg an túr, an fear céanna a thóg Caisleán Killymoon taobh thiar den chlub gailf. Sa bliain 1803 a tógadh an caisleán ar chostas £80,000. Is féidir cuairt a thabhairt ar an gcaisleán ach ní mór socrú a dhéanamh roimh ré.

Siar linn go dtagaimid chuig An Ómaigh, baile an chontae agus an baile a dtagann dhá abhainn le chéile ann, an Chamabhainn agus an Dromrach, leis an abhainn leathan, an tSrúill, a dhéanamh. Baile aonaigh rathúil An Ómaigh agus ón áit a dtagann an dá abhainn le chéile síneann an phríomhshráid suas cnoc chuig teach na cúirte nuachlasaiceach a tógadh sa bhliain 1814. Taobh thiar de ar mhullach an chnoic tá ceithre shéipéal, Caitliceach, Eaglais na hÉireann, Preispitéireach agus Modhach. Fágann an cruinniú seo de sheipéil chomh gar sin dá chéile go mbíonn sé deacair ar dhuine áit pháirceála a aimsiú maidin Domhnaigh. Is iad dhá spuaic Shéipéal an Chroí Ró-Naofa príomhphointe suntasach an bhaile.

Ó chuan glas ar bhruach na habhann a dtugtar 'Dídean Gráthóirí' air is féidir bradán a fheiceáil ag léimneach le fuinneamh is na corra réisc ag spágáil. Tá boird agus binsí chun coisire ann agus siúl sámh cois abhann.

Cúig mhíle ó dheas ón Ómaigh tá Seisceann Odhar mar a bhfuil 500 acraí d'fhoraois. Sa choill seo tá ceann de na feirmeacha géim is mó san Eoraip. Chomh maith le piasúin agus lachain agus éin eile na tíre tá bailiúcháin éan ag Seisceann Odhar nach bhfeicfear go minic. Tá cineálacha caorach anseo freisin nach bhfeicfeá ar aonach.

Tuairim is sé mhíle ó thuaidh ón Ómaigh tá an Pháirc Phobail Ultach-Mheiriceánach. Anseo tá iarsmalann amuigh faoin spéir a léiríonn trí radharcanna agus fuaimeanna an imirce mhór chuig Meiriceá Thuaidh as Cúige Uladh i rith an ochtú is an naoú haois déag. I gceartlár na páirce tá an teach ceann tuí ar rugadh Thomas Mellon ann sa bhliain 1813. Tugadh é siúd go Meiriceá nuair a bhí sé cúig bliana d'aois. Bhí saol an-éiritheach aige ann. Rinneadh giúistis de agus níos moille, mar bhaincéir, thóg sé impireacht mhór ghnó. Chuir mac leis, Andrew Mellon, go mór le tógáil Pittsburgh, an baile mór cruach.

Tá Ailéar Long agus Cé sa Pháirc Phobail mar a bhfuil macasamhail de ché ar imigh imircigh as Éirinn uaidh agus anseo


tá macasamhail lánscála de long dhá chrann den naoú haois déag ar nós an *Union* a thug muintir Mellon anonn go Baltimore sa bhliain 1816. Chuir muintir Mellon go mór le tógáil na Páirce Pobail.

Baile maith gnó é An Srath Bán agus is é an bealach siar ó thuaidh é isteach go Tír Chonaill. Ritheann an phríomhshráid díreach trasna an ghleanna go Leifear sa chontae sin. Bunaíodh ceird an línéadaigh sa Srath Bán san ochtú haois déag agus fós féin déantar léinte agus bónaí ar an mbaile. Gar don phríomhdhroichead tá Gray's Printers, an t-aon ghnó clódóireachta atá fágtha as deich gcinn nuair ba lárionad clódóireachta an baile san ochtú is sa naoú haois déag. An t-am sin bhí dhá nuachtán á gcur i gcló anseo freisin.

Rugadh John Dunlop, an fear a chuir Forógra Saoirse Mheiriceá i gcló, sa Srath Bán, sa bhliain 1746. Ba é a d'fhoilsigh an chéad nuachtán laethúil Meiriceánach, *The Pennsylvania Packet*, agus deir siad gur in Gray's Printers a fuair sé a chéad taithí sa ghnó. Deirtear gur oibrigh James Wilson le Gray's chomh maith sular thóg sé an bád go Meiriceá sa bhliain 1807. Ba sheanathair an James Wilson céanna le Woodrow Wilson, Uachtarán na Stát Aontaithe idir 1913 agus 1921.

Agus leis an spléachadh sin ar Thír Eoghain tógfaidh mé bog anocht é sa Srath Bán, baile fáilteach nach gcuirfear deifir chun na leapa orm anocht ann.

Doire



Ar maidin buailimid isteach go Doire Cholm Cille, cathair sheascair ina suí go teann ar bhruach an Fheabhail. Thóg Colm Cille a mhainistir anseo sa séú haois. D'fhás an mhainistir i gclú is i neart ach mheall a saibhreas na Lochlannaigh agus thart ar an deichiú haois ghaibh siad an áit. Caitheadh na Lochlannaigh amach arís i rith an dara haois déag. Bhí stair chorrach ag an dún a thóg na Sasanaigh ann is ag an mbaile a d'fhás thart air.

Scríosadh an dún is an baile sa bhliain 1608. Dheonaigh an Chéad Séamas an t-iomlán mar a bhí do Chumann Gaelach London a thosaigh ar a atógáil is ar a dhaingniú. Críochnaíodh an obair sa bhliain 1618 ar chostas £8,000. Sheas na ballaí nua gan briseadh in aghaidh ionsaithe sna blianta 1641, 1649 agus 1689. Sheas an léigear Seacaibíteach 105 lá idir 1688 agus 1689 nó gur briseadh an barra trasna an Fheabhail. Seasann na ballaí go dtú an lá inniu.

Tugtar an-aird ar fad ar chúrsaí na healaíne anseo i nDoire. Deirtear nár rugadh duine ar bith riamh ar an gcathair seo nach raibh in ann amhrán a rá nó ceol a bhaint as uirlis éigin. Meallann Feis Dhoire ceoltóirí óga ó gach cearn den tír agus bítear ag súil go mór léi. Tá cáil ar leith ar chomórtas na gCór agus bíonn cáil mar an cór is fearr sa tír ar an gcór a bhíonn chun tosaigh sa chomórtas seo.

Fear óg amháin a tháinig chun tosaigh sa chomórtas teanór ba ea Seosamh Mac Lochlainn. Go gairid i ndiaidh an corn a bhaint i bhFeis Dhoire bhí Seosamh ag canadh Puccini san Olympia i mBaile Átha Cliath. Deirfiúr dom a thug dom an t-airgead le dul

isteach ar an tram (leath-phraghas mar bhuachaill scoile) agus suas chun an lochta (a dtugaimis na ‘déithe’ air) agus ar naoi bpingine taitneamh a bhaint as ‘matinée’ an tSathairn. Dearmad go brách ní dhéanfaidh mé ar shaibhreas an ghlóir óig sin a líon an amharclainn go réidh gan gairbhe. Chuirfeadh an domhan Sasanach, BBC agus Blackpool, agus an domhan Meiriceánach, Las Vegas, aithne air mar Josef Locke, leagan rómánsúil dar leo mar chomharba ar Richard Tauber. Ba é an t-aisteoir ba mhó pá é i Sasana an t-am sin agus tar éis tuarastal Las Vegas níor fhéad sé canadh in áit ar bith ar airgead ba lú.

Anois nach bhfuair mise luach mo naoi bpingine an tráthnóna Sathairn sin i lochta an Olympia nuair a theilg Seosamh Mac Lochlainn, gan miocrafón, gan cabhair leictreach, a ghlór úr oirirc uaidh. Chuir sé croí bhuachaill scoile ar snámh an lá sin ar mhuir rachmasach an cheoil.

‘An Baile is Ansa lem’ Chroí’ a thug mac eile Dhoire ar a chathair dhúchais. Phil Coulter a chuir an t-amhrán sin á chanadh. Chuir pobal an cheoil aithne ar Phil is theastaigh a thuilleadh uathu. Thug sé go fial le coirmeacha ceoil, téipeanna is dlúthdhioscaí agus sheas an t-éileamh nó go raibh gach ar dhein sé á cheannach ag an bpobal. Fáiltítear roimhe i gcónaí ar ardán is ar teilifís.

Tháinig Brian Friel ar an láthair is chuir sraith drámaí ar an stáitse. Is oíche mhór amharclainne gach céad oíche ag dráma le Brian agus bíonn Amharclann na Mainistreach buíoch de go minic. Líonann sé teach ar bith i Londain is Nua-Eabhrac nó bhí ar a laghad uair amháin dhá dhráma leis ar siúl ar Broadway ag an am céanna. Tar éis an méid atá scríofa aige bíonn súil i gcónaí ag an bpobal le hobair nua uaidh.

Má luaigh mé fathaigh na healaíne níl spás anseo agam chun ainmneacha na bpéintéirí, na bhfilí is na n-ealaíontóirí eile a bhfuil sráideanna Dhoire breac leo a ríomhadh. Go deimhin níor mhór do dhuine bheith i láthair ag ceann den iliomad féilte a cheiliúrtar sa chathair chun spleodar na hócáide a bhrath. Agus ní féidir Cathair Dhoire a fhágáil gan tagairt a dhéanamh do ‘Aer Dhoire’, fonn a cheoltar ar fud an domhain. Is fearr liomsa a chreidiúint gur Bunting a bhailigh é ach ní lia duine ná scéal faoi ach más suim le duine ar bith is fearr liom féin ‘Maidin i mBéarra’ ná focail ar bith eile a cuireadh leis.

Fágaimid Doire is gluaisimid soir i dtreo Machaire Rátha. Ar dheis faoi bhealach uainn tá na Speiríní, gach spota bán orthu ina

chaora chiúin ag innilt go sámh. Tógadh an séipéal i Machaire Rátha san deichiú haois ar shuíomh mhainistir Naomh Liúrach a tógadh sa séú haois. Úsáideadh an séipéal mar shéipéal paróiste go dtí tús an naoú haois déag. Tá túr ann ón seachtú haois déag agus doras ón dara haois déag atá maisithe le gréasana bláfara agus ainmhithe snoite. Os cionn an dorais tá lindéar mór agus an Céasadh snoite ann. Is féidir eochair an tseanséipéil a fháil san ionad chaitheamh aimsire i lár an bhaile. San naoú haois déag ba bhaile fíodóireachta é Machaire Rátha agus tá iarsmalann fíodóireachta acu san *'Middle House Museum'* mar a bhfuil earraí fite agus inneallra a bhaineann leis an gceird ar taispeáint.

Téimid ó thuaidh ó Mhachaire Rátha go Cúil Raithin. Tagaimid ar áitriú anseo ar chónaigh daoine ann 7,000BC. Ar shuíomh séipéil den chúigiú haois is ea tógadh Séipéal Naomh Pádraig d'Eaglais na hÉireann sa seachtú haois déag. Míle ó dheas ón mbaile tá tulach fhéarmhar 200tr ar airde atá folamh ina lár. Sa dara haois déag ba dhaingean Angla-Normannach é agus úsáideadh chuige sin é go dtí an seachtú haois déag ó bhí radharc an-mhaith uaidh suas agus síos an abhainn. Tá ollscoil i gCúil Raithin. Tá bádóireacht ar an abhainn agus tá cáil ar an mBanna as saibhreas na mbradán inti.

Ag machnamh dom ar na nithe fabharacha seo ar fad b'fhéidir nach fearr a dhéanfadh duine ná bheith istigh cluthar a lorg dó féin is an corp a shíneadh.

Fear Manach



*M*á deirim go dtarlaíonn Fear Manach thart ar Loch Eirne maithfear dom óir ní mise amháin a mealladh ag an Eirne a dhéanann dhá loch is abhainn is go seasann ar oileán idir an dá loch sin Inis Ceithleann príomhbhaile an chontae.

Nach iomaí sin file a thagair don bhealach uisce álainn seo, gan é fheiceáil, is nach raibh seanchaint i nDún Laoghaire ag daoine nach bhfaca riamh an spéir os cionn an locha – ‘d’ólfadh sé Loch Eirne úrim’ – le hiontas faoi ghoile pórtair duine bhoicht éigin.

Cúpla bliain ó shin athosclaíodh an ceangal idir an Eirne agus an tSionainn is nár bhreá duit lá ar bith amach anseo, feabhas ar an aimsir, comrádaí leat, soitheach sásúil fúibh, droim casta le Baile Átha Cliath agaibh agus siar ó thuaidh go hInis Ceithleann libh. Agus féach an turas breá bheadh romhaibh trí chroílár na hÉireann, seoda Laighean, Chonnacht is Uladh le taisceáladh agaibh agus fáilte is fiche romhaibh sna bailte beaga cois abhann.

Ar chúis nach doiléir ní bhréagnóinn an té a déarfadh liom go bhfuil os cionn 150 oileán ag maisiú Loch Eirne arae nár casadh oraibh féin an t-eolaí a mhionnaigh daoibh go raibh oiread oileán ar an gCoirib is atá laethanta sa bhliain. Ní féidir liom a rá libh cé mhéid leagan a chuala mé faoi Loch Léin is a chuid oileán nó faoina liacht sin loch sa tír atá breac ballach le hoileáin. Ach nach in é an seanchas. Bíonn na heolaithe seo chomh dáiríre sin gur fiú ésteacht leo. Ach ní mór a rá faoi Loch Eirne go bhfuil an lon, an breac is an bláth, ag ceol, ag bogadaíl is ag fás ar fud an bhealaigh.

Agus is cuma cá mbíonn tú ar an loch gluaiseann na healaí leo go grástúil gan breathnú ort, ar neamhchead duit.

Ar na hoileáin, is é Daimhínis is suimiúla b'fhéidir. Le linn na Meánaoise bhí sraith mainistreacha ar Loch Eirne. Ar Dhaimhínis tá clogás den 12ú haois a n-úsáideadh na manaigh é mar thúr faire chomh maith. Ar an oileán seo freisin tá séipéal beag ón aois chéanna agus fothrach de mhainistir Agaistíneach. Ar Inis Badhbha tá íol ceilteach ón gcéad aois, dhá éadan ag breathnú gach bealach. Gar dó seo tá íol níos lú a bhfuil dhá liopa lána ar an dá éadan agus a bhfuil na lámha orthu níos raimhre, is ceaptar dá réir sin gur íol bainneann é.

Ag breathnú síos ar an Loch Íochtarach tá fothrach Chaisleán na Tuláí a tógadh sa bhliain 1613 don phlandálaí Sior John Hume ar thalamh a goideadh ó mhuintir Mhag Uidhir. Oíche Nollag 1641 thug Ruairí Mag Uidhir faoin gcaisleán lena chuid talún féin a athghabháil. Maraíodh a raibh sa chaisleán ach fágadh muintir Hume slán. Dódh an caisleán is níor cónaíodh riamh arís ann. Is féidir, áfach, cuairt a thabhairt air agus ón gcéad urlár tá radharc álainn le fáil ar an loch is ar na hoileáin. Siar linn ansin go dtagaimid go Béal Leice a bhfuil cáil fhairsing ar an bpotaireacht iontach a dhéantar ann.

Ba é John Caldwell Bloomfield sa bhliain 1857 a chuir tús leis an ealaín ann. Feirmeoir a bhí ann agus b'iontach leis an dath is an snas a bhí ar bhallaí thithíocht an eastáit. Tháinig sé ar an dá mhianach sa talamh a ba chúis leis sin agus ar an gcaoi sin tháinig potaireacht Bhéal Leice ar an saol. Bhain sé leas as an abhainn le sruth muilinn a cheapadh a chasfadh an roth leis na comhábhair a mheilt a dhéanfadh an chré leachtach. Tógadh bóthar iarainn ann chun gual a iompar isteach le haghaidh na dtornóga agus chun na táirgí a iompar amach. Ba ghearr go raibh clú agus cáil ar photaireacht Bhéal Leice agus fuair an táirge tuilleadh poiblíochta nuair a bhronn an Ríon Victoria foireann tae dá dhéantús ar chlann ríoga na Gearmáine.

Ó thuaidh uainn tá Paiteagó agus duine ar bith a thug pionós Loch Dearg air féin ba é an ceangal deiridh é leis an mórhír ar imeacht dó agus an chéad cheangal é ar fhilleadh dó.

Ba go Lios na Scéithe a tháinig an chéad dream daoine agus b'as Cúige Laighean iad. Fir Manach a tugadh orthu agus b'as sin a baistíodh an contae. Mhair muintir Mhag Uidhir anseo go dtí 1590 nuair a b'éigean dóibh bualadh siar go hInis Ceithleann leis

na tailte a bhí ansin acu a chosaint. Is beag atá le feiceáil de sheanstair an bhaile agus is ón naoú haois déag amháin an chuid is mó de na foirgnimh shuimiúla.

Sa bhliain 1821 cheannaigh an chéad Iarla Eirne an baile ar £82,500. Tógadh crois an mhargaidh ar fhaiche an mhargaidh sa bhliain 1841 ag an dara hIarla Eirne chun ceannaithe a mhealladh chun an mhargaidh. Ceanglaíodh an chrois seo ar iarsma seanchroise ón 9ú haois. Tá Ádhamh is Éabha greanta ar an tseanchrois agus ceaptar go dtáinig sé ó oileán éigin i Loch Éirne.

Aodh Flaithiúil Mag Uidhir a bhí i gceannas in Inis Ceithleann sa chuigiú haois déag. Le teacht na bplandálaithe rinneadh buntús baile agus dún firth-sheacaibíteach de. I gCaisleán Inis Ceithleann tá dhá iarsmalann, ceann acu ag taispeáint sean-stair an chontae agus an ceann eile is iarsmalann mhíleata é. Trasna an droichid ón gcaisleán tá Portora Royal School, a bhunaigh Séamas I sa bhliain 1608. Orthu siúd a fhreastail ar an scoil seo bhí Samuel Beckett agus Oscar Wilde.

Ach féach, tá comhrac lae is oíche fógartha cheana is clisfidh an solas arís. Nach mithid dom lóistín oíche a lorg. Ach ní fhágfad an áilleacht seo uile gan véarsa....

*A chontae bhinn tá glas le brí
Gur bhaist an Eirne anamúil ghroí
Lon, breac, blátha cuí.
Shaibhrih mo bheo, mhisnigh mo chroí.*



*Is grá geal mo chroí thú
a Thír Chonaill, a stór,
I do luí mar a bheadh seod glas
san Fharraige Mhór.*

Agus an té a shiúlfadh cósta an chontae fairsing áirithe seo ó Bhun Dobhráin go Loch Feabhail nach gceapfadh sé, cúr na dtonn ar a bhuataisí, go raibh an tAtlantach ar fad treafa aige is nach furasta tuiscint dó. Is céard d'fheicfeadh an taistealaí seo faoi bhealach? Nach bhféadfadh sé ag Bun Dobhráin i lár an tsamhraidh na mílte ag baint suilt is sásaimh as spórt na farraige ar an trá is glaine san Eoraip, deir siad.

Béal Átha Seanaidh, daingean uair do chlann Uí Dhónaill, an chéad bhaile eile roimhe nuair a threasnódh sé abhainn na hEirne. Leathmhíle amach ar bhóthar Ros Neamhlach tá fothrach

mainistreach. Na Cistéirsigh a lonnaigh anseo sa dara haois déag agus a thóg ann freisin dhá roth uisce. Cuireadh caoi ar na rothaí seo le gairid agus is uathu a fhaigheann an t-ionad oidhreacht a chuid cumhachta agus b'fhéidir corrphaidir ó na manaigh a chuir ann an chéad uair iad. Tar éis imeacht na nIarlaí fágadh Caisleán Dhún na nGall gan cosaint agus deonadh ar Sior Basil Brooke é sa bhliain 1607. Tugtar síos do Dhún na nGall gur ansin atá an lár-bhaile nó an 'diamant', mar a thugtar air, is breátha sa tír. Ó dheas ón mbaile tá fothrach Mhainistir Dhún na nGall a thóg bean Aoidh Rua Uí Néill. Ghabh na Sasanaigh an mhainistir sa bhliain 1601 agus trí phléascadh púdair loiteadh an chuid is mó di. Ba sa mhainistir seo a thosaigh na Proinsiasaigh ar thiomús Annála na gCeithre Máistrí, stair ollmhór na hÉireann a théann siar daichead bliain roimh an Díle. Críochnaíodh an tseoid iomráiteach seo idir 1632 agus 1636.

Siar linn go dtí na Cealla Beaga is más suim leat an iascaireacht, ní slat is dorú ach tionscal, sásófar anseo tú ar an gcéad amharc. Ní báid ach longa a bheidh romhat ag éirí amach chomh mór sin as an uisce is go mba bhaol stangadh muiníl duit breathnú ón gcé suas ar an gcaiptín. Níor cuireadh na soithigh seo ar an bhfarraige gan infheistiú an-mhór agus is mór an moladh do chreideamh na ndaoine sin san iascaireacht é. Léiríonn sé freisin, ar ndóigh, chomh domhain is atá an ealaín i bhfuil agus i gcnámha mhuintir na gCealla Beaga. Tá deich monarchana iascphróiseála ar an mbaile agus braitheann tú cuisle na hoibre ar gach taobh.

Tá iascairí i dTeileann chomh maith agus an Ghaeilge le cloisteáil siar isteach go Gleann Cholm Cille. Ar 9 Meitheamh, Lá Fhéile Cholm Cille, bíonn oilithreacht mhór sa ghleann mar a siúlann na sluaite an trí mhíle go leith cosnócht ag tosú ag meán oíche agus ag críochnú le héirí na gréine. Tugann na hoilithrigh cuairt ar na cúig scrínte déag sa ghleann. Is le mórmheas a chuimhníonn na daoine ar an Athair Séamas Mac Duibhir a ndearnadh sagart paróiste de i nGleann Cholm Cille sa bhliain a caoga, nuair nach raibh leictreachas sa Ghleann is go raibh an imirce forleathan ann. Chuir an tAthair Mac Duibhir monarcha phróiseála glasraí agus gnó meaisínchriotála ar bun agus chas eacnamaíocht an Ghleanna thart ar fad.

Ná déan mar a rinne mise agus tabhairt faoi na Rosa tar éis meán oíche. An Clochán Liath a bhí uainn is nuair a bheadh an

baile sin bainte amach againn bheadh Árainn Mhór ar clé uainn is níor thada an chuid eile den bhóthar go Gaoth Dobhair. Nach saonta a bhí mé agus mé beagnach caillte sna cuasa beaga uile a casadh dom. Ní mé ar dúradh liom, an lá dár gcionn ar ndóigh, go raibh oiread cuasa ar an mbealach cealgach sin is atá seachtainí sa bhliain nó laethanta sa bhliain nó céard (táimid ar an obair seo arís). Ach tá a fhios agam cinnte nach ndúirt aon oilithreach sa Ghleann oiread paidreacha is a dúirt mé féin an oíche dhorcha sin. Ach céard a bhí agam de bharr m'íobartha ach Cósta Óir na Gaeilge; ceol, filíocht, seanchas, rúraíocht, fiannaíocht, damhsa is comhlúadar seascair caoin.

Déan cúirtéis le Toraigh ag casadh soir duit ag Cnoc na Fola nó tá bád ar fáil más áil leat an t-achar gearr a thrasnú is tamall a chaitheamh ar an oileán cairdiúil sin. Beidh an Earagail ag coinneáil súile ort ar do bhealach tríd an bhFál Carrach agus tríd an gCraoslach, ní áirím nach seasfá sna bailte seo leis an sceadamán a réiteach ar shlí éigin. Pé rud a dhéanann tú, is gearr go sroichfidh tú Carraig Airt is na Dúnaibh, is Rosapenna, mar a bhfuil galf agus Gaeilge.

Ach d'fhágfainn an cósta saibhir' seo gan a bheannacht mura meabhróinn daoibh Cáit Ní Ghallchóir as Dobhar Láir a sheas ar stáitse an Olympia i mBaile Átha Cliath, ina bean óg, bonn óir an Oireachtais ina póca, is a chan go caithréimeach 'An Mhaighean Mhara'. Greamaíodh den suíochán an oíche iontach sin mé is saoraíodh mo shamhlaíocht allta. Tamall gearr i ndiaidh an iontais sin tharla dom bheith i gCarraig Airt de bharr réiteach argóna i halla snúcair i nDún Laoghaire, ach sin scéal eile do lá eile. Sa chomhlúadar ceathrair an lá sin i gCarraig Airt bhí táilliúir bodhar a raibh carr aige, seilbh nach minic na laethanta sin. Ba ghearr gur bhaineamar Dobhar Láir amach. Ar chúl an tí ina suí cois srutháin ag cíoradh a foilt bhreá gruaige tar éis a nite bhí Cáit Ní Ghallchóir. Go cúthalach chan sí dúinn 'An Mhaighdean Mhara', 'Coinleach Glas an Fhómhair' agus amhráin mhóra eile is nach sinne a bhí buíoch di.

Bhí an ghrian fós ag taitneamh nuair a bhrúmar ceathrar doras Thigh Stratford isteach ach bhí an ghealach ina háit nuair a thógamar bóthar Charraig Airt abhaile. Tar éis gach amhrán dá ndúradh Tigh Stratford an lá sin ba é 'An Mhaighdean Mhara' cois srutháin is mó a chuaigh i bhfeidhm orm is a rinne suantraí dom an oíche sin.

Idir Bun Cranncha agus Cionn Mhálanna, an pointe is faide ó thuaidh sa tír, tá Inis Eoin. Ar bhailte eile ar an Inis tá Cara Domhnach, Málainn, Bun an Phobail – ach ní thig leat cuairt a thabhairt ar Inis Eoin gan Grianán Aileach a bhreathnú. Tógadh an Grianán roimh aimsir Chríost is le teacht na Críostaíochta bhí deireadh leis na draoithe is a ndeasghnátha. Ar an gcnoc seo bhí cónaí ríoga mhuintir Uí Néill nuair a rialaigh siad Cúige Uladh. Scriosadh an Grianán go minic de bharr cogaíochta ach deisíodh go hiomlán é ag deireadh na haoise seo thart agus tá taitneamh is tairbhe le baint as cuairt a thabhairt air.

Táimid anois i Leitir Ceanainn, príomhbhaile sibhialta agus eaglasta an chontae. Ar Ardeaglais Naomh Adhamhnáin tá spuaic 125tr., ceann de na spuaiceanna is airde sa tír. Tá an phríomhshráid trí cheathrú míle ar fhaid agus is beag sa tír is faide ná sin.

D'inis seanfhear dom i Leitir Ceanainn gur glaoth Loch Súilí i ndiaidh ollphéist allta Súileach a thug faoi Cholm Cille lá go raibh an naomh ag siúl ar aghaidh ag smaoineamh ar chúrsaí an chreidimh. Rinne Colm Cille dhá leath den ollphéist lena chlaidheamh ach d'ionsaigh an dá leath é ach rinne sé smidiríní den dá leath. Ansin nigh an naomh a chlaíomh sa loch á rá, as sin amach go nglanfadh an t-uisce sin gach fearg den saol mar a ghlan sé fuil Súilí dá chlaíomh.

Idir ghleannta is shléibhte is álainn Tír Chonaill ach ná himigh gan tamall a chaitheamh i nGleann na Finne i gceartlár an chontae. Fágaimis an focal deiridh ag an bhfile –

*Is bhí éisc na Finne ag léimrigh
Le pléisiúir mar bhí sí ann.*

An Cabhán



Fite trí chnocáin tá aibhneacha, srutháin, riasca is locha agus sin iad na comhábhair a dhéanann taobh tíre uisciúil caoin d'oirthear an Chabháin. Ba iad na hoighearshruthanna caoga míle bliain ó shin a shnoigh na cnocáin is a d'fhág go taismeach mar shuíomh chosanta iad ag na céad-áitreoirí. Tá ráthanna agus tuamaí cloiche líonmhar thart anseo freisin. Ba iad muintir Uí Raghallaigh is muintir Mhac Shamhráin an dá chlann ba thábhachtaí sa chontae agus chuaigh siad i leith Uí Néill is Uí Dhónaill le brú na Sasanach a chosc. Tar éis bhriseadh Chionn tSáile thaobhaigh siad le hEoghan Ó Néill agus dhíol siad go daor as a seasamh.

Le linn Phlandáil Uladh sa seachtú haois déag deonadh talamh i gCoill an Chollaigh do chlann Bailie as Albain agus bhunaigh is bhaist siad Bailieborough. Ar nós go leor bailte plandála eile tá príomhshráid leathan ann a bhfuil séipéal Protastúnach ag ceann amháin di agus teach aonaigh ag an gceann eile, siombailí den tsochaí phlandála. Ar aghaidh an tséipéil Phrotastúnaigh tá an Ardeaglais Chaitliceach a atógadh agus a leathnaíodh sa bhliain 1942. San Ardeaglais tá Turas na Croise leis an ealaíontóir George Collie (1904-75).

Sa bhliain 1629 thóg muintir Bailie caisleán ar thaobh an locha siar ó thuaidh den bhaile. Níl tada fágtha den chaisleán anois agus

ina áit tá log cóisire coillteach. ‘Loch an Chaisleáin’ a thugtar, go híorónta, ar an réimse uisce seo. B’fheirmeoirí tionóntachta ar eastát na mBailie sinsear an úrscéalaí Henry James sular thug siad an tOileán Úr orthu féin. Thug athair Henry James cuairt ar an gCabhán le casadh lena ghaolta agus deireadh sé go minic ina dhiaidh sin go raibh gach doras ar phríomhshráid Choill an Chollaigh ar oscailt is uisce beatha ar bhord i ngach teach ann. Má théann tú ann is má bhíonn díomá ort, ná cas liomsa é.

Leis na céadta bliain tá daoine ag teacht chuig Dún an Rí le cuairt a thabhairt ar an tobar beannaithe, Tobar na Splince. Tá páirc choille anseo de 565 acraí a bhfuil go leor cosán léirmharcáilte agus siúlóidí nádúir ann. Tá an choill beo beathach le héanlaithe is le hainmhithe, an giorria is an t-iora rua ag goid d’aire óna chéile.

Tamall uainn tá Droichead Shorcha a tógadh sa bhliain 1801 ag a clann i gcuimhne Sorcha Pratt. Deirtear linn go raibh Sorcha ag casadh leis an bhfear céanna ar sheandroichead ar feadh tríocha bliain nó oíche amháin gur luaigh sé pósadh léi go tobann. Bhí oiread iontais ar Shorcha bhocht is gur thit sí den droichead is gur bádh í. Ní deirtear linn céard a tharla do mo dhuine, is dócha go bhfuair sé droichead éigin eile.

In Eaglais Mhuire i nDún an Rí tá fuinneoga gloine daite leis na ealaíontóirí iomráiteach Evie Hone (1894-1955). Chríochnaigh Evie Hone na fuinneoga seo sa bhliain 1948, seacht mbliana roimh a bás. Tá léiriú sna fuinneoga ar Thaispeánadh na Maighdine Muire ag Fatima, Teachtaireacht an Aingil, an Céasadh agus Deascabháil ár dTiarna. Dún an Rí an baile is faide soir sa chontae agus beimid ag bualadh siar feasta.

Ó dheas uainn tá Achadh an Iúir, baile suaimhneach ar bhruach Loch Ramhar. Cois locha tá réimsí féarmhara mar is féidir sos a thógáil agus dearmad a dhéanamh ar an saol inníoch.

*Fill, fill Pheaits Uí Raghallaigh
ar Bhaile Shéamaís Dhuibh
Fill air agus orm, a chroí.*

Sular scríobh Percy French an t-amhrán sin ní raibh de chlú ar an mbaile ach an margadh beithíoch. Is níor bheag sin ach a bheith ann leis an gcéad solas is do chuid beithíoch a bheith díolta agat go luath.

B'fhear é an Pádraig Ó Raghallaigh áirithe seo a thíomáineadh Percy French ó obair go hobair anois is arís. D'fhág Pádraig an baile is d'imigh ag obair in Albain mar ar chaith sé cúig bliana déag. D'fhill sé ar Bhaile Shéamais Dhuibh is chaith an chuid eile dá shaol ann. Bhí ocht mbliana is ceithre scór sáráithe aige nuair a d'fhág sé an saol seo. Ag na crosbhóithre mar a mbíonn níos mó tarracóirí ná gluaisteáin lá margaidh tá gairdín crochta, fuarán agus plaic tiomnaithe don 'trúbadóir Gaelach a bhunaigh an sráidbhaile seo'. Sa bhliain 1912 a scríobh Percy French an t-amhrán.

Thar stuadhroichead trasnaímid Abhainn na Laoi agus táimid i mBéal Átha hÉis. Nuair a bhí an Ardeaglais nua á tógáil sa Chabhán iompraíodh na clocha as an tsean-ardeaglais go Béal Átha hÉis, áit nach raibh séipéal ar bith ag an am. Leis na clocha sin tógadh ballaí an tséipéil pharóiste a sheasann anois ann. Ar chnoc ag breathnú síos ar an mbaile tógadh Teach Bhéal Átha hÉis sa bhliain 1705. Sa bhliain 1906 osclaíodh coláiste talmhaíochta státurraithe sa teach agus is é is seanda dá chineál sa tír.

Cuirimid bothar gearr ó dheas dinn is sroichimid baile an chontae, an Cabhán. D'fhás an Cabhán le caisleán ag a cheann agus mainistir ag a chroí. Sheas an caisleán ar chnoc taobh thiar den phríomhshráid, a dtugtar 'Cnoc na Croiche' air mar gur ansin a chrochtaí créatúir mhí-ámharacha go poiblí san ochtú haois déag. Sa tríú haois déag is ea tógadh an caisleán is ba é lárionad chumhachta Chlann Uí Raghallaidh é. Bhí an-scil i gcúrsaí tráchtála ag an gclann, rud is minic ag muintir an Chabháin, agus bhí a mionta féin acu fiú. Ar Pháirc an Aonaigh tá a bhfuil fágtha den chaisleán agus is beag é.

Thíos ón gcaisleán, gar don abhainn, bhunaigh Giolla Íosa Rua Ó Raghallaigh mainistir do na Proinsiasaigh timpeall 1300. Sheas an mhainistir go dtí 1608 ainneoin a dóite go talamh sa bhliain 1451 trí neamhaird bráthar a raibh braon breise ar bord aige. Lasadh an mhainistir, an caisleán is an Cabhán ar fad sa bhliain 1576 de bharr éad duine de bhantracht Uí Raghallaigh. Nó cé dúirt 'níl fíoch in ifreann féin mar éad mná'.

Taobh amuigh den dá scrios sin ba mhinic ina láthair chatha é an Cabhán a fhágann gur tógadh an chuid is mó de na foirgnimh atá anois ann sa naoú haois déag agus ina dhiaidh. Is séipéil an dá fhoirgneamh is suntasaí, a dhá spuaic ag síneadh go hard ag bun


Shráid Farnham. Ar aghaidh an tséipéil Phrotastúnaigh tá Ardeaglais Naomh Pádraig is Naomh Féilim, ionad easpag na Cille Móire. Críochnaíodh an Ardeaglais sa bhliain 1942 agus bunaíodh í ar chruth bailsice Rómhánaí. Is de mharmar Gaelach, glas is bándearg, an altóir ard agus tá saothar Geoge Collie (1904-75) le breathnú i dTuras na Croise agus sa mhúrmhaisiú taobh thiar den altóir.

Ar bhóthar Bhaile Átha Cliath taobh amuigh den bhaile tagaimid ar cheárta gloine an Chabháin, tionscal a bhfuil an-ainm air sa bhaile agus thar sáile. Fáilúitear roimh chuairteoirí ann mar a dtaispeántar na scileanna ar fad a thuilleann clú do Chriostal an Chabháin.

Nó cár imigh an ealaín Chabhánach eile sin, an pheil, a bhí ina chuid chruthaitheach de mhuintir an chontae. Bhuail an cheist achrannach seo mé seachtain na Nollag '78 is mé ag siúl síos príomhshráid an Chabháin le cabhair maidí croise agus mé ag téarnamh ó thimpist agus a d'fhág gan seasamh mé. Ina sheasamh le balla bhí fear, d'aois is de chuma air gur chonaigh sé na laethanta órga. Bhí a smig ina ucht is é ag fústar le bata 'Céard faoin nGunnadóir Ó Brádaigh?' chaith mé leis ar an gcasán bruidiúil. 'Agus Séamas Mac Gabhann bocht,' d'fhreagair sé gan a chloigeann a ardú is bhí comhrá peile achomair agam le fear nach bhfaca riamh mé.

Siar linn anois go Béal Tairbirt, Béal Átha Conaill, an Muileann Iarainn go himeall ag an mBlaic. Agus féach an dá abhainn nach mbeadh againn mura mbeadh an contae seo, an Eirne is an tSionainn. Tosaíonn Abhainn na Sionainne a turas 250 míle ag Log na Sionainne. Ainmníodh an abhainn as Sionna, gariníon le Lir, dia na farraige. Shantaigh Sionna fios, rud a bhí i seilbh na bhfear amháin, agus tháinig sí go Tobar Chonnla le breith ar an mBradán Feasa. D'fhaigheadh an bradán a chríonnacht ó bheith ag ithe cnónna ó na crainn naofa coill a d'fhás faoin tobar. Duine ar bith a d'íosfadh an bradán ansin bheadh sé ollfheasach. Chrom Sionna síos le breith ar an iasc iontach ach léim an bradán le binb is le lascadh dá eireabail chuir sé tuile sa tobar. Sciobadh Sionna isteach san uisce is ba ghearr go raibh an tobar ina abhainn agus tosaíthe ar a bhealach fada go Luimneach.

Caithfidh mé an oíche anocht ar an gCabhán. Lorgóidh mé fear an bhata shiúil is cíorfaimid cuimhní ar fhathaigh na peile.



Muineachán

Ní hiontas a ainm agus a bhfuil de chnoic bheaga ina seasamh ar fud an chontae, óir bhí na hoighear-shruthanna gnóthach anseo freisin.

Tosóidh mé mo thuras ar an mbaile is faide siar mar atá Cluain Eois. Thóg Naomh Tighearnach mainistir anseo sa séú haois. Scrios na Lochlannaigh an mhainistir sa bhliain 836. Tá séipéal gan díon den dara haois déag i gclós ciúin gar do Shráid na Mainistreach.

I measc na n-uaigneanna tá clocha corra a snoíodh san ochtú haois déag. Tá siombailí an bháis greanta orthu mar atá cloigeann agus croschnámha, orláiste agus an clog is cónra. Tá tuilleadh de na clocha seo i reilig Naomh Tighearnach tamaillín uaidh, chomh maith le cloigtheach agus tuama cloiche den dara haois déag le claibín díonchruthach.

I lár an bhaile tá an Chrois Ard, ar de dhá chrois í, den naoú is den deichiú haois curtha os cionn a chéile. Tar éis na mblianta ar fad tá radharcanna ón mBíobla le haithint uirthi. Orthu tá Titim Ádhaimh is Éabha agus an Eipeafáine. Tógadh séipéal Eaglais na hÉireann ar an Diamant sa bhliain 1822 agus sa bhliain 1847 tógadh teach mór margaidh mar a bhfuil Leabharlann an Chontae anois; thart ar an am céanna tógadh Teach na Cúirte.

Ó thuaidh uainn tá an sráidbhaile Glasloch le hais bhalla eastait 1,000 acra de Chaisleán Leslie. Tá an loch glas i lár an

eastáit mar a seasann Teach Ghlaslocha a tógadh sa bhliain 1878. Tá cónaí ar shliocht an Easpaig John Leslie (1571-1671) anseo ó fuair seisean seilbh ar an áit. Is cosúil go mba fhear fuinniúil é mar phós sé cailín ocht mbliana déag d'aois nuair a bhí seachtó bliain sáraithe aige féin is ghin sé deichniúr páistí.

Is beag peitreal a chaithimid ar an mbealach go baile Mhuineacháin. Ba iad Clann Mhac Mathúna a rialaigh an dúiche agus is ar oileán déanta a rinne siad a mbunáit sa cheathrú haois déag. I bhfearann chlochar Naomh Louis atá an loch sin. I lár Mhuineacháin tá trí cearnóga comhcheangailte. Ar dhá chearnóg acu gheobhaidh tú foirgnimh dhea-chumtha d'údaráis an bhaile. Sa Diamant bhíodh an margadh agus is ann atá Teach an Mhargaidh a tógadh sa bhliain 1792. Tá an t-ornáideachas snoite go healaíonta air agus tá cúinní cruinne aige mar atá ag cuid mhór d'fhoirgnimh an bhaile. Sa teach seo anois tá an Oifig Thurasóireachta.

Chaill an Diamant a thábhacht nuair a tógadh Cearnóg na hEaglaise. Anseo tá Teach na Cúirte ó 1829 agus séipéal Naomh Pádraig. Tá oibilisc mhór ann i gcuimhne duine áitiúil nó tálta darbh ainm Col. Thomas Dawson a cailleadh sa Chogadh Criméach.

Ón Diamant trí Shráid Bhaile Átha Cliath tagaimid ar cheantar a dtugtaí 'The Shambles' air, lárionad cheird na búistéireachta. Is clog gréine an chrois mhargaidh a tugadh anseo ón Diamant. Ar an drochuair cuireadh cuid de bunoscionn a fhágann nach bhfeidhmíonn sé. Ar Chearnóg na Sean-Chroise chomh maith tá séipéal Preispitéireach a tógadh sa bhliain 1901 os cionn seanséipéil den bhliain 1827, atá anois ina halla séipéil thíos faoi.

Breathnaíonn Ardeaglais Naomh Mac Artáin an baile go staidéartha ón gcnoc thuas. Tógadh an Ardeaglais i ndara leath an naoú haois déag; J.J. Mac Cárthaigh (1817-1882), 'An Puigin Gaelach', a dhearaigh agus ceaptar go bhfuil sé ar cheann de na foirgnimh is fearr dá ndearna sé.

Sa bhliain 1980 bhain an Iarsmalann i Muineachán duais Chomhairle na hEorpa. I dteach breá atá an Iarsmalann suas ó theach an mhargaidh. Tá Crois Chlochair, ón mbliain 1400c., a bhfuil cabhraíocht d'fhigiúirí agus d'ornáidí uirthi, ar cheann de na hábhair luachmhara is tábhachtaí agus is áille dá bhfuil ar taispeáint san Iarsmalann.

I Muineachán is ea a rugadh Cathal Gabhán Ó Dufaigh (1846-1903), a bhí ina Phríomh-Aire ar Victoria na hAstráile.

Tá Cúil Darach ó dheas uainn is buaileadh an baile go dona nuair a thit an tionscal línéadaigh, ach tá borradh nua faoi ó osclaíodh Annaghmakerig House. Trí mhíle slí taobh amuigh den bhaile ag breathnú síos ar loch coillteach tá an teach ar chónaigh an stiúrthóir amharclainne cáiliúil Sior Tyrone Guthrie (1900-71) ann. D'fhág sé an teach is an talamh ag an Stát le go bhféadfadh ealaíontóirí Gaelacha agus ó thíortha eile teacht le chéile i gciúnas an eastáit de cheithre chéad acraí agus pé obair a bheadh ar siúl acu ag an am a chríochnú, cuma an leabhar, pictiúr, píosa snoíodóireachta nó saothar ceoil an obair sin.

Soir ó Chúil Darach tá Buíochar mar a rugadh John Robert Gregg (1867-1948), an fear a cheap luathscríbhinn Gregg. Ba mhac mháistir stáisiún traenach é agus mhúin sé luathscríbhinn dó féin. Ní raibh sé róshásta leis an gcóras, áfach, is thosaigh sé ar a leagan féin a cheapadh. Ar ball chuaigh sé ag obair i Learpholl mar a d'fhorbair sé a chóras féin go raibh sé ar cheann de na córais luathscríbhinne ba mhó cáil ar domhan. Nuair a bhí bliain is fiche aige d'fhoilsigh sé i bpaimfléad é, dar teideal 'Light-Line Phonography'. Sa bhliain 1893 thug sé an corás go Meiriceá mar ar baisteadh Luathscríbhinn Gregg air. Úsáidtear go forleathan sna Stáit Aontaithe anois é.

Soir linn go Béal Átha Beithe – an tríú baile déanta línéadaigh sa chontae i ndiaidh Muineachán is Cluain Eois ag deireadh an ochtú haois déag. Is mó caint a chloisfeá anseo anois ar an iascach óir tá an baile suite i measc aibhneacha is locha dheisceart an chontae.

Tagaimid ar Charraig Mhachaire Rois tar éis turas soir ó dheas agus táimid i lár cheantar talmhaíochta an deiscirt. Ag ceann amháin den phríomhshráid le dhá chéad bliain tá Eaglais Naomh Fionnbharra agus ag an gceann eile Teach na Cúirte.


Meastar gurb é Eaglais Naomh Seosamh, a tógadh idir 1861 agus 1897, an séipéal paróiste is breátha sa chontae. Tá ocht bhfuinneoga de ghloine daite ó na fichidí le Harry Clarke ann. Tá éadan Stailín ar dhuine sa deichiú stáisiún de Thuras na Croise. Ar Charraig Mhachaire Rois tá an tionscal déantús lása is cáiliúla agus is seanda sa tír. I dtús an naoú haois déag tugadh scil na healaíne chun na Carraige ón Iodáil agus, le cabhair Siúracha Chlochar Naomh Louis, tá cumann comhoibritheach na mban áitiúil ag tuilleamh tuilleadh clú don chruthú luachmhar seo.

Sa bhliain 1847 is ea tosaíodh ar dhéantús lása i gCluain Eois agus faoin mbliain 1910 bhí an baile mar lárionad na hÉireann do lás cróise. Aithnítear lása Chluain Eois ar a stíl ar leith.

Ag Baile na Lorgan críochnóidh mé mo thuras faoi Chontae Mhuineacháin. Ach le breith an earraigh ar an aimsir agus faid sa lá déanfaidh mé mo bhealach síos chuig an Ionad Scíthe ag Loch Mucnú mar a bhféadfainn dul ag bádóireacht, ag uisce-sciáil, ag iascach nó ag snámh. Ar a laghad ar bith breathnóidh mé orthu siúd is lú tuirse agus fillfead ar an mbaile go socród dom féin. Beidh ceol ar an mbaile seo cinnte is a liacht sin ceoltóirí a thug sé don stáitse.

Ní chodlód go luath, áfach, mar táim anseo i láthair Fhile Inse Caoin, Pádraig Cráite Caomhánach, a thug oiread aoibhnis don saol ina chuid véarsaí.

Liatroim



*Má théann tú liomsa go Contae Liatrom’
A phlúirín na mban donn óg
Bhéarfadsa mil bheach agus méad mar bhia duit
A phlúirín na mban donn óg.*

An bhfuil ógbhean sa tír a dhiúltódh don fhile gan seoladh thar teorainn Chonnacht isteach leis is a cheilfeadh go brách uirthi féin dréimríocht an dáin?

Dhá mhíle amháin de réimse an aigéin Atlantaigh a líonn cósta Liatroma ach tá an fharraige méith le héisc. An Tulachán an t-aon sráidbhaile a sheasann anseo ar aghaidh na farraige agus, le habhainn ar dhá thaobh an tsráidbhaile lán de bhradáin, tá sásamh sa Tulachán don iascaire farraige nó abhann. Ar ard gar don sráidbhaile seasann Crois an Tulacháin ón dara haois déag. Duine de mhuintir na háite arbh ainm dó Dixon a tháinig uirthi san fharraige ag deireadh an ochtú haois déag agus a chuir ar an ard í.

Ó dheas linn go Cionn Locha ar imeall thuaisceart Loch Meilbhe mar a bhfeicfimid iarsmalann phobail ar chuid di tábhairne mar a bhfuil leathbhuidéal leanna duibh ag coipeadh leis de shíor agus stíl phoitún i bhfoirm thumchlogaid ina seasamh le balla go díomhaoín. Gar don iarsmalann tá carraig Aifrinn agus lena hais siúd tá umar uisce coisricthe a bhfuil an dáta 1677 greanta air.

Síneann ceithre gleannta sléibhe le fán anuas go machaire gearr agus tagaimid ar an mbaile, Cluainín. Tá na beanna thart ar 1,500 tr. agus tá plandaí Alpacha ag fás orthu ó 800tr. suas.

Sa bhliain 1630 dheonaigh Rí Shasana, Séarlas I, do Sior Frederick Hamilton, 5,000 acra de thalamh féaraigh agus 10,000 acra de choillearnach is de phortach. Chuir seisean ainm Béarla – Manorhamilton – ar an mbaile agus thóg sé caisleán, teach mór barúnach atá anois gan díon agus clúdaithe le heidhneán.

Ar an gCluainín gach Lúnasa bíonn Féile an Chonróis mar a roghnaítear Cailín an Chonróis. Ceiliúrann an fhéile scéal rómánsach na 1640í i dtaobh Caitlín Ní Chuirnín, Conrós Loch Gile, agus Éamon Ó Treasaigh, mac altrama le Eoin Ó Ruairc. Roghnaítear iarrthóirí don teideal ó ocht lárphointe in Éirinn chomh maith le Londain agus Maidrid, áiteanna ar thaistil Caitlín iontu a deirtear.

Soir uainn, ó Chluainín, tá Coillte Clochair mar a rugadh Seán Mac Diarmada a chuir lena bheo agus lena bhás le ciste dóchais ár muintire is a ghrean lena chomrádaithe ar stair an domhain Cáisc a Sé Déag.

Chaith Naomh Pádraig seacht mbliana déag ag Droim Dhá Thiar mar ar thóg sé séipéal, mainistir agus clochar. B'ionad cumhachta Chlann Uí Ruairc, a bhí ar na clanna ba láidre sa tír, Droim Dhá Thiar. Sa bhliain 1152 d'fhuadaigh Diarmaid Mac Murchú, Rí Laighean, Deirbhiolla, bean Thiarnáin Uí Ruairc is a raibh de bha is de shaibhreas aici, faid is a bhí Tiarnán ar oilithreach go Loch Dearg. Ceithre bliana déag ina dhiaidh sin d'athrígh Tiarnán agus taoisigh na comharsanachta Diarmaid Mac Murchú agus dhíbir é. D'iarr Diarmaid cabhair ar Rí Shasana is tharla mar a tharla is nach rómhaith atá a fhios againn é.

D'fhill Deirbhiolla ar chaisleán Uí Ruairc ach chuaigh ar aghaidh chuig an Mainistir Mhór, Mellifont, i gContae Lú mar a bhásaigh sí in aois ceithre bliana is ceithre scór. Sheas Clann Uí Ruairc go dtí Cath Chionn tSáile nuair a chaill siad a gcumhacht is a dtailte.

Deonadh 11,000 acra ar Sior William Villiers sa seachtú haois déag. Leag seisean caisleán Uí Ruairc agus thóg sé a theach mór féin leis an gloch. Inniu is beag atá fágtha de theach mór Villiers. Ar thaobh eile na habhann tá fothrach mainistreach a thóg Mairéad bean Eoin Uí Ruairc sa bhliain 1508, an ceann deiridh a tógadh sular cuireadh na mainistreacha faoi chois.

Sula bhfágaimid tuaisceart an chontae ní mór tagairt a dhéanamh don dobharchú arrachtach a bhfuil cónaí air i Loch Ghleann Éada. I Meán Fómhair na bliana 1722 chuaigh cailín de

mhuintir na háite, Gráinne Ní Chonaola, ag ní éadaí ar chladach an locha. Níor fhill sí. D'imigh a fear céile á lorg. Tháinig sé ar a corp millte agus an dobharchú ina chodladh air. Bhrostaigh sé abhaile, rug sé ar shleá, théaltaigh sé suas ar an dobharchú is sháigh an tsleá isteach ann.

Ach dhúisigh éagnaigh éaga an arrachtaigh compánach leis sa loch, compánach ba mhó is ba ghránna ná é. Rith fear céile Ghráinne abhaile, an beithíoch allta sa toir air. Rug sé féin is deartháir leis ar dhá chapall is mharcaigh siad fiche míle go Cnoc Chaisleán an Ghairdín mar ar sheas siad fód is mharaigh an dobharchú. Os cionn a n-uaighe tá leac i gcuimhne a n-éachta, tá an dobharchú greanta inti agus an tsleá trína chroí. Deirtear go bhfuil dobharchú eile sa loch a fheictear an chorruair.

Is nach bhfuil arrachtach eile acu i Loch Aillionn, rud gránna deir siad, lán le cnapáin is cruiteanna agus cloigeann ollmhór air. Tá an bád díolta ag an mbadóir deiridh a chonaic é. Tá £500 mar dhuais, áfach, don té a chruthóidh go bhfuil a leithéid ann.

Ar chúinne thoirthuaidh de Loch Aillionn tá Baile na gCléireach a fuair a ainm as an oiread sin sagart is a rugadh ann. Orthu bhí an tAthair Cathal 'Rásaí' Mac Raghnaill. Mhair sé san ochtú haois déag agus b'an-reathaí é. Uair dá raibh a naimhde sa toir air rith sé leis seacht míle slí agus léim sé an gáibéal, Poll an Chait. Dúirt sé faoin léim iontach sin, 'Ach nach raibh rith maith agam chuige, seacht míle.'

Idir Baile na gCléireach agus Droim Seanbhó tá teach allais a bhfuil 78 dá leithéid sa chontae. Ba leigheas iad seo ar na dathacha nó pé cineál péine eile a bheadh ar dhuine. Lastaí tine istigh sna tithe allais leis na clocha a théamh. Ansin ghabhadh an fulangaí isteach san ard-teas agus chuirfeadh sé a chuid allais. Léimfeadh sé ina dhiaidh sin isteach sa sruthán ba ghaire dó. Le teacht na n-íoclanna i lár an naoú haois déag d'imigh na tithe allais as faisean.

Tá Droim Seanbhó ag an bpointe is faide ó dheas de Loch Aillionn agus idir bhealaí uisce, cnoic is sléite, níl baile ar bith sa tír is fearr amharc ná é. Tá Sliabh an Iarainn soir ó thuaidh uainn beo lena bhfuil d'éanlaith dúchasacha na tíre.

Ón mbaile tá Turas Loch Aillionn, tríocha míle d'áillteacht, nach mór don chuairteoir a dhéanamh. Tá sráideanna an bhaile maisithe le crainn, toir is bláthanna agus is minic an duais aige mar an baile is slachtmhaire sa chontae.

Soir uainn tá Béal an Átha Móir agus is anseo san Ionad Oidhreacht a bunaíodh an chéad seirbhís sa tír do dhaoine ar mhaith leo tuairisc a fháil ar a gcrabhacha ginealaigh. Tagann fiosrúcháin chuig an ionad ó gach áit ar domhan.

Is é Cora Droma Rúisc, nach bhfuil mórán níos mó ná dhá mhíle duine ina gcónaí ann, an baile contae is lú sa tír. Tá na healaí is na broighill líonmhar ann. I dtús an naoú haois déag ba bhaile gnóthach é nuair a bhí iompar ar uisce fós riachtanach agus saothar saor de bharr gorta is bochtanaís. Inniu tá cáil air mar ionad cúrsála ar an tSionainn. Sa bhliain 1798 nuair a briseadh ar na Gaeil is na Francaigh faoin nGinearál Humbert chroch Lord Cornwallis seachtar fear déag os comhair theach na cúirte.

Ag bualadh soir dúinn sroichfimid Maothail, baile breá faoina óstlanna is a siopaí is gur mhaith leat tamall a chaitheamh ag spaisteoireacht thart ann. I gceartlár an bhaile tá busta cré-umha ar thomhas nádúrtha de Thraolach Ó Cearalláin (1670-1738), an cláirseoir. Nach trua nach bhfuil a fhios aige oiread is a chuir a cheol siúd leis an athbheochan ceoil a tharla sa tír le daichead bliain anuas. Ach is cinnte go bhfuil a fhios aige, má tá míniú ar bith ar an saol!

Ar bhaile Liatroma is ea a chaithfidh mé an oíche anocht i bhfochair chuimhní Chlann Uí Ruairc nach bhfuil fágtha dá gcaisleán ach an balla briste. Shílfeá go mbeadh aiféala ar 'Phlúirín na mban donn óg' an file a dhiúltú.

Sligeach



Go drogallach casfaidh mé mo dhroim ar áilleacht Loch Uí Ghadhra faoina 200 crannóga ar chónaigh daoine iontu ón mbliain 200 RC go dtí 1000 AD. Gluaisfidh mé ó thuaidh i dtreo Bhaile an Mhóta. Ach ní bheidh saibhreas radharcach de dhíth orm óir tá mé i gContae Shligigh agus cheana féin tá cumraíocht chóir Shliabh Breac ag dul idir mé is uiscí úra Loch Arbhach.

Thóg Risteard de Burgo caisleán ag Baile an Mhóta sa cheathrú haois déag agus ba é an dún ba láidre i gConnachta é. B'iomaí sin clann Ghaelach a ghlac seilbh ar an gcaisleán i ndiaidh Risteaird, nó Iarla Rua Uladh mar a thugtaí air. B'as seo a mháirseáil fear rua eile, Aodh Ó Dónaill, chun caismirt chinniúnach Chionn tSáile. Le linn Chogadh an Dá Rí ba le Gaeil arís an caisleán ach sa seachtú haois déag ghabh fórsaí Chromail é.

Muintir Mhic Dhonncha ar leo an caisleán sa cheathrú haois déag a chuir Leabhar Bhaile an Mhóta á scríobh. Tá tráchtais ann ar stair Chontae Shligigh agus eochair ann don aibítir oghaim. Deirtear gur scríobhadh cuid den leabhar i mainistir Bhaile an Mhóta ag na Proinsiasaigh a tháinig ann sa bhliain 1450. Tá fothraigh an chaisleáin is na mainistreach ag breathnú trasna na sráide. An-láthair iascaireachta é Baile an Mhóta is más suim leat an ealaín beidh comhluadar agat ann.

Tá cáil ar an gCeathrú Chaol ar Shliabh Breac, as na tuamaí ó 2500 go 2000 RC. Carn K a thugtar ar an tuama croschumtha i lár

an ghrúpa a tógadh, is cosúil, mar fhéilire grianda, an chaoi a mbeireann sé ar na gathanna gréine an lá is faide sa bhliain. Soir ón tuama tá ardhchlár tromábhál aolchloiche a bhfuil fothraigh de chaoga bothán air ar den chlochaois iad, creidtear.

Siar linn go Tobar an Choire, baile margaidh d'aon sráid amháin, mar a mbíonn gach mí Iúil an scoil shamhraidh de cheol is rince traidisiúnta. Is é Tobar an Choire agus a chomharsa, Goirtín, lárionad ceoil an réigiúin. Gar do Ghoirtín rugadh Mícheál Ó Colmáin an veidhleadóir a bhain cáil amach dó féin sna Stáit Aontaithe go luath sa chéad seo. Is mór an chabhair na ceirníní a rinne sé an t-am sin do cheoltóirí na linne seo.

Brisimid amach ar an bhfarraige ag Inis Crabhann, an baile is faide siar sa chontae. Tá cladach foscúil de thrí mhíle slí anseo agus bíonn an baile lán le lucht saoire i rith an tsamhraidh. Anseo ag Inis Crabhann tá Teach Folctha Chill Chuilinn a bhfuil clú ar fud Chonnacht air. Folcthaí feamainne a sholáthraítear ann agus tá clú mar chóireáil ar airtíteas agus ar na dathacha orthu.

Ó dheas uainn píosa tá Scor Mór mar a bhfeicimid tulach a bhfuil seacht cuailí cloiche ina seasamh uirthi. Tháinig taoiseach de mhuintir Uí Dhúda ar mhaighdean mhara álainn lá ar an gcladach. Sciob sé a clóca is chuir i bhfolach é agus leis an ngníomh sin bhain sé di a cumhachtaí. Phós Dúda í is bhí seachtar gasúr acu. Lá amháin nuair a chroch Dúda an clóca leis agus chuir in áit fholaigh eile é chonaic duine de na gasúir é is dúirt lena mhama. Rug an mhaighdean mhara ar an gclóca is d'fhill ar an bhfarraige. Roimh imeacht di, áfach, rinne sí seacht gcuailí cloiche de na gasúir mar dhíoltas ar an Dúdach.

Ar ár mbealach soir tagaimid ar Chaisleán Mhic Fhirbhis. Sholáthair na Firbhisigh filí agus croiniceoirí do Chlann Uí Dhúda ón gceathrú haois déag go dtí an seachtú haois déag. I rith na tréimhse sin choinnigh na Firbhisigh scoil dlí staire agus ghlac siad páirt thábhachtach ag oiriúnú gach taoisigh de na Dúdaigh.

Tar éis turais aoibhinn agus an fharraige ar an lámh chlé casaimid ó dheas tamall go seasann Cúil Mhuine os ár gcomhair agus an bhearna idir sléibhte. Tógadh caisleán anseo sa bhliain 1225 ina gharda ar an mbearna ach is beag den chaisleán atá fágtha anois agus is lú den chonspóid a chruthaíodh sé lá.

Is ábhar suime do chuaríteoirí an leacht cuimhneacháin don Chaptaen Teeling arbh oifigeach é in arm na Fraince sa bhliain 1798. Mharcaigh an Captaen in aghaidh gunna mhór Shasanaigh

a raibh na Francaigh agus na Gaeil á bplancadh aige. Chuir sé an gunna as feidhm agus cuireadh an ruaig ar na Sasanaigh. Cuireadh an Captaen is cúig chéad Gael chun báis tar éis an éirí amach. Mar phríósúnaigh chogaidh a rinneadh déileáil leis na Francaigh.

Ó thuaidh linn go reilig mheigiliteach na Ceathrún Móire. Tá anseo os cionn trí scór tuamaí dolmáin agus ciorcail chloch leagtha amach ar ghiodán talún míle go leith faoi leathmhíle. Thaispeáin tástáil a rinneadh ar cheann de na tuamaí go raibh sé ann ón mbliain 4,000 RC.

Sa bhliain 561 AD tharla Cath na Leabhar ag Cúil Drumáin nuair a dhiúltaigh Colm Cille cóip de leabhar le Naomh Finnian a thabhairt ar ais leis an mbunchóip. Ba é an tArdrí Diarmaid a rialaigh i bhfabhar Fhinnéin leis an gcéad rialú ar chóipcheart sa stair: ‘Do gach bó a lao is do gach leabhar a chóip’. Thug na manaigh faoina chéile is maraíodh dhá mhíle fear. Colm Cille a bhuaigh an cath ach luigh an t-aiféala go trom air agus ghlac sé le deoraíocht go hAlbain mar pheannaid.

Ar dheisceart chuan Shligigh tá Cnoc na Trá a mheallann lucht snámha is bádóireachta sa samhradh. Ag breathnú aduaidh air trasna na farraige tá Doire na Rossan mar a bhfuil ceann de na cúrsaí gailf is tábhachtaí san iarthar suite. Agus mura bhfuil fonn gailf ort tig leat bád a fháil amach chuig Inis Muirígh is feicfidh tú ansin an mhainistir is fearr caomhnú sa tír.

Naomh Molaise a bhunaigh í sa séú haois ach loit na Lochlannaigh í sa bhliain 807. Seasann trí shéipéil i gcónaí agus an foirgneamh a mbíodh an scoil ann. Ar an oileán seo de dhá chéad acra tá tuairim is leathchéad cloch cuimhneacháin a dtabharfadh oilithrigh Turas na Croise thart orthu. Freisin tá fuilleach na págántachta anseo i bhfoirm cloch mallaíochta a d’úsáidtí le holc a chaitheamh ar naimhde. Is féidir dealbh adhmaid de Naomh Molaise a sheas uair ar Inis Muirígh a fheiceáil in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Tráthnóna is mé ag gluaiseacht liom go réidh tríd an tír dhraíochta thart faoi Shligeach nóiméad roimh an gclapsholas rug Binn Ghulbain, Cnoc na Rí, Tuama Mhéibhe orm, is d’iompair mé ar bhrat aoibhnis. ‘Dúiche Yeats’ a thugann lucht scoileanna samhraidh ar an iontas seo ar fad. Agus ba chuimhin liom tamall a chaitheamh ina dteannta siúd ar lainseáil *Byzantium*, eagrán dátheangach de dhánta Yeats, an t-aistriúchán Gaeilge orthu mar chomhluadar.

Bhí Seapánaigh, Gearmánaigh agus, ar ndóigh, Meiriceánaigh sa lucht freastail agus na filí ag léamh a n-iarrachtaí. Tar éis an léimh tháinig bean chugam óir bhí mé ar dhuine de na filí agus, i mblas a cothaíodh ar Shráid Wall, d'iarr mo shíniú ar chóip a bhí ceannaithe aici. Leis an umhlaíocht chuí d'fhiafraigh mé, 'Agus cé di a thiomnaím?' Thug sí ainm éigin mar fhreagra agus chuir leis, 'le dhá n'. Níor luaigh sí na litreacha eile agus bhaist mé ainm Gaeilge uirthi á rá léi gur fheil an fhuaim fhileata dó. Ar éigean a rug mé na cosa liom.

Ach féach, tá Lios an Daill, tá Eve agus Constance, tá Loch Gile ar mór leis Inis Fraoigh, agus tuilleadh. Is mó ná seandúine amháin a chuala mé á rá is mé féin i m'fhear óg gur chas filíocht Yeats i dtreo na Gaeilge iad. Nár mhór é sin ar leac na huaighe ag duine.

Is iomaí sin scéal a fhágann fear ina dhiaidh agus dá mhéid an fear is ea is mó an scéal. An lá ar bhuaigh Yeats an Duais Nobel, ghlaoigh seanchara air agus lig an nuacht iontach leis. D'fhreagair an file mór le dhá fhocal, 'Cé mhéad?' Más bréag é ní mise a chum ná a cheap.



Maigh Eo

Tugaimid coiscéim thar teorainn, fágaimid Sligeach is táimid i gContae Mhaigh Eo. Is é Béal an Átha ina sheasamh ar an Muaidh an dara baile, i ndiaidh Cathair na Gaillimhe, is mó i gCúige Chonnacht. Is beag iascaire sa tír nár sheas le dóchas tamall ar cheann den dá dhroichead anseo is nár shin é an dóchas torthúil, a scéal féin ag gach duine acu don chomhluadar geanúil sna hóstlanna tráthnóna.

Ní minic cur síos anseo acu ar an iasc mór a d'éalaigh. Más geanúil féin an comhluadar is beag seans go bhfaighfeá eolas uathu ar an log uisce is fearr san abhainn. Rún le gach duine acu é seo agus más é an log is fearr é ní hé an log céanna a bhíonn i gceist ag aon bheirt.

Ag Ard na Ría tá fothrach de mhainistir Agaistíneach ón gceathrú haois déag agus réamhdhátaíonn an baile beag seo an baile mór. Os cionn an stáisiún traenach tá Dolmain an Cheathrair Maol ón gCré-umhaois. Ba iad na maoil seo ná ceathrar deartháir comhaltais a mhair go luath i Ré na Críostaíochta is a mharaigh a máistir, easpag. Crochadh iad agus deirtear gur anseo atá said curtha.

Leis an nGinearál Humbert agus a arm Gael-Fhrancach a threorú isteach chuig Béal an Átha las muintir na háite soip féir gach taobh den bhóthar agus Bóthar na Sop a thugtar air i gcónaí.

Ag Cill Ala tá clogás ciorclach ón dara haois déag tuairim is ochtó troigh ar airde. Tá an doras isteach ann thart ar dhá throigh déag ón talamh. Tá séipéal Naomh Pádraig, (1608), de chuid Eaglais na hÉireann, ar shuíomh seanséipéil a bhunaigh Naomh Pádraig. Bhronn Pádraig an séipéal ar Naomh Muireadhach, duine dá dheisceabail.

Sula bhfágaimid Cuan Chill Ala seasaimis ag Mainistir na Maighne a thóg Clann de Búrca do na Proinsiasaigh sa bhliain 1462. Scrios Sior Richard Bingham, a rialaigh Connacht d'Éilís I, an mhainistir sa bhliain 1590. Agus tá mainistir ag Ros Eirc a thóg Muintir Sheoigheach do na Proinsiasaigh sa bhliain 1460. An duine céanna, Bingham, a loit an mhainistir seo sa bhliain chéanna, 1590.

Tá Achadh Céide ar cheann de na fionnachtana réamhstairiúla is tábhachtaí sa tír. Curtha caomhnaithe faoi shé throigh de phortach tá iarsma de phobal Clochaoise a mhair ann roimh 3000 RC. Nochtaíodh anseo ar chósta thuaidh Mhaigh Eo, cróite tirim-chloiche stoic agus tithíocht, chomh maith le potaireacht agus uirlisí breochloiche. Tá obair ar siúl cúig mhíle níos faide siar ag Béal Deirg mar a bhfuil feirm Cré-umhaoise den bhliain circa 1500 RC. Is nuair a shásóidh tú do ghoile seandálaíoch ar an dá shaibhreas seo, fág an Chré-umhaois agus an Chlochaois is fill ar do nóiméad féin sa saol seo, oscail do shúile is breathnaigh uait ar fharraige, ar aillte, ar a bhfuil thart, mar sárú air mar radharc níl ann.

Siar linn go Béal an Mhuirthead, an baile is mó in Iorras, a fhreastalaíonn ar phobail churaíochta is iascaireachta ón gceantar fairsing thart. Gach Lúnasa bíonn féile mhór iascaigh farraige ar an mbaile chomh maith le hAonach Lúnasa a mheallann an-slua daoine. Ach téir amach ar an Muirthead agus le Cuan an Fhóid Duibh ar do chiotóg, síos chomh fada le séipéal Naomh Deirbhíle den dara haois déag. Tá Neifinn soir uait agus Sliabh Mór, tiarna toirtéiseach Acla, ó dheas is le fairsinge is foirfeacht na háilleachta líonfar do shúil. Beidh saoire dhíomhaointis ag do shamhlaíocht.

Trí Bheannchar ó dheas cúrsálaimid chomh fada leis an Mala Raithní mar a dtagaimid ar thrá aoibhinn agus tar éis an taistil b'fhéidir nach fearr rud ar bith a dhéanfaimid ná an corp a thumadh san Atlantach le tuirse an chairr a bhaint dinn.

Cathair na Mart an chéad bhaile eile againn agus fanfaidh mé tamaillín ann mar airím anseo thar aon áit eile sa tír nach bhfuil deifir ar dhuine ar bith ann is nach bhfuil siad ag súil go mbeidh galar na deifre ortsach ach oiread. Le fáiltiú romhat i lár chearnóg an mhargaidh tá Naomh Pádraig, an suíomh glactha aige ó George Glendenning, baincéir, a sheasadh ann roimh 1922.

Ar aghaidh linn go drogallach soir go dtí an baile contae, Caisleán an Bharraigh. Leis an ngníomh sin chasamar ár ndroim le Cuan Mór, le hOileán Cliara, le Gráinne Ní Mháille is a longa láidre ach fillimid, ó fillimid ar Ghráinne lá eile. I gCaisleán an Bharraigh san Imperial Hotel bunaíodh Conradh na Talún ag Michael Davitt agus Parnell sa bhliain 1879. Céad bliain roimhe sin chuir na Gaeil is na Francaigh faoi Humbert an ruaig ar na cotaí dearga is ceapadh an frása 'Rásaí Chaisleán an Bharraigh'. Ó thuaidh uainn tá Loch Con is Loch Cuillin, na bric is na bradáin ag snámh thar dhroim a chéile iontu.

Idir Caisleán an Bharraigh is Loch Cuillinn tá An tSráid mar a rugadh is mar a cuireadh Michael Davitt. Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar a iarsmalann atá sa tSráid i gcuimhne an laoi ch a chaith go dúthrachtach le cúis a mhuintire. Tá lear mór eolais ann a choinneoidh d'aire tamall.

Soir ó Loch Cuillinn tá Béal an Easa mar a bhfuil na muilte olla cáiliúla a bhunaigh an tSiúr Arsenius de Shiúracha na Trócaire sa bhliain 1892. Is le hiarracht ar an eisimirce ón mbaile a stopadh a rinne sí an gníomh, gníomh a d'fhás ina éacht agus bhí na Siúracha bainteach leis an ngnó anuas go dtí deich mbliana ó shin. Tá na muilte faoi úinéireach phríobháideach anois agus tagann an t-éadach den chaighdeán ard céanna amach astu i gcónaí.

Trí na bailte teanna gnóthacha, Béal Átha na Muice, Béal Átha hAmhnais is Clár Chlainne Mhuiris ó dheas linn go Baile an Róba, 'Príomhbhaile Iascaigh an Iarthair'. Ní hiontas an t-ainm sin air agus Loch Measca ar leac a dhorais. I séipéal Naomh Muire tá fuinneoga de ghloine dhaite le Harry Clarke. Orthu tá Naomh na hÉireann, radharcanna ó shaol Chríost agus Deastógáil is Corónú na Maighdine Muire.

I dTeach Loch Measca sa naoú haois déag mhair fear ar éirigh leis focal nua a thabhairt don teanga Bhéarla, an Captaen Boycott. Ó Bhéal an Mhuirthead aduaidh go Tuar Mhic Éadaigh tagann an taistealaí go minic ar phócaí Gaeltachta nach léir dó ar aon léarscáil. Is nach sultmhar sásúil an casadh seo gan choinne ar thuin ghlanhuthach an chontae!

Tagann oilithrigh go Cruach Phádraig gach lá den bhliain ach is é an Domhnach roimh fhéile Lúnasa an t-am a dtéann seasca míle duine ag dreapadh ar an gCruach. Dhá uair an chloig is tuilleadh de shiúl achrannach atá romhat sula sroichfidh tú an barr mar a gceiliúrfar an tAifreann.

Ar feadh sé mhí den bhliain fáiltíonn Cnoc Mhuire, mar a dtáinig Muire sa bhliain 1879, roimh 1,250,000 oilithreach. Tháinig an Pápa ann don chomóradh chéad bliain. Aerfort Chnoc Mhuire a thugtar ar Aerfort Idirnáisiúnta Chonnacht i ngeall ar Shéamas Ó Hóráin, sagart paróiste Chnoc Mhuire a bhailigh airgead agus fabhar rialtais leis an aerfort a oscailt.


Lá dá rabhas i m'aonar ann, i mo sheasamh ar an gcasán ag fanacht go dtosódh na searmanais tháinig heileacaptar anuas is sheas i gclós an tséipéil. Bhí saighdiúirí ón gCéad Chath i nGaillimh ar aire roimhe. Chas seandúine a bhí ina sheasamh gar dom, a dhá uillin ligthe ar an mballa aige, chas sé liom is d'fhiafraigh, 'Cé bheadh ansin anois', ag tagairt mar a bhí don fhear a sheas as an heileacaptar.

'Sin é an tAire Cosanta,' d'fhreagair mé.

'Dheamhan heileacaptar a theastaigh ón Maighdean an lá a sheas Sise ann', d'fhógair sé.

Bíonn sean beacht.

Ros Comáin



*Chaith mé seacht seachtainí ag Mainistir na Búille
Im' luí ar mo leaba 's ní 'mo chodladh ach 'mo dhúiseacht.*

Ðianta an ghrá a bhí ar an bhfile bocht faraor is dall a bhí sé ar an áilleacht is an stair thart air. Ar threoir Naomh Pádraig thóg Naomh Attracta teach ósta anseo agus d'fhás an baile. Níorbh iascaire ró-ábalta é Naomh Pádraig is cosúil mar thit sé isteach in Abhainn na Búille is chuir mallacht ar an spota sin. Ní fhacthas iasc ann ó shin.

Síos an abhainn, áfach, déantar cúiteamh ar an easpa. Nach bhfuil cáil dhomhanda ar Loch Gara is Loch Cé as saibhreas na hiascaireachta iontu. Bailíonn iascairí ó chéin is ó chongar do na comórtais idirnáisiúnta is bíonn óstóirí an bhaile buíoch dóibh.

Gar don Bhúill tá fothrach maorga de mhainistir Chistéirseach ón dara haois déag. Bhí sí ina mainistir go deireadh an séú haois déag. As sin go deireadh an ochtó haois déag ba dhún é agus tugadh Caisleán na Búille air. Anois tá sé faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí augs tá athchruthú den dearadh bunaidh i dteach geata athchóirithe na mainistreach.

Rugadh an t-aisteoir scannán Maureen O'Sullivan, i Mainistir na Búille. Thug sí cuairt ar an mbaile sa bhliain 1988 agus nocht sí plaic ar a háit bhreithe. Siopa rothair anois é ar an bpríomhshráid.

Ach tabhairse cuairt ar Pháirc Choille Loch Cé, líon do scámhóga le haer úr coille is locha, líon do shúile le háilleacht bheo an nádúir, líon d'aighe le sásamh: scríobhadh Annála Loch Cé anseo ar Oileán an Chaisleáin míle bliain ó shin, Annála na Búille ar Oileán na Tríonóide gar dó. Líon do chroí le scéal mór grá Úna Bhán agus Thomáis Láidir Mhic Choisdealbha atá curtha ar an oileán, an dá rós os a gcionn ag fáscadh a chéile. Chuir a sága seirce chuain ar Yeats.

Ó dheas uainn tá Ail Finn, baile beag margaidh a raibh páirt mhór aige i gcrabhscaoileadh na Críostaíochta. Bhunaigh Naomh Pádraig easpagóideacht anseo ar shuíomh tí draoithe. D'fhás tábhacht an bhaile le teacht na nAgaistíneach agus na bProinsiasach a bhunaigh mainistreacha ann. Níl tada fágtha de na mainistreacha agus i Sligeach atá an easpagóideacht anois. B'anseo in Ail Finn a chuaigh Oliver Goldsmith ar scoil. Rinne Sior William Wilde, athair Oscar, scolaíocht anseo freisin.

Ó Ail Finn síos linn go Tuilsce mar ar thóg Ó Conchúir Rua ceann de na caisleáin ba láidre i gConnachta sa bhliain 1406 agus tá bunchloch an túir chiorclaigh le feiceáil i gcónaí. Trasna an bhóthair tá fothrach den mhainistir Dhoiminiceach a thóg Féilim Ó Conchúir sa bhliain 1433.

Trí mhíle siar ó Thuilsce ag Cruachán, tá ceann de na láithreáin seandálaíochta is tábhachtaí san Eoraip. Thar roinnt mílte cearnacha tá ceantar traidisiúnta corónaithe agus curtha Ríthe na hÉireann is Chonnacht. Tá os cionn caoga suíomh sa tochailt, gan caomhnú, gan cuaille eolais. Tá roinnt acu réamhstairiúil agus suímh pháigánacha iad ar fad a fágadh le teacht na Críostaíochta. Tá an talamh príobháideach agus níor mhór don chuairtoir ar suim leis an láithreán a bhreathnú cead na bhfeirmeoirí a fháil i dtosach. Tá leabhrán ar fáil le léarscáil na bhfothrach in Ionad Oidhreacht an Chontae i mBéal na mBuillí.

Ar ár mbealach siar tagaimid ar Bhaile an Tobair mar a bhfuil an caisleán a tógadh i dtús an cheathrú haois déag. Ba é seo lár chumhachta Mhuintir Uí Chonchúir. Sa bhliain 1652 chaill Cathal Ó Conchúir an caisleán is a raibh ann d'arm Chromail. Fuair na Conchúraigh an caisleán ar ais sa bhliain 1677 ach tar éis Cath na Bóinne chaill siad seilbh arís air.

Casaimid ó thuaidh agus is garr uainn an Caisleán Riabhach. B'anseo a rugadh, sa dara haois déag, an t-ardrí deireanach a rialaigh in Éirinn. Siar ón mbaile tá Teach Chonalis, ionad sinsearach Chlann Uí Chonchúir a thug aon ardrí déag d'Éirinn agus ceithre rí is fiche do Chúige Chonnacht. Tógadh an teach mór de 45 seomraí atá ann faoi láthair sa bhliain 1878 in áit an tseantí a tógadh sa bhliain 1700. Tá bailiúchán d'ábhar is de cháipéisí ar stair na hÉireann i dTeach Chonalis agus stair de Chlann Uí Chonchúir a théann chomh fada siar leis an gcúigiú céad roimh Chríost. Ar chlé ó dhoras an tí tá Cloch Chorónaithe Ríthe Chonnacht. Tá cláirseach Thraolaigh Uí Chearalláin sa teach chomh maith, mar ba mhinic ag seinm ann an cláirseoir cáiliúil.

Is má rugadh an t-ardrí deireanach ar an gCaisleán Riabhach nach gceapfaí gur chúí mar a rugadh céad Uachtarán na hÉireann Dúghlas de hÍde ar an mbaile céanna. Tá Dúghlas de hÍde curtha ag Tigh Baoithín ar an mbóthar go Bealach an Doirín. Is fiú go mór, má tá tú ag gabháil an bhealaigh, glaoch isteach ar an Ionad Oidhreacht anseo agus tamall suimiúil a chaitheamh ag breathnú grianghraf is cuimhneachán ar cur síos iontu féin iad ar shaol ár gcéad Uachtarán.

Soir ó dheas linn trí Bhéal Átha Mó go baile Ros Comáin atá suite, d'fhéadfá a rá, i gcearlár an chontae. Naomh Comán a thóg an mhainistir anseo sa bhliain 746 agus ba é siúd an chéad easpag ann. Níl rian den mhainistir anois le feiceáil ach deirtear linn gur sheas sí san áit a bhfuil an séipéal Anglacánach a tógadh dhá chéad bliain ó shin. I ndeisceart an bhaile gar don scoil tá iarsmaí maorga de Mhainistir Dhoiminiceach na Deastógála. Bhunaigh Féilim Ó Conchúir, Rí Chonnacht, sa bhliain 1253 í, ach dódh í sa bhliain 1308. Atógadh í ag deireadh an chúigiú haois déag agus is ón dáta sin atá cuid mhór dá bhfuil fágtha.

I lár bhaile Ros Comáin tá an seanphríosún mar ar mhair, idir 1780 agus 1810, an crochaire mná, 'Lady Betty', mar a thugtaí uirthi. Ba Chiarraíoch í agus mhair sí go fíorbhocht lena mac ar an taobh thiar den bhaile. Bhí léamh is scríobh aici, rud nár mhinic an t-am sin agus mhúin sí na scileanna dá mac. Mhúin sí dó chomh maith gur as airgead amháin a d'fhás sonas. Nuair a tháinig an mac in aois fir d'imigh sé go Meiriceá lena shaibhreas a dhéanamh.


Tamall de bhlianta ina dhiaidh sin, oíche dhorcha stoirmiúil amháin, tháinig strainséir ard dea-ghléasta féasógach chun tigh

Betty ag lorg bia agus lóistín. Lig sí isteach é ach i rith na hoíche mharaigh sí ina chodladh é is ghoid a chuid airgid. Ag breathnú trína pháipéir fuair sí amach gurb é a mac féin a bhí fágtha ina chorpán aici. Rith sí amach ar an mbóthar ag caoineadh is ag scréachach. Gabhadh í agus daoradh chun báis í. An lá a raibh sí féin is roinnt daoine bochta eile le crochadh bhí an crochaire tinn is dhiúltaigh an sirriam na snaidhmeanna a chur. Thapaidh Betty an seans. Chroch sí an chuid eile, saoradh í féin is fuair sí an post mar chrochaire an phríosúin. Fuair sí seomra sa phríosún agus tuarastal as a cuid oibre.

Siar ó bhaile Ros Comáin tá Caisleán Dún lomghuin mar a tugadh air in Annála na gCeithre Máistrí agus mhair bean eile ansin ar fearr do dhuine, cuma cén cathú a bheadh air, gan an leaba a roinnt léi. Sa bhliain 1307 sháigh Nuala Bean Uí Fhiannachta a fear céile is phós sí Búrcach agus bhí na Búrcach i mbun an chaisleáin go dtáinig Cromail. ‘Nuala na miodóige’ an t-ainm a thuill an cailín seo as a gníomh.

Thagair mé do Bhéal na mBuillí cheana, ach níor thagair mé do Theach Páirce Bhéal na mBuillí ar mhór le cuairteoirí dul ann. Thóg ailtire Gearmánach, Richard Cassel, é tuairim is 1730 do Thomas Mahon, duine de chlann Mahon. Tar éis dó cuairt a thabhairt ar Vín is an Ringstraße a fheiceáil, d’ordaigh sé go mbeadh sráid láir den chineál céanna ag Béal na mBuillí. Deir siad liom gurb í an tsráid is leithne sa tír í, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Chaith mé nóiméad nó dhó le mo linn i gcomhluadar nach raibh ar aon ghuth faoin bhfíoras tábhachtach seo ach is dócha go mbíonn dílseacht chontae i gceist freisin.

Caithfidh mé an oíche anocht tar éis cuairt an chontae álainn seo i mbaile Ros Comáin ach cuirfidh mé dhá bholta ar an doras ar fhaitíos Lady Betty.



Gaillimh

Hi-diddle-dom an cat is an mháthair

D'imigh go Gaillimh ag marcaíocht ar bhardal....

Bhí mé trí bliana d'aois is bhí bean rialta ag múineadh an amhráin sin dúinn i rang na mbáibíní ar Bhóthar an Chlochair i nDún Laoghaire. B'in í an chéad uair riamh gur chuala mé an focal 'Gaillimh' ach bhí mé cinnte go mb'áit na n-iontas é má bhí cat is a mháthair ag taisteal ann ar muin bardail. Go deimhin, is iomaí sin lá is oíche a chaith mé i nGaillimh ó shin is fiú amháin murar casadh orm an gheamaireacht thaistil sin de thriúr, fós féin is áit na n-iontas liom i gcónaí Gaillimh.

Tosaímis ár dturas i mBéal Átha na Sluaighe tar éis nach é an t-am ceart bliana don bhaile seo é. Nach i mí Dheireadh Fómhair a bhíonn Aonach na gCapall anseo acu? Sa bhliain 1722 fuair muintir French, na tiarnaí talún, an ceadúnas d'aonach stoic bliantúil. Ba ghearr gur fhás a cháil ar fud na hEorpa mar aonach capall. Thagadh ceannaithe ann ó gach tír san Eoraip agus sholáthraíodh an t-aonach capaill do chuid mhór d'airm na hEorpa. Dhíoltaí ann an t-am sin 6,000 capall in aon lá amhain.

Deirtear gur ceannaíodh capall cáiliúil Napoleon, *Marengo*, ar aonach Bhéal Átha na Sluaighe.

Ach ní i ndea-chomhluadar Bonaparte ná a cheannaí a chaith mise mo chéad oíche ar an mbaile seo. I bhfochair stócaigh eile tar éis cuid mhaith den tír a shiúl le spleodar na hóige is ea bhuail mé isteach ar an mbaile, tuirseach, ocrach agus súil agam le síob abhaile an lá dár gcionn.

Bhí an áit beo le hAonach na gCapall. Sheasamar ag déanamh iontais. Ag siúl trasna na sráide uainn go toiliúil bhí fear ard leathanghuailleach, hata mór leathanduilleach air. Labhair fear óg a bhí le m'ais liom.

'Sin é Rí na dTincéirí, den chlann againne. Níor leor seisear Gardaí len é cheansú aréir'.

Tháinig beirt eile. 'Cé as sibh?'

'Baile Átha Cliath'.

Tharraing sé paicéad de chúig Woodbines as a phóca. Thug sé ceann do mo chara. Bhris mo chara in dhá leath é agus thug leath domsa.

'Fíorchomrádaithe sibh', a deir an fear óg agus thug sé na ceithre cinn a bhí fágtha sa phaicéad dúinn.

'Bhfuil ocras oraibh?'

'Tá'.

Ba ghearr go rabhamar ar láthair champála a chlainne inár suí thart faoi thine mhór ag ithe fataí as an bpota le fonn is le buíochas.

Ó dheas uainn tá Cluain Tuaiscirt mar a bhfuil fothrach dea-chaomhnaithe de mhainistir Agaistíneach a thóg Naomh Baetan sa bhliain 805. Ón dara haois déag ar aghaidh ba mhór a maoin is a tábhacht. Scríosadh í le dóiteán sa chúigiú haois déag agus tógadh cuid mhór dá bhfuil le feiceáil inniu ina háit. Thart faoin doras thiar tá snoíodóireacht ón gcúigiú haois déag; léirithe tá Naomh Micheál ag coinneáil an scála ar a meáfar an t-anam Críostaí ag geataí na bhFlaitheas, cromtha ag a chosa tá deamhan ag fanacht go santach orthu siúd a séanfaí neamh orthu. Freisin tá Naomh Cairtriona de Chathair Alastair ann agus an roth ar fhulaing sí air. Tá Naomh Eoin Baiste agus Naomh Agaistín de Hippo ann chomh maith.

Soir ó dheas uainn tá Cluain Feartha mar ar thóg Breandán an Loingseoir mainistir sa bhliain 563. Ní féidir an chuid seo den chontae a fhágáil gan cuairt a thabhairt ar Eachroim mar a bhfuil freagra ag an ionad oidhreachta ar gach ceist dá raibh riamh faoin gcath tábhachtach i gCogadh an Dá Rí.

I bPort Omna tá macalla den chogadh céanna, mar sa séipéal i gCaisleán Phort Omna pósadh Pádraig Sáirséal agus Honoria de Burgh, iníon Iarla Clanrickard. Siar ón mbaile tá 1,400 acra de Pháirc Choille Phort Omna ar bhruacha Loch Deirg mar a bhfuil tearmann éan agus tréad mór fianna agus is fiú go mór seal suaimhneach a cheapadh duit féin sa pháirc álainn seo.

Baile Locha Riach an chéad bhaile eile a chastar orainn ar ár mbealach siar. D'fhás an baile margaidh seo thart ar dhún de mhuintir De Burgo, sa 13ú haois. Tá fothrach den mhainistir Chairmilíteach, ón 14ú haois, buailte leis an teach Cairmilíteach ón 19ú haois. Deirtear gur anseo a cuireadh an Ginearál Francach St Ruth tar éis Eachroma. Bí cinnte, ó tá tú ar an mbaile, go nglaoonn tú isteach ar Ardeaglais Naomh Breandán a tógadh i dtús an chéid seo mar a bhfuil obair ealaíonta ar féasta do na súile í.

Fágaimid Baile Átha an Rí na gCeallach is na bhFlaitheartach ar dheis uainn is casaimid siar ó dheas mar ní mór dúinn glaoch isteach ar Coole House Lady Gregory is tamall a chaitheamh leis na fathaigh litríochta a sheas ann tráth. Ach ár samhlaíocht a cheadú is fillfidh siad orainn, Yeats an ghrá gan chúiteamh, Shaw an chúitimh gan ghrá, agus Synge go mb'oiriúnaí dó canbhás ná pár.

Seasann cloigtheach ciorclach ón 12ú haois ag Cill Mhic Duach, os cionn céad troigh. Colmán mac Duach a bhunaigh an mhainistir anseo sa bhliain 610. Bunaíodh mainistir Agaistíneach anseo sa 13ú haois.

Ba den chlann chéanna Naomh Colmán agus Guaire, Rí Chonnacht, a thóg Dún Guaire ag Cinn Mhara. Nuair a bhí athair Ghuaire ina rí chuala sé i dtairngreacht go mbéarfadh Ríonach, máthair Cholmáin, mac a bheadh níos cáiliúla ná a mhac féin. D'ordaigh an rí dá chúlaistíní Ríonach a bhá. Caitheadh isteach sa loch í, cloch thart ar a muinéal, ach shnámh an chloch is tháinig Ríonach slán le Colmán a bhreith.

Tugaimis sciúird ó thuaidh go Tuaim, a bhí mar lárionad cumhachta ríthe Chonnacht sa 11ú haois. Bhí beirt acu, Traolach agus Ruairí Ó Conchúir, ina ardríthe ar Éirinn. Rinneadh an tArdchros i lár an bhaile idir 1126 agus 1152 agus tógadh Ardeaglais na Deastógála idir 1827 agus 1836. Tá stair tionsclaíoch an bhaile athchruthaithe san iarsmalann atá i muileann arbhair atá ag feidhmiú gar do lár an bhaile.

Tamaillín siar ó Thuaim tá Cnoc Má, atá breac d'iarmsaí réamhstairiúla. Is má tharlaíonn ann tú agus an loinnir cheart i

súil na gealaí seans go bhfeicfidh tú na sióga. Ach chuige seo tá coinníollacha eile nach eol dom a chaithfidh tú a leanúint. Bíodh más ea go bhfuil gealach, coinníollacha is gach rud eile i dtreo agat, deirtear liom go gcloisfidh tú ceol is go bhfeicfidh tú damhsa a dhéanadh iarracht éadóchasach den *Riverdance* féin. I lár an 18ú haois, d'fhorbair Robert French tionscal línéadaigh ar a eastát agus thóg sé an sráidbhaile Muine Mheá do na fíodóirí is do na hoibrithe eile is a gclanna. Faoin mbliain 1779 bhí 276 títhe ann le 96 seola agus 360 tuirní. Tháinig meath ar an tionscal, áfach, agus ní dhéantar línéadach anseo níos mó.

Ach siar linn go cathair na Gaillimhe, áit a mbeadh fonn ar dhuine bualadh isteach ann agus fáilte roimhe. Tá Pádraic Ó Conaire ar an gCearnóg ag breathnú an tsaoil mhóir thart air is ag scríobh faoi. Agus anseo agat i nGaillimh tá seansráideanna is Ardeaglais nua, tá macallaí ó thrádáil na Spáinne is báid iascaigh ón tír sin á ngabháil ag an gcabhlach, tá an Taibhdhearc is an Druid is an domhan de léirithe eatarthu, tá iascairí na Gaillimhe ag filleadh chun an ché, na báid lán go gunail is an t-uasal go tútach i mbun slaite ar bhruach na Coiribe.

Teacht na hoíche tá ceol, caint is comhluadar, dráma nó damhsa ar fáil is pé cineál eile siamsa ar mhaith leat an t-am a chaitheamh leis. Dhá mhíle siar tá Bóthar na Trá a d'fhás leis an turasóireacht agus lá nó oíche cuma cén bhail atá ar an aimsir tá gach a bhfuil ag teastáil ón gcuariteoir ann.

Tá an chathair seo lán le taibhsí domsa ach theastódh leabhar le hiad a ríomhadh duit. 'An Sciobaire' a thugtaí ar an bhfear seo, Tomás a bhí air. Tríd an mbradán a sciobadh as an abhainn a dhéanadh sé na pingíní. I gculaith dhorcha ghléasadh sé, hata bog liath ar a cheann. B'fhear álainn séimh ciúin é, is chasaimis le céile anois is arís Tigh Mháirtín Fréine, áit a chleachtaíodh muintir na háite amháin.

Lá amháin pé scéal é, tháinig an bheirt seo isteach, fear is bean, cuma an airgid orthu. D'ordaigh siad deoch. 'Sanaigh,' a deir an Sciobaire liom i gcogar. Nuair a bhí an bheirt suite chun cuntair tamall is an deoch á suaimhniú chaolaigh an Sciobaire suas chucu.

'An mbeadh suim agat in iasc?'

'Bhuel, ó sea, is maith linn iasc, nach maith a chroí'.

D'aontaigh sise leis. Ach níor thuig an Sasanach gur iasc a thug an Sciobaire riamh ar bhradán.

‘Bradán,’ a deir an Sciobaire, chomh ciúin is a d’fhéadfadh sé.

‘Ó go breá, bheadh sin go breá, nach mbeadh, a chroí. An mbeadh sé daor?’ d’fhiafraigh sé den Sciobaire.

‘Dhá phunt.’

‘Bhfuil sé mór?’

‘Chríost, níor mharaigh mé an deabhal rud go fóill.’

Siar ó Ghaillimh gabhann an nádúr seilbh ar do shúile á leathadh go n-alpfadh siad na hiontais. Tá farraige, locha, carraigeacha, cuanta, cnocáin is dathanna á ndalladh go bpléascann na Beanna Beola as an iomlán ag síneadh suas go spéartha. Is na sráidbhailte ón Spidéal siar, gach ceann acu lena charachtar neamhspleách féin, mar a líonfar do chluasa le caint ghéarchúiseach cheolmhar na ndaoine.

Is tiocfaidh tú ar Charna na nAmhrán. Bíodh is go bhfuil Val Ó Donncha is Joe Éiniú ag roinnt a scile leis na haingil le tamall, beidh glór úr óg romhat ann a labhróidh leat as tobar an tsaibhris dhochaite.

Amuigh ansin faoi chlé uait tá Árann. Faigh bád nó eitleán nó córas éigin ach téir isteach sna hoileáin sin.

An-aimsir inniu is tá mé ag ceapadh gur gearr an oíche a dhéanfaidh sé go maidin. Casfaidh mé soir chomh fada le hIndreabhán le tamall a chaitheamh le Tom Phaidí. Fáilteoidh Nan go fial romham is beidh mé féin is Tomás i gcluais a chéile go glaoch an choiligh.

Tabhair mo bheannacht leat go Connachta

Mar is ann a bhíodh an greann.



An Clár

Tá Gaillimh fágtha agam ach ní baol dom an t-ualach dofheicthe a luíonn ar an spiorad d'easpa cairde mar tá mé ar thalamh geal ceolmhar an Chláir.

Ach sula dtagaim ar chonsairtín, ar fheadóg nó ar bhodhrán féin, caithfidh mé Boirinn a thrasnú a ndúirt an Ginearál Ludlow d'arm Chromail fúithi, 'níl dóthain uisce anseo le fear a bhá, ná crann len é a chrochadh, ná ithir len é a chur'.

Is más léir dúinn intinn an Ghinearáil, níor léir dó siúd an neamh seo ar domhan do luibheolaithe é, a réitigh na hoighearshruthanna amach dóibh 15,000 bliain ó shin. Tá os cionn míle cineál bláthanna is plandaí ag síneadh amach as an gcarraig os do chomhair a fhágann go bhfuil an 500 míle cearnach seo i dtuaisceart an Chláir ar cheann de na ceantair luibheolaíochta is saibhre san Eoraip.

Ní fada ó dheas uainn Lios Dún Bhearna, an baile spá is cáiliúla sa tír. I dtús an chéid thagadh lucht an airgid anseo san fhómhar. Is mó ná an spá a bhí á mealladh, áfach, agus is iomaí cleamhnas a rinneadh ann. Sa dara leath den chéad, thosaigh

muintir na mbailte móra ag teacht ar an mbaile agus déanamh cleamhnais ar aigne acu. Deireadh seachtaine ar bith san fhómhar bheadh suas le 10,000 duine cruinnithe ag na damhsaí iarnóna, oíche, agus as sin go maidin. Bheadh na céadta postaí de thoradh an teacht le chéile seo agus an basadóir ina dhia beag ag an slua. Ní thiocfadh an basadóir céanna folamh as an obair ach an oiread. I ndiaidh an fhómhair bheadh an baile ciúin gan ach muintir an bhaile fanta ann. Ach anois tá na tobair pá ina n-ionad sláinte agus cuairteoirí as tíortha thar lear ag teacht ann. Tá na hóstlanna nua atá ag friotháil ar na toraithe folláine seo ag cur crutha úir ar an mbaile agus ag soláthar oibre ar feadh na bliana do mhuintir na háite.

Ar an gcósta siar ó dheas uainn tá Aillte an Mhothair. Síneann na hailte ar feadh sé mhíle ó dheas agus seasann siad le maorgacht suas go seacht gcéad troigh ar airde sula dtumann go duairc isteach san fharraige alpach. Ag an bpointe is airde acu tá Túr Uí Bhriain a tógadh sa bhliain 1835 ag ‘Corney’ Ó Briain MP. Ón túr tá radharc ó dheas uait ar Cheann Léime agus ar shléibhte Chiarraí. Siar uait tá Árainn agus ó thuaidh tá sléibhte Chonamara. Tá na laftáin thíos fút beo le gach cineál éin farraige, ach seas siar, ar fhaitíos go meallfaí tú; go ndéanfaí iarracht breith ar an áilleacht iomlán le do dhá lámh is go rachfá le haill go cúr.

Soir go dtí An Leacht thar chladach míle ar fhad. Tá an-iascach mara anseo agus tá báid le fáil ar cíos chuige sin. Más fearr leat do chuid ama a chaitheamh le galf ní gá dom a rá leat go bhfuil dhá chúrsa iomlána ann ar mór le galfairí na hÉireann foighne a dhéanamh orthu. Crochta os cionn easa tá Inis Díomáin, baile beag margaidh agus lár iascaireachta. Is beag oíche gan cheol ar an mbaile seo a mheallann ceoltóirí isteach ón dúiche thart.

Soir uainn tá Díseart Uí Dheá mar ar bhunaigh Naomh Tola díseart san ochtú haois san áit a seasann an séipéal ón gcúigiú haois déag. Ar an ardchros cháiliúil tá fíor Chríost lán-ghléasta. Tá deisiú déanta ar an túr ón gcúigiú haois déag agus tá ionad seandálaíoch ann le taispeántas dea-dheartha a cheap Seán Ó Deá, Meiriceánach, ar de shliocht chéadúinéir an chaisleáin é.

Ba lár eaglasta tábhachtach Cill Fhionnúrach, bhí a n-easpag féin acu go dtí lár an ochtú haois déag. Thart ar fhothrach na hardeaglaise ón dara haois déag tá trí ardchros le fíoracha agus ornáidí greanta orthu. Mínítear cúlra stairiúil na saibhreas áitiúla seo agus seandálaíocht an cheantair in ionad oidhreachta Bhoirne.

Tar éis sciúird aduaidh táimid i Sráid na Cathrach. Tá áit álainn snámha anseo againn agus an aimsir linn ar Thrá an Airgid. Amach uainn tá Rinn na Spáinneach mar ar bádh sé longa den Armada sa bhliain 1588. Cuireadh go leor de na corpáin sa Rinn. Ar thaobh Shliabh Callan soir ó dheas ón mbaile tá tuama meigiliteach le cloch dhín 12 throigh faoi 4 throigh.

Fanfaimid feadh an chósta is ó dheas linn go Cill Chaoi. Tá Tobar Naomh Caoi ann le máchail ar bith ar radharc na súl a leigheas. Ach más mian leat eolas a chur ar Chill Caoi téir go cathair Luimnigh agus ceistigh duine ar bith ansin mar tá muintir Luimnigh ag cleachtadh an bhaile fháiltigh seo leis na blianta mar ionad saoire samhraidh. Is cá dtiocfá ar áis saoire is fearr duit féin is don chlann, le trá is cuan ar deil is faoiseamh is comhluadar go maidin má tá amhrán agat agus mura bhfuil, is beidh muintir Luimnigh le d'ais, gach aon duine riamh acu ina amhránaí cruthanta, nó sin é mo chleachtadh.

Lá dá raibh mé i gCill Chaoi le cara liom, Seán, fear nár suim leis snámh, shíl mé snámh idir dhá cheann an chuain. Anonn liom. Bhí go maith. Anall, b'iontach liom chomh beag is a bhí Seán, ina sheasamh mar a bhí, i bhfad uaim, mo bhalcaisí ag a chois. Ina dhiaidh sin féin shíl mé an lá sin nach raibh iasc ar bith san fharraige ba láidre ná mé agus mé ag crácáil liom. Go tobann bhrúigh an rud mór dubh éagruthach seo aníos fúm. Léim mé suas as an bhfarraige nó gur chaitheas mé féin siar ar mo dhroim. Is céard a bheadh san uafás seo ach tumadóir, culaith fhliuch dhubh air, ocsaigín ar a dhroim, gunna rubair ina lámh, mútóga ar a chosa agus téad fada lán le héisc ag sileadh uaidh.

Ba ón East London Skindiving Club é agus bhí oiread acu is a b'fhéidir i gCill Chaoi ar feadh coicíse. Mhínigh sé an méad sin dom nuair a roinn mé gloine is faochain leis ar ball. Bhí sé in ann amhrán a rá, freisin.

Soir uainn tá Cill Rois, baile ar athbheochan dó an *marina* le 250 láthair bád. Le clós bád is siopaí nua is bunáit úr do lucht seoltóireachta é ar an gcósta thiar. Is féidir bád a fháil isteach go hInis Cathaigh, mar ar tháinig Naomh Seanán sa séú haois. Tá fothrach de shéipéil ón naoú haois go dtí an 15ú haois ann agus cloigtheach atá 83 throigh ar airde. Níl an doras ach 4 throigh 8 n-orlach ar airde ach, rud nach minic, tá sé ar chothrom na talún agus is féidir siúl isteach ann, crom, áfach.

B'as Cill Íomair tamaillín gearr soir, a d'iompair Seán Ó Scanláin agus a leacaí Ó Súilleabháin an Cailín Bán, Eilín Ní

Áinle, chun a báite agus í sé bliana déag d'aois. Crochadh an bheirt as an ngníomh fealltach is tá dealbh cré-umha den Chailín Bán sa reilig i gCill Íomair. Tháinig an ceoldráma álainn de chuid Julius Benedict, *The Lily of Killarney*, as an eachtra uafáis.

Ó thuaidh linn, an t-aerfort trasna na Sionainne ar dheis uainn, go dtiocfaimid go hInis, baile láir an chontae. D'fhás an baile cluthar seo thart ar an mainistir Phroinsiasach a tógadh sa 13ú haois. Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar mhainistir atá fós ina seasamh agus an tsníodóireacht a bhreathnú. Tá dealbh de Dhónall Ó Conaill crochta os cionn na Sráide Airde agus tá iarsmalann agus leabharlann tiomnaithe d'Éamon de Valera trasna na habhann. Sa Leas-ardeaglais tá leacht cuimhne don Athair Séamas Bairéad a mba chaomhnóir é do Harriet Smithson, amhránaí *opera* cáiliúil a phós an cumadóir Francach Hector Berlioz.

Ach ná fág an Clár gan freastal ar Chnapóg nó ar Bhun Raite. Nó má bhíonn sé d'uain agat caith oíche ag an dá thaispeántas. Ceol, amhránaíocht, damhsa, aisteoireacht, bia is fíon den scoth, beidh bród ort i ndiaidh an léirithe agus an chinnteacht méadaithe ionat go dtáinig an cine slán.

Ba ag Durty Nelly's le hais Bhun Raite a casadh orm an fear a bhí ag cur síos ar oilc an drochbhraoin. 'Fuair mé drochuisce beatha ag Rásaí Náis is thug mé an leaba orm féin Lá Fhéile Bríde is níor éirigh mé aisti go dtí Lá Peadair is Póil'. Is nach mbíonn a fhéilire féin ag gach duine againne!

Tá gealach is réalta geallta anocht. Nedaím i gCill Dalua sa teach ósta ar thaobh an chnoic. Thíos fúm tá an loch ag siarshíneadh ó thuaidh ag déanamh cósta d'oirthear an chontae. Beireann draíocht orm mar a tharla don fhile Spáinneach a dúirt

—

Ní tada mise

Tá uisce mar shampla níos tábhachtaí ná mé

Snámhann an ghealach is na réalta ar an mhuir

Ní tada mise.

Tiobraid Árann



Ní fada i gContae Thiobraid Árann duit nó go n-airíonn tú an saibhreas. Tá talamh féaraigh a ramhróidh eallach ag síneadh uait ar gach taobh nó barraí a dhéanfaidh ór den ghlas ó Lúnasa amach.

Ros Cré an chéad bhaile againn ar ár dturas ó dheas tríd an gcontae cluthar cluicheach seo. Anseo tá fothrach Mhainistir Chrónáin den 12ú haois. Bhunaigh Crónán mainistir anseo sa bhliain 600. Leagadh an chuid is mó den mhainistir sa chéad seo thart agus tógadh séipéal nua ann. Taobh amháin den séipéal tá ardchros ón 12ú haois agus greanta uirthi tá fíor de Naomh Crónán agus de Chríost céasta.

Ar thaobh eile an bhóthair tá clogás 60 troigh ar airde. Tá an doras isteach ann 8 dtroigh ón talamh. Seasann túrghheata Chaisleán Ros Cré, 13ú haois, i lár an bhaile agus tá athnuachan déanta ar an gcaisleán mar a bhfuil Teach Damer ón 18ú haois. Tá ionad oidhreachta ann ar fiú seal a chaitheamh leis le tuilleadh eolais a chur ar cheann de na bailte is seanda sa tír.

Tá Lothra ó thuaidh uainn ar ar bhunaigh Naomh Ruadhán mainistir sa séú haois. Ar an láthair tá dhá ardchros ón naoú haois agus fothrach den mhainistir Dhoiminiceach a bunaíodh sa

bhliain 1269. Gar do Lothra tá Caisleán Laicín, agus ba anseo san 18ú haois a thángthas ar leabhar Aifrinne ón naoú haois atá anois in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

An tAonach an chéad stad eile againn agus feicimid túr ciorclach de chaisleán Normannach ag síneadh céad troigh suas sa spéir os cionn an bhaile. Ba é Thomas FitzWalter, sinsearach na mBuitlearach, a thóg an caisleán sa 13ú haois. Tá an túr 55 troigh trasna agus tá tiús 20 troigh sna ballaí. Gar do sin tá Teach an Ghobharnóra agus an príosún. Sa bhliain 1858 crochadh beirt deartháir ann as dúnmharú ar fhianaise amhrasach. B'ar éigean má bhí séanadh ciontachta na bhfear bochta le cloisteáil os cionn toirneach is tintreach a réab na dúile le linn a gcrochta.

Tá breis eolais ar an mbaile le fáil san ionad oidhreacht mar a bhfuil mionsamhail de Loch Deirgeirt agus na sráidbhailte atá thart air.

Tá Sliabh an Airgid ar dheis uainn mar a chríochnaímid dhá chois an triantáin le teacht go baile beo beathach, Durlas Éile. D'fhágamar an Teampall Mór ar chois eile an triantáin mar a dtraenálar na Gardaí Síochána agus mar a bhfuil an tsráid is leithne sa úr, ceann eile de na sráideanna cáiliúla seo.

Is í Cearnóg na Saoirse croílár Dhurlais mar a bhfuil cuimhneachán dóibhsiúd a throid ar son saoirse na hÉireann. Anseo chomh maith tá óstlann Hayes mar ar bunaíodh CLG sa bhliain 1884, gníomh a chaomhnaigh go deo ár gcluichí dúchasacha. Le hais na Siúire tá fothrach túir ón 15ú haois agus an Caisleán Dubh ón aois chéanna a thóg na Normannaigh leis an mbealach trasna na habhann a chosaint. Ach má tharlaíonn an t-uafás duit a bheith leamh den saol, déan do bhealach go Durlas lá chluiche ceannais na Mumhan agus geallaim duit go bhfillfidh tú ar do sheanléim. Ach bí ann go luath. Nach féile ar feadh an lae é? Feicfidh mé ansin tú!

Ó dheas linn go Mainistir na Croiche a tógadh sa bhliain 1180 do na Cistéirigh. Suite mar atá ar thalamh féaraigh agus an tSiúir ag sleamhnú thar bráid níl áit is fearr a roghnófaí don té ar mhian leis tamall a chaitheamh ag spaisteoireacht lena anam féin. Tá dhá thaise den Fhíor-Chros anseo agus tagann na mílte oilithreach ann gach bliain. Sa bhliain 1975 rinneadh athnuachan iomlán ar an mainistir agus ní féidir a rá ach go dtáinig feabhas ar an láthair le hocht gcéad bhliain. Dúradh liom ar ball go mbeidh pósadh sa séipéal inniu. Fanfaidh mé thart.

Téimid trí Bhóthar Leathan agus ag síneadh siar go Luimneach tá an Gleann Órga – machaire méith na Mumhan – a bhfuil cáil na curaíochta air. Sula dtagaimid ar an mbaile tá an Caiseal ina sheasamh go hard os cionn an iomláin. Ar bharr an Chaisil tá Ardeaglais Naomh Phádraig, a bhfuil an túr láir 85 troigh ar airde. Gar dó seo tá clogás ón 12ú haois atá 70 troigh ar airde. Anseo freisin, tá Teampall Mór Chormaic agus istigh ann tá tuama Chormaic Mhic Chárthaigh, Rí na Mumhan, a bhásaigh sa bhliain 1138. Ba é siúd a thóg an séipéal.

San iarsmalann tá Cros Phádraig agus an Chloch Chorónaithe. Tá an chros ón 12ú haois seacht dtroigh ar airde agus tá fíor an naomh ar aon taobh amháin. Tháinig Pádraig ann sa chúigiú haois agus d'inis a scéal don Rí Aonas. D'fhreagair an rí is na draoithe go raibh dia acu do gach a raibh uathu. Labhair Pádraig le Dia is thit na déithe cloiche. D'iarr Rí Aonas baisteadh ar Phádraig, ach ó bhí an tsacraimint chomh tábhachtach sin, theastaigh ón rí go mbaisteofaí é ar an gCloch Chorónaithe. Rinneadh.

'Tig leat éirí anois,' a deir Pádraig leis an rí. Ach níor fhéad sé mar bhí bachall Phádraig sáite i gcois an rí agus an fhuil ag rith aisti.

'Mo bhrón,' deir Pádraig. 'Tuige nach ndúirt tú liom?'

'Ó, shíl mé go mba chuid den bhaisteadh é,' a d'fhreagair an rí.

Tá Sráidbhaile Pobail Chaisil ina athchruthú ar an mbaile mar a bhí san 19ú haois agus tá an Bothán Scoir ina athchruthú ar theach tuaithe den 17ú haois ar an suíomh bunaidh. I mBrú Ború soláthrófar duit ceol, amhránaíocht agus damhsa den scoth agus fáilteofar romhat más áil leat páirt a ghlacadh agus ceol a bhaint as na cláracha. Is fiú cuairt a thabhairt freisin ar an Leabharlann GPA-Bolton.

Siar uainn tá Dún Droma mar a bhfuil 2,000 acra de thalamh cosanta ar phortach uair é. Tá gach cineál ainmhí, éin is fáis ag maireachtáil anseo gan cur isteach ó aon duine is tá siúl nádúir tríd an bportach a mbainfí taitneamh is tairbhe as. Tá baile Thiobraid Árann tamall gearr uainn. Anseo tá dealbh de Charles Kickham (1828-82) file agus úrghráthóir a rugadh i Muileann na hUamhan. Tá an dealbh '*The Maid of Erin*' ann i gcuimhne ar Mhairtúirigh Mhanchain. Ainmníodh páirc anseo i gcuimhne ar Sheán Ó Treasaigh a thug a chuid san iarracht mhór. Ach féach

agus carr fút tá turasanna áille lámh leat. Tá Gleann Eatharlaí, Cnoc an Cheoil, na Gaibhlte, an V, ach thart ort ar fad tá áilleacht is saibhreas radharcra le blaiseadh.

Ar charraig i lár na Siúire tá caisleán agus táimid sa Chathair. Ba iad na Buitléaraigh a thóg an caisleán sa 15ú haois. Sa bhliain 1599 phlanc an tIarla Essex le gunnaí móra é ar feadh trí lá ar son Eilís I Shasana. Tá roinnt caor ordanáis dingthe isteach sna ballaí go dtí an lá inniu.

Soir linn go Cluain Meala, baile álainn ina suí go teolaí ar bhruach na Siúire. Más suim leat breac nó bradán croch leat do shlat, nó más eol duit duine ar bith a bhíonn ar a dtóir faoi choim na hoíche seans go sábhálfar an trioblóid ort. Bíonn cúnna is caiple ag rás ar an mbaile seo freisin is giorriacha amuigh ar chnoic a bhrisfidh croí ghadhair na tíre. Seasann dhá gheata an bhaile chontae seo ag dhá cheann na príomhshráide, ceann amháin acu ón mbliain 1831 agus an ceann eile ón mbliain 1674 a tógadh mar theach cúirte. Sheas an baile seo ar feadh trí seachtainí in aghaidh léigir Chromail sa bhliain 1650.

Bóthar álainn soir é ó Chluain Meala go Carraig na Siúire agus an abhainn leathan chroíúil ar thaobh na láimhe deise. Tá clog an bhaile ag insint an ama do na daoine ón mbliain 1784 agus is fiú cuairt a thabhairt ar shéipéal Naomh Nioclás, a críochnaíodh sa bhliain 1880, agus na pánaí gloine daite agus na colúin de mharmar Chill Chainnigh a bhreathnú.

Is fiú freisin cuairt a thabhairt ar an gcaisleán. Tomás Dubh de Buitléir, an deichiú hIarla a thóg an caisleán sa 16ú haois. Tá Cearnóg Sheáin Uí Cheallaigh anseo acu le hómós don rothaí a bhfuil clú domhanda bainte amach aige. Is é fáth nach bhfuil níos mó á rá agam faoin lúthchleasaí iontach seo ná go n-abraítear liom gur rugadh trasna na habhann i bPort Láirge é. Ní mór a bheith cúramach is tú ag taisteal na tíre áille seo.

Casfaidh mé siar is caithfidh mé an oíche le mo chara Seán i gCluain Gheal na Meala. Mar a dúirt Eoghan Rua bocht:

Rachainn leat go Caiseal

Nó go Chuain Gheal na Meala

Nó go Carraig na Siúire thar m'eolas.



Port Láirge

Ní thuirseoinn riamh den bhealach álainn idir Cluain Meala is Carraig na Súire nó sin é atá curtha díom ar maidin agam is trasnóidh mé an abhainn chróga go Carraig Bheag. Ní fada trasna mé go bhfeicim dealbh don Athair Ó hÍcí, dealbh a nochtaíodh ag Cairdinéal ag dearbhú don saol gur sheas an sagart an fód nuair ba dheacair. Blaisim den íoróin is casaim isteach chuig reilig na Mainistreach Proinsiasaí mar a luíonn an tAthair Ó hÍcí go ciúin.

Tá cead dúichíoch anois agam labhairt ar Sheán Ó Ceallaigh, Eorpach na Bliana 1989 agus a áiríodh ar feadh cúig bliana i ndiaidh a chéile mar an rothaí a b'fhearr ar domhan. Rinne Uachtarán na hÉireann bronnadh air as an méad a rinne sé ar son na rothaíochta agus as a pháirt mar ambasadóir neamhoifigiúil don tír. Ba shuim liom a fhreagra ar teilifís nuair a ceistíodh é faoin gcearnóg i gCarraig a ainmníodh as. 'Go hiondúil ní mór duit bheith marbh ar feadh cúpla céad bliain sula ndéantar a leithéid', a dúirt sé go beacht.

Buailimid soir go dtagaimid go Port Láach, sráidbhaile a thóg an tionsclaí David Malcolmson dá chuid oibrithe sa 19ú haois. Chomh maith leis an tionscal bhí a gcineál féin airgid agus a gcuid siopaí ag muintir Malcolmson. Nach gcuirfeadh an rud ar fad i

gcuimhne duit amhrán a chanadh Meiriceánach éigin tamall ó shin, ‘*I owe my soul to the Company’s store*’.

Beagán le cois an dosaen de mhílte agus scroichimid cathair Phort Láirge. Insíonn an cé míle ar fhaid faoina thithe ósta, bialanna, tábhairní, siopaí is stórais, gur baile poirt gnóthach í an chathair chéanna. Ach tá oiread le feiceáil ar an mbaile broidiúil seo go gcaithfimid gach suí a shéanadh is cuairt a thabhairt mar shampla ar Thúr Reginald atá os cionn seachtó troigh ar airde is a bhfuil deich dtroithe tiúis sna ballaí. An Danar Reginald a thóg an Túr san 11ú haois agus ba chuid den bhalla daingnithe é. Thar na blianta ba theach ríoga é, mionta, stóras míleata agus príosún. Anois tá an Iarsmalann Chathartha agus Mara istigh ann, láthair thaitnimh agus thairbhe don chuairteoir.

Agus breathnaigh isteach ar an Séipéal Francach, ceann d’Fhoirgnimh Náisiúnta na hÉireann. Sior Hugh Purcell a bhunaigh é sa bhliain 1240 mar mhainistir Phroinsiasach agus chuir Anraí III lena moin. Sháraigh sí toirmeasc na mainistreacha agus úsáideadh í mar ospidéal do sheandaoine. Sa bhliain 1695 rinneadh áit adhartha di do na dídeanaithe Úgónacha agus b’as sin a tháinig an t-ainm ‘Séipéal Francach’.

Fothrach eile a seasann an túr ann i gcónaí agus ar fiú é a fheiceáil ná Mainistir na nDoiminiceach a tógadh sa bhliain 1226 is a rathaigh ar feadh trí chéad bliain go dtí an toirmeasc. Gar dúinn tá an balla thiar de Shéipéal Naomh Olave, a bhfuil fágtha den fhoirgneamh uingeach a tógadh sa bhliain 870.

I Lána Jenkins tá Séipéal Naomh Pádraig, 1750, an séipéal Caitliceach is seanda sa chontae. I rith na bpéindlíthe úsáideadh é mar stóras arbhair ach d’úsáideadh na hÍosánaigh é mar áit adhartha. Is fiú go mór cuairt a thabhairt air agus taitneamh a bhaint as an deisiú atá déanta air. I gCearnóg na hArdeaglais seasann Ardeaglais Chríost agus is ann atá an chuimhne cháiliúil ar James Rice, Méara na Cathrach, a bhásaigh sa bhliain 1490. Léiríonn sé corpán Rice leathmhheata agus snoíodh é de réir teorach Rice mar fholáireamh d’ainchreidmhigh ar ghiorracht an tsaoil seo. Tar éis breathnú ar an dealbh ba thrua liom nach raibh bealach níos deise ag Rice chun a scéal a chur abhaile.

Tógadh an Ardeaglais Chaitliceach, an Tríonóid Naofa, atá i Sráid Barronstrand, idir 1793 agus 1796. Rinneadh tochailt le deireanas i bhfothrach Gheata Naomh Máirtín, geata dhá thúr a tógadh san 11ú haois. I Halla na Cathrach, láimh leis, a tógadh mar Sheomraí Tionóil sa bhliain 1788, tá an Amharclann Ríoga.

I Sráid Chaitríona tá Teach na Cúirte a tógadh sa bhliain 1849. Breathnaíonn sé amach ar Pháirc na nDaoine agus leagadh amach an 15 acraí seo sa bhliain 1857. Ní mor cuairt a thabhairt ar an Ionad Oidhreacht a Sráid Greyfriars mar a bhfaighidh tú amharc grinn ar stair na cathrach. Agus ar ndóigh, tá eolas domhanda ar Chriostal Phort Láirge, gnó a bunaíodh san 18ú haois agus a thit i lár an 19ú haois i ngeall ar easpa chaipitil is cáin mhillteach. Sa bhliain 1947 athbhunaíodh monarcha chriostail agus as sin d'fhás an gnó atá anois ann is go ndíoltar a tháirgí ar fud an domhain.

Is féile idirnáisiúnta Féile Cheoldráma Phort Láirge a ghealann tráthnónta Mheán Fómhair agus an ghrian ag lagú. Ó Lehar go Purcell agus cumadóirí an lae inniu, cuirtear ar fáil iad le hamhránaithe is stáitsiú den scoth agus ní bhíonn caill ar an gceol sna tithe ósta ar feadh na tréimhse.

Soir linn go dtí an Pasáiste mar a dtáinig Strongbow i dtúr an lá sin. Bhí lá eile anseo nuair a tháinig Cromail i dtúr. Deir siad go mba é siúd a cheap an chaint '*By Hook or by Crook*' ag tagairt dó don dá cheann tíre nár mhór dó a shárú is é ag tabhairt faoi chathair Phort Láirge. Tá bád farantóireachta as seo go Baile Chac nach dtógann ach ceithre nóiméad is a shábhálann turas caoga míle bóthair. Tá Dún Mór Thoir ó dheas uainn. Sráidbhaile iascaireachta é seo agus príomhionad d'iascaireacht ón talamh is ó bhád agus do luamhaireacht.

Fagaimid Aerfort Phort Láirge ar ár ndeasóg is déanaimid ar an Trá Mhór a bhfuil eolas ar fud na tíre air mar áit saoire. Chomh maith leis an trá tá 50 acraí forbartha ann a sholáthraíonn a mbeadh ag teastáil ó lucht saoire.

Siar linn trí Bhun Machan agus Sráidbhaile, a bhfuil cuas, trá is snámh le fáil iontu, agus sroichimid Dún Garbhán, baile margaidh agus baile poirt. Naomh Garbhán a thug a ainm don bhaile mar ar bhunaigh sé mainistir sa seachtú haois. Bhí déanamh báid ina thionscal i nDún Garbhán is bhí an-fhás faoin mbaile i dtús an 19ú haois ach leis an nGorta thit an daonra go borb is theith cuid mhór thar sáile.

Inniu tá Cearnóg Grattan i lár an bhaile broidiúil, agus cuma ghnóthach ar na hóstlanna, na bialanna is na siopaí sna sráideanna ag dul amach uaithi. Ag bun Shráid Pharnell tá Sean-Teach an Mhargaidh a tógadh sa bhliain 1690 agus atá anois ina iarsmalann, ina leabharlann agus ina oifig turasóireachta. Síos uaidh seo tá Caisleán Dhún Garbhán a thóg an Prionsa Seán sa bhliain 1185. Tá mainistir Agaistíneach anseo a tógadh sa bhliain

1290. Scrios saighdiúirí Chromail chuid mhór di sa bhliain 1649 ach is cuid anois é den séipéal Caitliceach a tógadh sa chéad seo thart.

Seasann Ceapach Choinn ag cois Shléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh agus ó chasann an dá abhainn le chéile anseo ní minic an baile margaidh seo gan a scar féin d'iascairí i mbun na healaíne. Ó thuaidh uainn tá na Comaraigh agus aon uair a fheicim iad cloisim glór domhain ciúin Annraoi Uí Liatháin i mbun 'A Chomaraigh aoibhinn Ó'. B'fhear é Annraoi a d'inseodh scéal is nach gcanfadh amhrán ach a chuirfeadh a chroí ar fad isteach san amhrán sin ag moladh sléibhte a chontae féin.

Feicimid an caisleán is spuaic na hArdeaglaise i Lios Mór sula mbualaimid isteach ar an mbaile. Sa bhliain 633 bhunaigh Naomh Cárthach dhá mhainistir anseo, clochar do na mná rialta agus mainistir do na manaigh. Faoin dara haois déag ba é ceann de na príomhionaid spioradálta sa Mhumhain é. Sa bhliain 1185 thóg an Prionsa Seán caisleán ar bhrúach na habhann. Atógadh an caisleán a sheasann inniu ann sa chéad seo thart.

Ó thuaidh uainn tá Mainistir Melleray na gCistéirseach a bunaíodh sa bhliain 1822, áit a mbíonn fáilte roimh an té ar mhaith leis nithiúlacht an tsaoil a fhágáil ar feadh scaithimh is comhluadar a dhéanamh lena anam féin. Ó dheas tá Teach Dromona mar ar mhair Caitríona Nic Gearailt, Sean-Chuntaois Deasún. Deir siad gur mhair sí go 120 bliain agus deir daoine eile gur 160 bliain a bhí aici nuair a thit sí as crann síliní chun a báis. Tá ceacht ansin dúinn uile, is dócha.

Ach déanfaidh mé sciúird ó dheas go dtiocfaidh mé go hAird Mhór. Ba é Déaglán Naofa sa chúigiú haois a thug an Chríostaíocht chuig an taobh seo tíre. Amach i mbád a bhí sé nuair mar fhreagra ar a chuid paidreacha sheas carraig ar snámh lena chlog is a éide gar don bhád. 'Pé áit a dtagann sé sin i dtír', a deir Déaglán, 'tiocfad féin'. Tá cloch Dhéagláin le feiceáil i gcónaí mar a dtáinig an naomh i dtír, crochta ar charraigeacha taobh theas den chladach. Thar óstlann Cliff House tá Tobar Dhéagláin agus fothrach séipéil mar ar chaith sé a bhlianta deiridh. Os cionn an tsráidbhaile tá clogás ón dara haois déag atá céad troigh ar airde. San Ardeaglais tá colún cloiche a bhfuil scríbhinn oghaim air ón gcúigiú haois.

Deir m'uaireadóir liom go bhfuil an lá caite ach tá solas Meithimh fós sa spéir is beidh. Ó thuaidh liom nó go gcasfad

isteach ar an Rinn mar a bhfuil ceol, caint, comhluadar is na hamhráin ar stíl na nDéise. Tá mná is fir óga, fonn acu, fonn orthu, a dhéanfaidh Neamh den chuid eile den lá dom nó go mbeireann an codladh ar mo shúile.

Glaofad isteach ar Dhónall Ó Murchú. Déanfaidh sé spás dom. Maidin amárach seasfad ar an bplásóg ar aghaidh a thí is breathnód uaim an cuan álainn is na sléibhte ó thuaidh is cloisfead glór ard maorga Niocláis Tóibín:

*Nach róbhreá an dúthaigh a mbéarfainn liom thú
Go Cois Abhann Móire na nDéise.*

Corcaigh



Ní mé nach héileacaptar a b'fhearr ná carr fúm ó tá fúm cuairt Chorcaí a thabhairt. Fairsinge an chontae a bhuaileann mé. Feicim go bhfuil féasta taistil romham, agus goile agam chuige mar a dtagaim isteach go hEochaill ag Béal na hAbhann Móire.

Fáiltíonn an túr cloig Seoirseach cáiliúil romham. Tógadh an túr, a thrasnaíonn an tsráid mhór, sa bhliain 1777. Bhí Sior Walter Raleigh ina mhéara ar an mbaile 1588-9. Chónaigh sé ag Myrtle Grove agus deir siad lá dá raibh Walter ag ól a phíopa gur cheap cailín aimsire go raibh sé trí thine is gur chaith sí buicéad uisce anuas air. Rinne John Houston an scannán mór *Moby Dick* ar an mbaile seo sa bhliain 1956. Meallann na tránna thart ar Eochaill na mílte ar saoire i rith an tsamhraidh. Agus má théann tú go hEochaill ná dearmad na maidí gailf.

Ní gá cuaille eolais ar bith ach an ghaoth aniar le rá linn go bhfuilimid ag déanamh ar Mhainistir na Corann. Is ann atá ceann de na drioglanna is nua-aimseartha san Eoraip. Tá ionad oidhreacht ann mar a n-insítear modh a dhéanta. Seans go bhfaighfeá é a bhlaiseadh ach mura dtarlaíonn ná luaigh mise.

Síos ar clé uainn tá Cluain mar a bhfuil clogás céad troigh ar airde a tógadh os cionn 800 bliain ó shin. Déantar potaireacht i gCluain ar féidir é a cheannach sna siopaí nó ó na potairí féin ar thaobh na sráide. Tá sráidbhaile Baile Coitín píosa beag síos uaidh agus anseo tá traidisiún iascaireachta leis na céadta bliain. Tig leat

tamall a chaitheamh ag iascach ó cheann an ché nó bád a chur ar cíós agus ní thiocfaidh tú abhaile le mála folamh. Agus siar ó dheas tá Trá Bolgan. Tá 140 acra d'ionad saoire nach mbíonn ag brath ar an aimsir. Tá cumann gailf anseo chomh maith.

Ar aghaidh linn don Chóbh, a bhí mar bhunáit Chabhhlach Shasana go dtí 1937. Ionad saoire agus luamhaireachtra anois é. Is iomaí sin deoir a sileadh anseo agus eisimircigh ag imeacht ar na galtáin go Meiriceá, mar nach bhfeicfí arís iad. Nach mór an t-athrú sa saol é agus daoine anois ag fáil eitleáin anonn is anall mar is mian leo, shílfeá. Ghlaoigh an *Sirius* isteach chuig an gCóbh sa bhliain 1838 nuair ba é an chéad ghaltán é a thrasnaigh an tAigéan Atlantach. I 1912 ghlaoigh an *Titanic* isteach ar a thuras cinniúnach.

Ó tá tú thart glaoigh isteach ar Oileán Fota. Tá 70 acra anseo faoi chúram Chumann Ríoga Zó-eolaíochta na hÉireann agus feicfidh tú ainmhithe ag fánaíocht thart gan bac nach í Éire a dtír dhúchais. Tá bailiúchán crann is tor ann chomh maith ó thíortha ar fud an domhain.

Tar éis sciúird ó thuaidh, tagaimid go Mainistir Fhear Maí, baile margaidh a thóg John Anderson, mangaire Albanach, ag deireadh an 18ú haois. Thóg sé beairic mhíleata ann chomh maith agus dúirt sé, 'Irish papists are as well entitled as Protestants to live all the days of their lives'. Nach é a bhí lách. An-ionad iascaireachta é Mainistir Fhear Maí agus bunáit mhaith le turas a thabhairt ar ghleann na hAbhann Móire.

Tá Baile Chaisleáin an Róistigh siar uainn. Sa bhliain 1650 agus airm Chromail ag réabadh na tíre, theith an Tiarna de Róiste ón gcaisleán agus d'fhág sé a bhean i mbun chosaint an dúin. Gabhadh an Bhantiarna agus crochadh í i gCathair Chorcaí. Níl trácht sa stair níos mó ar an Róisteach, ní nach ionadh.

Thángthas ar chnámha d'ainmhithe ón oighearaois sna pluaiseanna taobh thíos den sráidbhaile agus tá siad le feiceáil anois san Iarsmalann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Anseo, freisin, tá fothrach Mhainistir Bhaile an Droichid a bhunaigh na hAgaistínigh agus a cuireadh faoi chois le linn an athraithe chreidimh.

Tá tearmann fiabheatha de 400 acra ag Dún ar Aill mar a mbíonn tréad fianna rua ag innilt. Máguaird tá an baile rafar, Baile Mhistéala, a bhfuil cáil air as ucht a thionscail déiríochta. Tá na bailte seo uile gar dá chéile agus duine éigin cabhrach ar láimh leat má théann tú ar strae.

San 18ú haois agus sa 19ú haois bhíodh tóir ar Mhala i ngeall ar uiscí an spá atá ag cuilitheáil aníos i gcónaí as aolchloch ag teas seasmhach de 22°C. Faoi láthair tá ainm air as an monarcha siúcra agus mar ionad iascaireachta, seilge agus turasóireachta, i ngleann na hAbhann Móire. Sa 19ú haois chaith an t-úrscéalaí Anthony Trollope tamall ag obair in Oifig an Phoist i Mala.

Ar an dara lá déag de mhí Iúil gach bliain díoltar agus ceannaítear capaill ar Aonach na gCapall i gCill na Mallach. Sa bhliain 1752 thug Edward Blake dúshlán carad leis rás capaill ceithre mhíle idir séipéal Chill na Mallach agus an séipéal i nDún ar Aill. Trína súil a choinneáil ar spuaic an tséipéil i nDún ar Aill d'fhéadfadh siad beirt an bealach ba dhíri a dhéanamh. As sin a chuaigh an focal '*steeplechase*' isteach sa Bhéarla.

Scaipthe trí na sléibhte a dtugtar 'An Bhograch' orthu tá galláin, ciorcail chloch, ráthanna, agus iarsmaí réamhstairiúla eile. Síneann na sléibhte ó dheas ó ghleann na hAbhann Móire idir Mala agus Baile an Mhuilinn. Is sás suime don seandálaí an taobh seo tíre.

Soir ó dheas linn go dtí an chathair trí Bhlarna na muillte olla agus na cloiche cáiliúla a bhronnann dea-chaint ar lucht a pógtha. 'Is leor', a dúirt cailín álainn anseo liom fadó, 'go bpógfá duine a phóg an chloch'. Ach níor tháinig an-fheabhas orm.

As an mainistir a thóg Naomh Fionnbharr sa seachtú haois d'fhás Cathair Chorcaí. Bhí loingeas riamh tábhachtach anseo agus inniu is cathair chuain rathúil í Corcaigh. Ritheann Abhainn na Laoi trí lár na cathrach á roinnt in dhá leath a fhágann go bhfuil céanna is droichid go flúirseach ann. Cathair de spuaiceanna eaglaise, de chuasfhuinneoga, de thithe Seoirseacha breátha, de thábhairní beo, de shiopaí nua-aimseartha agus de shiúlóidí aoibhne.

Is níl aon sórt cluiche is eol don duine nach n-imrítear sa chathair spleodrach seo. Ach déan comhlúadar ceoil i dtábhairne ar bith is cloisfidh tú amhráin nár chuala cheana agus áiria nó dhó a shásódh na mórchumadóir dá dtaobhódh sé bruacha breátha na Laoi.

Tháinig mé féin is cairde liom chuig Páirc Uí Chaoimh le haghaidh cluiche leathcheannais na hÉireann, Domhnach samhraidh in '83. Níor shroiseamar an baile go dtí an Chéadaoin. Bhí daoine ár lorg.

Fágfaimid an t-aerfort ar clé le bualadh ó dheas go Cionn tSáile is má ba bhaile na cinniúna uair é anois tá cáil a mbialanna á

síorleathnú is tóir air ag beadaithe iasc-chúrsaí nach bhfuil a sárú le fáil. Is cuimhin liom bean fhadcheannach ag rá nuair a tugadh an gás i dtír, 'Chailleamar an cath ach bhaineamar an cogadh'.

Siar linn trí shráidbhailte áille cois farraige nó go sroichimid Cloich na gCoillte mar a mbíonn an Seó Curaíochta, an Fhéile Cheoil agus Féile na bhFáncheoltóirí, trí fhéile mhóra a thugann na mílte ann. Ach má tharlaíonn ann tú nuair nach mbíonn aon cheann acu sin ar siúl ní bhfaighidh tú bás den uaigneas mar is baile breá cluthar é nach deacair teacht ar cheola ann aon oíche sa bhliain.

Sa seachtú haois déag tar éis gur loit foghlaithe mara Dún na Séad tógadh an baile breá An Sciobairín. Tá aonach beithíoch anseo dhá uair sa tseachtain. Deireadh mí Iúil isteach go Lúnasa a bhíonn Féile Ainnir an Oileáin. Lár mí Lúnasa a bhíonn *Grand Prix* Úim ann agus Sodar Sciobairín. Tá iascaireacht, galf, badóireacht, luamhaireacht, leadóg, capaill ar cíos, ach fan, nach bhfuil do dhóthain ansin agus go luath ar leaba.

As Dún na Séad ghabhfá isteach go Cléire mar a bhfuil radharc agat ar roinnt mhaith cineálacha éan farraige ag neadú. B'anseo a rugadh Naomh Ciarán sa séú haois. Tá a shéipéal is an tobar beannaithe le feiceáil ann. Is í an Ghaeilge teanga mhuintir an oileáin. Beagán de mhílte farraige amach ó Chléire tá Carraig Aonair agus í siúd an pointe casta thiar i Rás Luamhaireachta Charraig Aonair a ritear gach dhá bhliain.

Siar arís uainn tá Beanntraí, baile margaidh mar a bhfuil a mbeadh ag teastáil ón gcuairteoir le sonas a bhaint as saoire. Cearnóg Wolfe Tone a thugtar ar phríomhchearnóg an bhaile i gcuimhne ar an seal a chaith sé leis an nGineareál Hoche agus an stoirm á gcoinneáil ó theacht i dtír.

Bhí braon báistí ann ar ball ach tá sé glanta arís is déanfad ar Mhaigh Chromtha is breathnód siar ó chaisleán an Chárthaigh ar Inse Geimhleach, Guagán Fhionnbharra, Béal Átha an Ghaorthaidh. Ar an mbóthar eile tá Baile Bhuirne, Cúil Aodha. Ag dul thar Bhéal na mBláth dom cuimhneod ar an duine iontach a chloígh seirbhís rúnda impireachta.

I gCúil Aodha glaofad isteach ar Pheadar Ó Riada. Nárbh é a athair ina fhear óg a ghlan an scamall de scáthán na ndaoine. Beidh ceol anocht is seanchas.



Ciarraí

Roinneann an Cheacha leithinis Bhéarra agus cinntíonn an teorainn idir Corcaigh agus Ciarraí. Más suim leat bláthanna, fásra, crainn is rosáin ar fheabhas cuir do chloigeann isteach ar na gairdíní coillearnaí ag Doirín. Is mura leor leat a bhfeiceann tú ann ó thuaidh leat go Loch Inse Uí Chuinn mar a gcuirfear os do chomhair breis d'iontais an nádúir. Ar imeall an locha líonfar do shúil leis an eas ag titim leis an loch eile is ag sruthlú ded spiorad gach brú is imní. Tá an loch lán le bric is bradáin ag léimreach le meidhir.

Soir ó thuaidh tá Neidín, baile atá ina cheangal idir Cuairt Chiarraí agus Cuairt Bhéarra. Sior William Petty, suirbhéirghinearál do Chromail, a bhunaigh an baile sa bhliain 1670. Baile margaidh é a mbíonn aonach caorach go minic ann. In aice an tséipéil Chaitlicigh tá clochar a bunaíodh sa bhliain 1861. Sa chlochar seo bhí an bhean rialta Máire Proinsias Cíosóig a scríobh *Stair Chiarraí*. Ba í an tSiúr chéanna a chuir an

ghluaiseacht agrach ar bun i rith ghorta na bliana 1879 is a shábháil na mílte ón mbás.

Tá ciorcal cloiche de chúig clocha déag anseo le trí mhíle bliain agus tá mullán adhlaic ina lár.

Tá taispeántas de dhéantús lása idir shean agus nua-aimseartha sa phríomhshráid. Ba iad na Siúracha a chuir an ealaín seo ar bun do mhná na háite i rith an ghorta. D'éirigh go hiontach leis an obair agus bhí cáil air ar feadh na mblianta ach thit an tóin as an ngnó agus is le gairid amháin atá an athbheochan ann.

Siar linn arís ar thaobh eile na habhann agus tagaimid go Páirc na Saileach. Fágann tionchar Shruth Mhurascaille Mheicseiceo fásra fo-theochreasach anseo nach bhaighféa in áit ar bith eile sa tír. Thagadh Shaw go minic ann agus deir siad liom gur scríobh sé cuid mhór den dráma cáiliúil 'San Siobhán' anseo. Bhí sé de phribhléid ag cuid againn Siobhán Nic Cionnaith a fheiceáil sa pháirt agus sa leagan Gaeilge a chuir sí féin ar an olldráma. Tabhair pribhléid air!

An tSnaidhm an chéad sráidbhaile eile againn. Is a bhfuil den iascaireacht ar fáil anseo b'iontach leat gnó ar bith a bheith ag an mbúistéir. Tá iarsmalainn acu ann d'uirlisí seanaimseartha feirme is tí agus tá bealach soir ó thuaidh go Moll's Gap le radharcanna maorga sléibhte. Tá an sliabh is airde sa tír, Corrán Tuathail, romhat amach is ná habair liom nár chroch tú na buataisí dreapadóireachta leat.

Siar linn go Doire Fhionáin mar ar bhunaigh Fionán mainistir sa 6ú haois. Tá Teach Dhoire Fhionáin suite i bPáirc Náisiúnta de 320 acra. Is cuimhneachán náisiúnta an teach anois ar an bhFuascailteoir. Deirtear go seasann an teach ar shuíomh mhainistir Fhionáin is nach cuí. Tá sé sa seanchas freisin gur bheag meas Dhónaill ar an nGaeilge. Bhí sé buíoch di, áfach, nuair a shábháil sí ón nimhiú é:

*Tá oiread i do chupán is a mharódh na céadta.
Maith thú a chailín, gheobhaidh tú féirín.*

Is nach mbeadh duine ar bith!

Taobh amuigh de Dhoire Fhionáin tá tuamaí le 4,000 bliain agus tá tuama Clochaoise le 5,000 bliain.

Ar an gCoireán tá an cladach ar áilleacht is tá iascaireacht sna locha máguaird. I dteach ósta tá an 'Tolglann Chaplin' a bhfuil na

ballaí ann clúdaithe de phictiúir den fhuirseoir mór idirnáisiúnta is dá chlann a thagadh ann go minic ar saoire. Thagadh Walt Disney ann chomh maith agus Shaw. Trua nár chaith siad triúr tamall ann le chéile, an bodach, an cartúnaí agus an tráchttaire.

'Ag Port Mac Aoidh do stopas seal', agus b'iomaí sin long a stopadh gan coinne ann. B'oifigeach in arm Rí Shéamais ag Cath na Bóinne an Mac Aoidh céanna a tháinig chuig an gCaladh is a chleacht an smuigléireacht. Tá cuan breá nádúrtha anseo a réitíonn go mór leis na hiascairí. Taobh thiar den sráidbhaile tá bóthar chuig Baile an Sceilg trí Chom an Easpaig atá 1,000 troigh ar airde.

Ocht míle amach ón gcósta tá Sceilg Mhichíl mar a bhfuil dreapadh 500 troigh ar staighre a tógadh 1,000 bliain ó shin a thugann an cuairteoir chuig ceann de na suímh mhanachúla is ollásaí san Eoraip. Gar do Sceilg Mhichíl tá an Sceilg Bheag atá ina tearmann éan mara a mheallann éaneolaithe i rith an tsamhraidh.

Tá droichead nua-aimseartha idir Port Mac Aoidh is Dairbhre. Ar an oileán tá an fochla dorcha mar a bhfuil íomhánna coisricthe suite ar an mbealach isteach chuig seanchoiréal slinne na céadta troigh os cionn farraige. Tá ionad oidhreacht a mBaile an Ridire a insíonn scéal suimiúil leagan an chéad chábla teileagraif thrasatlantaigh ó Dhairbhre sa bhliain 1866.

I gCathair Saidhbhín tá dhá fhoirgneamh ollmhóra. Sa phríomhshráid tá Séipéal Cuimhneacháin Uí Chonaill a tógadh sa bhliain 1875 mar chomóradh an chéid ar bhreith Uí Chonaill. In aice an droichid tá an foirgneamh eile, fothrach de bheairic phóilíní a dódh go crotal sa bhliain 1922. Deir siad liom gur dearadh an bheairic seo le haghaidh India is gur tógadh anseo trí dhearmad í. Seans gur sláine a bheadh sí dá ndéanfaí mar a chéadcheapadh.

Soir linn thar locha, Loch Cárthaigh orthu atá cúig mhíle ar fhaid, is radharcra sléibhtíúil. Ach stop an carr is seas amach óir tá saibhreas na háilleachta ag ionsaí do spiorad mar nach gcreideann tú go bhféadfadh cumhacht dá mhéad í an raidhse seo a sholáthar. Tá Ros Beithe ar clé uait is a chladach gainmheach a gcaillfí seacht gcatha na Féinne ann; nó an ansin a d'imigh siad?

Ar aghaidh linn go Cill Orglan suite ar an Leamhain. Tá na bradáin flúirseach san abhainn seo cé gur beag aird na ragairneálaithe orthu gach Lúnasa nuair a ghairtear rí de phocán gabhair le féile a théann siar sa phágántacht a cheiliúradh.

Ó thuaidh uainn tá Caisleán na Mainge. Bhí Ludlow gnóthach anseo freisin ag loit an chaisleáin tamall maith sular fhág Seán Ó Dúgáin baile le dul chuig an Astráil mar ar thuill sé an teideal *'The Wild Colonial Boy'*.

Siar, siar linn anois mar táimid ar Leithinis an Daingin is tá féasta mór Gaeilge, ceoil is amhránaíochta romhainn. Brúim an luasaire go hurlár. Ach fan ort, tá dlíthe anseo acu chomh maith. Cé chreidfeadh go mba ghá. Trí Inis linn, agus trí Abhainn an Scáil mar a bhfuil an tábhairne, An Mol Theas, ainmnithe mar chuimhne ar Tom Crean, iarúinéir agus fear a bhí ar an tsluaíocht chinniúnach ó dheas is a tháinig ar chorp Scott is ar choirp a chomrádaithe.

Beidh an Daingean lán go béal le cuairteoirí anois i lár an tsamhraidh ach tá a fhios agam cá sásód mo bhéal féin le pláta éisc nach bhfuil a shárú le fáil sa tír. Agus mé sásta buailfead siar. Tá Ceann Trá le feiceáil is Ceann Sléibhe is Dún Chaoin. Nach ansin a casadh orm an seanfhear oíche amháin a dúirt liom: 'Dá mbeadh an chumhacht agamsa dhíreoinn cósta Chiarraí amach ina bhóthar díreach siar is thabharfainn an bóthar sin orm féin go dtiocfainn isteach chuig Bostún mar a bhfuil mic is infonacha liom is clanna orthu siúd is dhéanfainn comhrá caidreamhach leo i dteanga dhosháraithe ár muintire'.

Tá na Blascaoid ag stánadh isteach orainn le linn an ama. Ach tá Baile an Fheirtéaraigh agus seanchas Phiarais le cloisteáil. Féach, is éard is measa faoin obair seo agamsa nach ceadmhach dom moill a dhéanamh in áit ar bith go dtréigeann an ghrian an spéir. Nárbh é Muiris Ó Súilleabháin a dúirt nuair a chaithfeadh sé dul isteach sa naomhóg i dtreo an oileáin tar éis spraoi an Daingin. 'Is é an chuid is measa,' a dúirt an buachaill bocht.

Tá Cnoc Bhréanainn go hard os ár gcionn ar an mbealach soir, tá agus sléibhte eile is gleannta is srutháin is cuanta. Líon do shúil. Táimid i gCiarraí. Trí Chaisleán Ghriaire, tríd an gCom is táimid ag déanamh ar Thrá Lí. Mall atáimid d'Fhéile Idirnáisiúnta an Róis ach tig linn teacht ar Shiamsa Tíre an Athar Pat, am ar bith sa bhliain, is cosúil, is ar an halla áirgiúil aithnidiúil a mbíonn na siamsaí aeracha le feiceáil ann.

Ó thuaidh trí Ard Fhearta ar phríomhchathair eaglasta Chiarraí uair é, is amuigh ag Beannach taibhsítear dúinn Mac Easmainn is an feitheamh uaigneach. Thar abhainn na Féile is tiocfaimid isteach ar Bhaile an Bhuinneánaigh is beimid le muintir

Chiarraí ar saoire cois farraige. Idir Baile an Bhuinneánaigh is Béal Átha Longfoirt tá an sráidbhaile Eas Daoi mar a rugadh athair Jesse James, an fear a bhain díoltas as iarnród Mheiriceá is a maraíodh ag cairde leis ar \$10,000.

Tá roinnt seachtainí caite ó bhí na sluaite bailithe ó chian is ó chongar le haghaidh seachtain scríbhneoirí Lios Tuathail ach b'fhéidir go bhfuil sé chomh maith céanna, beidh deis cainte agam leis an Máistir Brian agus roinnfidh mé cupán le John B. arbh chara saoil liom a dheartháir caoin, Éamonn.

Trí Oileán Ciarraí ó dheas, mar a bhfuil an tsráid is leithne sa tír (ceann eile acu) go Fearann Fuar is isteach go Cill Airne arbh áit turasóireachta í sular ceapadh an téarma.


Sna cnoic thuas uait i dtreo Chorcaí tá an traidisiún veidhleadóireachta, na polcaí, na sleamhnáin, na seiteanna agus tá an traidisiún ag aos óg an bhaile fosta.

Tá fothrach tí Eoghain Rua Uí Shúilleabháin sna cnoic agus is cuimhin liom Pádraig Ó Fiannachta ag insint dom faoi scoláirí Gearmánacha a bhí ar adhastar (m'focalsa) aige ann is é ag léiriú saol an fhile dóibh agus an bás dearóil a fuair sé ina fhear óg. Chas Gearmánach acu thart ar sheandúine de mhuintir na háite a bhí ag diúl a phíopa gan mórán airde aige ar an scoláireacht seo ar fad. 'Cé chreidfeadh,' a deir an Gearmánach, 'File mór iontach mar sin go bhfaigheadh sé bás dearóil de thairbhe scliúchais tábhairne.'

'Tharlódh gur drochphiúnt a fuair an fear bocht sa síbín céanna,' d'fhreagair mo dhuine.

Bliain is tonna páir a theastódh le cur síos a dhéanamh ar an áilleacht mhéith thart orm ach fionn do Chill Airne féin duit. Glac uaim é, tá dóthain ann do gach duine.

Is gan amhras tá a fhios agam cá leagfad mo chloigeann anocht nuair a chiúnóidh an saol. Go Lios na Manach i Mucros a bheidh mo thriall. Fáilteoidh Pádraig is Nóirín romham. Siúlfad síos bealach na Manach is beidh abhainn na Fleisce ag bun na páirce ansin. Iascaireacht nó snámh a bheidh romham, ach tá breac mo bhriceasta bainte amach as an abhainn cheana acu. Snámhfad faoi sholas na gealaí.



Luimneach

Agus ár ndroim le Ciarraí gluaisimid thar dhroichead na Féile, osclaítear doras na fáilte isteach romhainn agus táimid i Mainistir na Féile i gContae Luimnigh. Sa bhliain 1188 thóg Brian Ó Briain mainistir do na Cistéirsigh a thug ainm don bhaile a d'fhás thart uirthi.

Ó thuaidh trí Áth an tSléibhe a bhfuil cáil náisiúnta ar na rinceoirí seiteanna ann agus brisimid isteach ar an tSionainn ag an nGleann. Tá os cionn dhá mhíle leithead san abhainn idir sinn is an Clár, mar a seasaimid, nó cár iontas gurbh é An Gleann an t-iosta iascaireacht bradáin ba mhó ar an abhainn uair. Lárionad anois é don tionscal déiríochta. An Dara hAnraí a dheonaigh an ceantar do mhuintir Mhic Ghearrailt. B'iad siúd a cheap an teideal, Ridire an Ghleanna, agus Deasún Mac Gearailt atá ina ridire faoi láthair.

Soir linn go Faing mar a dtagadh na chéad eitleáin uisce paisinéirí trasatlantacha isteach sna tríochaidí. Ó Mhárta go Deireadh Fómhair tá an iarsmalann eitleán uisce ar oscailt agus is fiú tamall a chaitheamh ann. Ó dheas trí Ardach mar ar thángthas sa bhliain 1968 ar an gcailis cháiliúil den 8ú haois atá le feiceáil san Iarsmalann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tagaimid ar an gCaisleán Nua mar a bhfuil ionad cultúrtha ceapaithe as Halla Fleá na nGearaltach den 13ú haois. Bíonn féile mhór anseo acu lár mí Iúil ach ní thig liom fanacht thart.

Tamall den bhóthar ó dheas is sroichfimid Drom Collachair. Sa bhliain 1889 thug Anraí Pluincéid feirmeoirí déiríochta na háite le chéile chun uachtarlann a bhunú agus leis an ngníomh sin rinne bunaitheoir de ghluaiseacht Chomhair na hÉireann de féin. Tá Ionad Oidhreacht ina onóir ar an mbaile. Sna seascaidí d'fhág dúnadh an choiréil áitiúil cuid mhór de mhuintir an tsráidbhaile as obair. Ach má bhí siad as obair ní raibh siad díomhaoin is tháinig siad ar Ghearmánaigh a bhunaigh monarcha photaireachta i nDrom Collachair agus thug siad Dresden Gaelach ar an déantús. Tá fáilte roimh chuairteoirí san dá ionad seo a léiríonn fiontar tráchtála mhuintir an tsráidbhaile.

I lár iarthar Luimnigh tá Rath Caola. Ba le muintir Dheasúin an ceantar tráth agus dhóigh Malby a gcaisleán sa bhliain 1580. Tá fothrach Mhainistir Mhuire den 13ú haois anseo freisin. Míle siar uainn tá Caisleán Matrix, caisleán ón 15ú haois. Cheannaigh Gael-Mheiriceánach, Seán Ó Drisceoil, é breis is tríocha bliain ó shin. Dheisigh sé is líon é le troscán cuí. Osclaíodh Caisleán Matrix sa bhliain 1970 mar Ionad Ealaíne Idirnáisiúnta na hÉireann. Ó Bhealtaine go Meán Fómhair tá sé ar oscailt do chuairteoirí. Deir siad liom gur caisleán eile é seo ar scríobh Edmund Spencer roinnt éigin den *Faerie Queene* ann.

Ó thuaidh uainn tá Eas Géitinne a bhí mar dhaingean uair ag muintir Dheasún a rialaigh an ceantar. Thit an baile is an caisleán do na Sasanaigh sa bhliain 1580 is theith an tIarla go Ciarraí. Tá fothrach de Mhainistir Phroinsiasach ón 14ú haois anseo freisin.

Soir linn go hÁth Dara mar a bhfuil fothraigh mhainistreacha Agaistíneacha is Proinsiasacha, agus caisleán. Tugtar an sráidbhaile is deismíní sa tír ar Áth Dara agus braithim féin ar bhealach go bhfuil an deismíneacht chomh láidir sin ann is go mba cheart dom é a thimpeallú is breathnú isteach air! Ní hamhlaidh, áfach, do na hoirfidigh, a mheallann na mílte ann le linn na Féile Ceoil gach bliain.

Ach táimid ar abhainn na Máighe is céadfaím láthair fhathaigh na filíochta, Aindrias Mac Craith, An Mangaire Súcach, Seán Ó Tuama is na laochra eile a thug a saol ag ceapadh na véarsaí is a d'fhág an áilleacht ar fad ina ndiaidh do shaibhriú ár saolna. Is cuimhním siar is mé i mo pháiste sa bhaile, mo dheartháir ag teacht isteach ón scoil ag canadh amhráin nua a bhí foghlamtha aige. Ba é 'Slán le Máigh' an t-amhrán is shiúlús cnoic is gleannta cheol an domhain ach riamh ó shin níor airíos fonn is áille, is anamúla, is spreagúla ná é.

Ó dheas linn trí Chromadh is na coillte áille thart air. Ba dhaingean Mhuintir Mhic Ghearailt an baile beag seo. Ba í ‘Cromadh Abú’ an gháir chatha acu. I mBrú Rí mar ar tógadh Éamon de Valera tá iarsmalann ina onóir. Tá droichead sé áirsí thar abhainn na Máighe ag Brú Rí agus tá ainm ar an sráidbhaile mar lárionad fiaigh.

Ainmníodh Cill Mhocheallóg as naomh a thóg mainistir anseo sa 7ú haois. Seasann cuid mhór de bhallaí na mainistreach i gcónaí. Tá fothrach de mhainistir Dhoiminiceach ón 13ú haois i gCill Mocheallóg. Tá iarsmalann acu mar a gcuirfeá tuilleadh eolais ar an mbaile.

Soir go dtú an Gallbhaile a bhfuil cearnóg mhór ina lár nach mbeadh súil agat léi. Taobh amháin den chearnóg tá cuimhneachán dóibh siúd a fuair bás ‘ar chroch, ar pháirc is ó chruatan’ i gCogadh na Saoirse. Pé áit a seasann tú sa sráidbhaile tá amharc aoibhinn agat ar na Gaibhlte, sléibhte cluthara atá ag síneadh suas sa spéir is a shroichfidh an bhuaic lá éigin ach nach bhfuil deifir ar bith orthu.

Ó thuaidh linn go dtú An tOspidéal mar a bunaíodh an mhainistir sa 13ú haois. Tá trí thuama meánaoiseacha i bhfothrach an tséipéil a bhfuil samhlacha de ridirí máilleacha, ceann amháin lena bhean, orthu. Ag ceann thiar den séipéal tá scrín nua-aimseartha.

Tamaillín eile ó thuaidh tá Loch Goir mar a bhfuil os cionn fiche tuama, ciorcail chloiche, both-bhunúis, dúin agus áitribh chois locha a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na suímh chlochaoise is cré-umhaoise is iomláine agus is tábhachtaí san Eoraip.

Beireann áilleacht mhínádúrtha ar an loch nuair a thumann scamail dhorcha anuas air is ní deacair Gearailt, Iarla Deasún, a shamhlú ar a each bán, crúite airgid faoi, ina bhogshodar thar an uisce. Gach seacht mbliana amháin a tharlaíonn an t-ardléiriú scáfar seo agus tá Gearailt bocht faoi gheasa draíochta an locha uó go gcreimeann an t-uisce na crúite airgid. Beag seans. Ár mbuíochas do Mhícheál Ó Súilleabháin agus do Nóirín Ní Riain a d’oscail fuinneoga Ghleann Státhail is a thug síoraíocht chantaireacht na manach isteach ar gach teilifíséan san Eoraip. Ach ná bíodh alltacht orainn faoin mianach atá inár muintir.

Tá sé tugtha síos do chailíní Luimnigh gurb iad siúd is áille in Éirinn agus d’aontódh fear críonna leis an méid sin. Ach is mó ná sin, más gá, atá le rá faoin gcathair chróga seo. Cathair an

chonartha bhriste, cathair an spóirt, cathair na hamhránaíochta, cathair na conspóide, cathair an chroí mhaith mhóir, cathair na nGéanna Fiáine.

Bíonn dráma, ceol, cór, cluiche, rud éigin ar siúl i gcónaí sa chathair spleodreach seo. Tá ann Féile Idirnáisiúnta na gCór, Taispeántas Luimnigh, Féile shamhraidh Luimnigh, Seachtain Phádraig agus *Son et Lumière*, le hainm a chur ar roinnt imeachtaí. Tá iománaíocht, rugbaí, sacar, galf, iascaireacht, gach cineál cluiche atá uait ar fáil ann. Ach thar aon ní eile tá an chonspóid. Caitheamh aimsire mór ag na daoine, a leagan féin den scéal a mhíniú thar ghloine. Ní daonlathas go dúí é.

Tráthnóna amháin is mé ag spaisteoireacht thart ar na sráideanna broidiúla bhuaile tart mé is shíl mé taoscán a chaitheamh roimh bhéile, bhí seó agam an oíche sin ann. Bhuaileas isteach is d'ordaíos. Ní raibh de custaiméirí ann ach mé féin is seanduine amháin: baintreach fir ar pinsean a bhí ann. Chuireas gloine os a chomhair. 'A, tá tú rómhaith, ní hacmhainn dom é chúiteamh', mhínigh sé. 'B'acmhainn uair is rinne. Ó, rinne, rinne, go raibh sláinte mhaith agat'.

Chaitheas tamall sásúil leis ag comhrá is nuair a bhíos ag imeacht deir sé: 'Ní as Luimneach tú'. 'Ní as', deir mé, ag ceapadh gur ag tagairt do mo thuin cainte a bhí sé.

'As Scairbh an Chláir mé féin', deir sé, 'is tá dhá scór bliain caite agam sa chathair seo agus is tú an chéad duine riamh a d'aontaigh liom faoi rud ar bith'.

Loch Garman



Tosaímis ár gcuart ar Loch Garman ag an bpointe is faide ó dheas sa chontae mar atá Rinn Duáin. Tógadh an teach solais anseo sé chéad bliain sular tógadh ceann ar bith eile thart faoin gcósta. Ba é Raymond le Gros an Normannach a thóg an foirgneamh cloiche sa bhliain 1172. Tá tiús 13 troigh sna ballaí agus deirtear liom gur ceanglaíodh na clocha le chéile le meascán de láib agus fuil bhulláin. Ní deirtear, áfach, cé mhéid láibe nó bullán a cuireadh sa mheascán agus, mar sin, ní thig liom an t-oideas a chur timpeall. Ach lena cheart a thabhairt do Raymond seasann an foirgneamh i gcónaí. Manach Breatnach, Duán, a bhí thart sa 5ú haois a thug a ainm don Rinn.

Ar leithinis na Rinne tá Halla Loftus a tógadh san 19ú haois mar áit chónaí do bheirt nua-phósta. Ach dhiúltaigh an bhean an pósadh is an teach mar gur chuala sí an scéal faoi Anne Tottenham a mhair i dteach eile ar an suíomh céanna céad bliain roimhe sin. Is cosúil go raibh Anne bhocht ag imirt cártaí oíche is gur thit cárta ar an urlár. Chrom sí leis an gcárta a thógáil is chonaic sí gur chrúib in áit coise a bhí faoi dhuine de na himritheoirí. Ba é an scréach uafásach a lig sí a thiomáin an deabhal ina scaird deataigh amach an tsíleáil. Ní dhearna an teagmhas aon mhaith do Anne bhocht ach oiread, mar dúradh liom go mbíonn a taibhse le cloisteáil gach oíche i gceann de na seomraí leapa.

Ó thuaidh linn go Dún Canann is beidh lucht saoire ar an trá álainn seo romhainn. Tá iascaireacht mhaith ón gcladach anseo freisin.

An chéad uair riamh a dtáinig mé ar Ros Mhic Thriúin chuir an baile ar fad iontas orm. baile atá os cionn fiche míle isteach ón bhfarraige is go mbeadh oiread sin céanna, stóras, is longa ann. Baile maith trádála é Ros a bunaíodh sa 13ú haois ag William Marshal agus a bhean Isabel, iníon le Strongbow.

I lár an bhaile tá an Tholsel, teach dola, a tógadh sa bhliain 1749 agus is ann atá an bardas suite. Tá máis dhá Rí Shasanacha ar taispeáint sa Tholsel. Más an Tríú hÉamon a sciobadh ó Mhéara Phort Láirge sa bhliain 1374 i rith argóna faoi chearta teorann. Más an Dara Séarlas an ceann eile a bronnadh ar an mbaile ag an Marcas d'Anglesea sa bhliain 1699. Deir siad gur bhunaigh Isabel agus a fear céile Séipéal Mhuire i Lána an tSéipéil agus ar leach uaighe amháin tá 'Isabel La Fem' scríofa agus ceaptar gur ansin a luíonn iníon Strongbow.

Ach soir ó thuaidh linn go hInis Córthaidh, thar Chill Anna mar ar sheas uair 'Seán Ó Ceallaigh, fathach na seacht dtroith a raibh folt órga catach air agus a raibh cuma an Rí air'. B'eol dom ainm gach baile i Loch Garman sular chaith mé mo chulaith Chéad Chomaoineach, a bhuíochas sin do na filí a cheap na hamhráin bhreátha fhuinniúla faoi nócha hocht. Tá na Staighrí Dubha agus Sliabh Laighean fágtha thiar againn is tá an tSláine ina lánrith tríd an mbaile. Ritheann na sráideanna síos leo go Cearnóg na Mainistreach agus tá spuaic Ardeaglais Naomh Aodán, a dhear Pugin sa 19ú haois, go hard sa spéir.

Naomh Seanán a bhunaigh an baile san 6ú haois. Ag barr Chnoc an Chaisleáin tá an dún a thóg na Normannaigh sa 13ú haois. Ba le Edmund Spenser an caisleán san 16ú haois. Níor scríobh sé cuid éigin den *Faerie Queen* ann ach bhronn an Chéad Eilís air é as an dán a chumadh. Tá iarsmalann staire agus pobail Chontae Loch Garman lonnaithe ann anois agus tá dhá sheomra ann tiomnaithe d'éirí amach nócha hocht agus éirí amach a sé déag. Gar dúinn tá Vinegar Hill agus is cuimhin liom tríocha bliain ó shin seandúine ag insint dom 'ach a bheith ar an gcnoc tráthnóna ciúin samhraidh is féidir fuaimneanna chath sin na híobartha a chloisint arís'.

Tá an-ainm ar mhuintir an chontae mar fheirmeoirí úsacha agus le teacht na sméara ar an sú talún tagann na céadta ó chian is ó chónagar go Inis Córthaidh leis an mbarr a bhaint agus a mbuicéid a líonadh.

Siar ó thuaidh tá Sliabh Laighean ina sheasamh 2610 troigh os cionn Bhun Clóidí. Ghlac an chlann Barry-Maxwell seilbh ar an

mbaile agus ar na tailte thart air sa bhliain 1719. Chealaigh siad ainm an bhaile agus chuir Newtownbarry ina áit. Athchuireadh an t-ainm ceart arís, áfach, sa bhliain 1950. Sa bhliain 1831 díoladh beithígh na ndaoine le deachúna a íoc. Rinne na daoine agóid. Chaith na saighdiúirí leo is maraíodh ceathrar déag. Cath an Phóna a thugtar sa seanchas ar an eirleach seo. Ar bharr Shliabh Laighean tá na Naoi gClocha, áit chruinnithe, deir siad, do naoi ríthe uair.

Mí Iúil bíonn Féile na Sú Talún in Inis Córthaidh agus Féile an tSamhraidh i mBun Clóidí. Nach breá mar a roghnaigh mé. In Inis Chórthaidh bíonn rásaí na gcon dhá uair sa tseachtain. Tá galf ann agus iascaireacht ar fheabhas ar abhann na Sláine.

B'ionad rialaithe ag ríthe Laighean uair Fearna, atá ó thuaidh uainn anois. Ceaptar go seasann an caisleán ón 13ú haois ar shuíomh dhún Dhiarmada Mhic Mhurchú.

Fanaimid ar an mbóthar ó thuaidh go sroichimid Guaire, baile a tógadh sa 17ú haois ag muintir Ram. Tógadh Séipéal Naomh Mhíchíl sa 19ú haois. Ba é Pugin a thóg an foirgneamh breá agus deir siad ó mhainistir Dhún Bróithe a fuair sé an tinfeadh. Thóg Pugin an clochar Loreto atá gar don séipéal chomh maith. Tógadh Teampall Chríost, an séipéal Protastúnach, sa bhliain 1861 agus ba é Harry Clarke a chuir na fuinneoga gloine daite ann sa bhliain 1922.

Sa 19ú haois bhí cáil ar Ghuaire as déantóireacht cóistí a bhí ina gnó mór easpórtála. Tá crois Cheilteach anseo i gcuimhne ar éirí amach nócha hocht ina seasamh gar do Chnoc Guaire atá 418 troigh ar airde. 'Grá mo chroí na Laighneigh is iad d'adhain an tine leo.'

Tá Cnoc Teamhrach 833 troigh ar airde agus b'fhiú go mór an siúl go barr mar tá radharcanna áille romhainn anois ar gach taobh. Ó thuaidh tá Sléibhte Chill Mhantáin agus soir uainn tá an fharraige agus tá Cuan Bhaile na Cúirte do mo mhealladh chuige. Ba é Iarla Bhaile na Cúirte a thóg na calaí sa bhliain 1847 ach an fhírinne go deo, is ar an trá órga dá mhíle ar fhaid atá mo thriall mar tá teas an chairr ag cur isteach orm. Beidh an trá álainn lán le cuairteoirí is cinnte ach déanfaidh mé amach paiste gainimhe dom féin is cuirfidh mé an spadántacht díom i muir úr na hÉireann.

Bhí mé ag glacadh ceapaire is pionta is ag éisteacht le fear an ósta. Chonaic sé an peann i mo lámh agam is ba mhaith leis abairt

mholta dá chuid féin a chur le mo thuairisc. ‘Bhfuil a fhios agat’, a deir sé, ‘go bhfuil an bháisteach bhliantúil is lú sa tír anseo i mBaile na Cúirte againn’.

‘Nach iontach sin,’ a deir mé féin, ‘agus múineadh dúinne ar scoil gur idir Bhaile Átha Cliath agus Cill Iníon Léinín atá an titim is lú’.

‘Is dócha go n-athraíonn an aimsir le himeacht na mblianta,’ a deir sé go mall fealsúnach agus ghlaoigh custaiméir eile air.

Ó dheas linn go Cathóir agus trí raitheach is féar ar chasáin chois aille tagaimid go dtú an Rinn. Amuigh san fharraige tá na róin is na muca mara ag rothlú go leisciúil is ag slogadh éisc gan stró. Tá an t-iascaire daonna amuigh ansin freisin gléasta chun gnímh is fillfidh sé gan díomá.

Ach táimid san Oirdheisceart grianmhar agus tá an scáth báistí faoin staighre ag bailiú deannaigh. Síos an cósta tiocfaimid ar an Abhainn Dubh, gach teach is siopa ann gléasta le bláthanna. Ghealfadh an radharc an croí ba bhuartha. Níl aon bhalla amháin fágtha gan deisiú ach iad clúdaithe go néata le sliogáin fharraige. Is cuimhin liom cara liom ag insint dom go bhfaca sé, ar a bhealach tríd an mbaile, cúpla gasúr ag piocadh (mar a cheap sé féin) ar na sliogáin. Stop sé an carr is chuaigh anonn chucu ach is ag glanadh an bhalla a bhí na daoine óga. Ní hiontas ar bith go dtugtar an sráidbhaile is slachtmhaire sa chontae air. Bíonn drámaí ar siúl ar feadh an tsamhraidh taobh thiar de thábhairne Etchingham.

Agus tagaimid go baile Loch Garman. Is má tá roinnt mhaith bailte in Éirinn san iomaíocht faoin tsráid is leithne, seo é an baile is cúinge sráideanna sa tír. Ba bhaile poirt gnóthach uair é ach líonadh an cuan le glár ag deireadh na haoise seo thart is cailleadh an gnó do Phort Láirge. Thíos ar an gcé tá dealbh den Commodore John Barry (1745-1803), fear ón mbaile a bhunaigh Cabhlach na Stát Aontaithe is a throid go cróga i gCogadh Shaoirse Mheiriceá sa bhliain 1776. Is dócha go bhféadfaí a rá go raibh sé ag déanamh bealaigh do Sheán Ó Cinnéide a thiocfadh dhá chéad bliain ina dhiaidh ina Uachtarán ar na Stáit chéanna.

Ghabh na Normannaigh an baile is rinne Cromail slad ann beagnach cúig chéad bliain ina dhiaidh sin. Tá mainistir Selskar anseo mar a ndearna an Dara hAnraí pionós sé seachtainí an Charghais sa bhliain 1172 as a pháirt i marú Naomh Thomas Beckett. I Margadh an Arbhair seasann cuid de bhalla an bhaile ón 13ú haois agus gar dó tá an Geata Thiar bunaidh.

Agus is i Loch Garman a bhíonn an fhéile cheoldrámaí bhliantúil a bhfuil clú air ar fud domhan an *Opera*. Caithfidh fanacht go dtí deireadh an fhómhair ar an bhféasta mór ceoil – ach is fiú fanacht!

Siar ón mbaile tá Páirc Oidhreacht Náisiúnta na hÉireann a bhfuil stair na tíre ón gClochaois ar aghaidh ar taispeáint. Ritheann an tSláine tríd an bpáirc is níor chaill lucht a dheartha an deis bád fada Uigingeach a chur ar snámh ann. Tá mainistir ann. Tá caisleán Normannach ann. Ach cén mhaith bheith á rá leat. Téir ann. Foghlaimeoidh tú ann is saibhreoidh an obair atá curtha isteach ann do spiorad.

Ó dheas tá Caisleán Bhaile Eoin agus is fiú go mór cuairt a thabhairt air. Tá caoga acra thart air. Tá trí locha ann agus 200 crann agus tor éagsúla. Tá Iarsmalann Talmhaíochta na hÉireann ann chomh maith.

Tá Ros Láir soir uainn a bhfuil páirt mhór aige i saol turasóireachta na tíre. Ó dheas tá Cluain na mBan, oileán beag i loch sáile. Ba é Naomh Íobhar a thiomnaigh don Mhaighdean Mhuire é agus is ionad mór oilithreachta é i gcónaí. Siar linn go Cé na Cille Móire, sráidbhaile álainn de thithe ceann tuí is ballaí bána. Tá iarsmalann mara anseo acu ar bord an *Guillemot*, long solais as seirbhís.

Is cá gcaithfidh mé an oíche sa chontae cróga ceolmhar seo? Déarfainn go mbeadh Bernie is Seán Potts thart. Déanfaidh mé mo bhealach siar más ea go Cuan an Bhainbh. Beidh ceol ansin anocht.

Ceatharlach



Choinnigh Seán is Bernie mall aréir mé i gCuan an Bhainbh ach nach beag codladh atá ag teastáil ó dhuine i gcomhluadar breá in aimsir bhreá. Táimid ag déanamh ar Cheatharlach inniu agus siar tríd na Staighrí Dubha an bealach is fearr liom. Trí Bhaile Uí Mhurchú ar aghaidh agus is gearr go seasaimid sa Bhuiríos. Níl feidhm ar bith leis an droichead mór sonrach sin a dtángamar tríd. I lár an 19ú haois a tógadh é nuair a ceanglaíodh craobhlíne iarnróid ó Mhuine Bheag. Dúnadh an chraobhlíne ach seasann an droichead. Mo thrua an scoláire bocht i gceann cúpla míle bliain a bheas ag iarraidh ciall a bhaint as an tarbhealach sin.

Ar an bpríomhshráid feicimid príomhghheata taibhseach Theach Chlann Chaomhánach is ní call dom stair chorraitheach na clainne sin a ríomhadh daoibh. Rugadh duine ar leith anseo, áfach, Arthur McMurrough Kavanagh, sa bhliain 1831 gan cosa gan lámha. Nuair a chonaic a mháthair, Lady Harriet é, dúirt sí, ‘Buíochas le Dia gur domsa a rugadh is ní d’aon duine eile’. Bhí na daoine ag rá gur mallacht a bhí ar an gclann i ngeall ar a athair a d’athraigh creideamh.

Fuair deartháireacha Arthur ar fad bás agus fágadh mar oidhre na clainne é. D’ainneoin an bac uafásach a bhí air d’éirigh leis bheith ina mharcach neamheaglach agus mhúin sé iascach, seoltóireacht, leagan crann, gunnadóireacht, líníocht agus péintéireacht dó féin. Sa bhliain 1855 phós sé gaol dó, Frances Leathley. Rugadh seisear gasúr sláintiúla dóibh. Mar thiarna talún chaith sé go maith lena chuid tionóntaí, d’atóg sé an Bhuiríos, thug sé an bothar iarainn ann, thóg sé muileann sábhadóireachta agus bhunaigh sé tionscal lása áitiúil. Chuaigh sé isteach sa

pholaitíocht agus sa bhliain 1866 ceapadh é ina Fheisire do Chontae Loch Garman agus ina dhiaidh sin do Chontae Cheatharlach. Sa bhliain 1880 chaill sé a ionad sa Pharlaimint agus naoi mbliana ina dhiaidh sin fuair sé bás. B'in fear!

Ceithre mhíle ó thuaidh ón mBuiríos tá iarsmalann Hillview mar a bhfuil tranglam de sheanuirlisí feirmeoir-eachta agus de sheanfhearais tí. Is cosúil go mbíonn suim ag daoine bheith ag breathnú ar a leithéid, uirlisí cruatain nach call dóibh féin a fhulaingt. Ní sheasann m'amharcsa orthu i bhfad ar fhaitíos an lagair spride.

Taobh thoir den Sláine ag Cluain na nGall tá Caisleán Huntingdon. Sa bhliain 1625 thóg Lord Esmond an caisleán ar láthair mainistreach agus trí chéad caoga bliain ina dhiaidh sin roghnaigh an léiritheoir scannán Stanley Kubrik é mar láthair don scannán *Barry Lyndon*. Meas tú an bhfuil rud éigin le foghlaim as an líne leanúna sin. Fásann crann finíúna go fuinniúil as beangán nódaith a thug an Cairdinéal Wolsey do Ann Boleyn. Chuala tú na hainmneacha sin cheana. Bhí Cromail ann. Bhí Arm na Poblachta ann, 1921, agus mura leor leat é sin ar fad, bhunaigh an tUrr. Lawrence Durdin-Robertson, an t-úinéir atá ann faoi láthair, Cuallacht Isis lena bhean is a dheirfiúr sa bhliain 1976. Tá scrínte tógtha i siléir an chaisleáin do Isis, an bandia Éigipteach.

Ar ár mbealach siar tagaimid ar an sráidbhaile Míseal. Anseo tá séipéal a thóg an Sasanach John Duguid ó Dover. Maraíodh iníon leis i dtimpiste seilge agus d'iarr sí air go gcuirfí in aice a hiníne í. Chinn an fear bocht croíbhriste séipéal a thógáil os cionn an dá uaigh. Ardeaglais Salisbury a bhí mar chuspa aige.

Rugadh Peter Fenelon Collier (1849-1909) i Míseal. Ba bhunaitheoir *Collier's Magazine* é. Chuaigh sé go Meiriceá agus é sé bliana déag d'aois gan phingin agus cuireadh oideachas air i gcoláiste cléireach ann. Ba é an chéad duine riamh é a dhíol leabhair ar ghlasíocaíocht. Bhí gnó foilseoireachta aige arbh fhiú \$12 milliún é.

Ar ár mbealach siar tagaimid ar Mhuine Bheag ar bhrúach na canála. Ba é William Bagenal as Dimleckny Manor a thóg an baile san 18ú haois mar cheartlár tráchtála. Shíl William foirgnimh mhaorga a thógáil mar thús maith agus mhúnlaigh sé an teach cúirte ar an bPainteon, an dlí in ionad na ndéithe, b'fhéidir. Bhí sé le 'Versailles' a thabhairt ar an mbaile i ndiaidh Pálás *Le Roi de Soleil* ach ní mar a shíltear. Shíl sé chomh maith cóiste a thabhairt

tríd an mbaile ach theip sa mhéid sin ar William bocht freisin. Marbhghin a bhí in Bagenalstown nó go dtáinig an bóthar iarainn i lár an 19ú haois. Bhaist na daoine Muine Bheag ar an mbaile seo dhá scór bliain ó shin.

Ó thuaidh tá Seanleithghlinn agus suíomh mainistreach Naomh Laisréan. Bhí 1500 manach anseo uair agus tionóladh sionad ann sa bhliain 630 le cinneadh ar dháta Cháisc na bliana sin. Ba thoscaire an Phápa chun na hÉireann Naomh Laisreán a bhásaigh sa bhliain 639. Tá cros agus tobar an naoimh ann agus is áit oilithreachta i gcónaí é.

Tá Leithghlinn an Droichid ar dhá thaobh na Bearú. Tógadh caisleán Normannach anseo sa bhliain 1181. Tá fothrach an Chaisleáin Dhuibh ón 14ú haois ar an suíomh céanna. Rugadh an Captaen Myles Keogh anseo sa bhliain 1840 agus fuair sé bás le Custer ag Cath an Little Big Horn in aghaidh na Sioux sa bhliain 1876. Bhí Myles ar dhuine de na 700 Gael a throid ar son Stáit an Phápa nuair a bhí Garibaldi ag aontú na hIodáile. Gabhadh ina phríosúnach é ag Cath Ancona. Ní raibh sé ach fiche bliain d'aois an t-am sin. Nuair a scaoileadh saor é d'imigh sé go Meiriceá is ghlac páirt sa Chogadh Cathartha ar thaobh an Union. D'fhan sé san arm i ndiaidh an chogaidh agus bhí sé ina chaptaen sa 7ú marcshlua ag Custer an lá cinniúnach sin.

Ar bhruach thoir na Bearú tá Tigh Moling mar ar bhunaigh Naomh Moling mainistir sa 7ú haois. Ba shagart, prionsa, file, ealaíontóir is ceardaí an fear seo a rómhair lena lámha féin clais srutha míle ar fhaid mar chumhacht dá mhuileann. Seacht mbliana a thóg an obair seo air. Rinneadh Easpag Fearná dó agus fuair sé bás sa bhliain 697. Tá an chlais srutha ann i gcónaí. Seasann Ardchros den 9ú haois taobh amuigh d'fhothrach na mainistreach. Tá altóir ó aimsir na bpéindlíthe anseo agus gach bliain i mí Iúil léitear Aifreann ann is bíonn na mílte i láthair. Tá roinnt uaigneanna de Ríthe Laighean sa reilig agus uaigh an Athar Chaomhánaigh, sagart a raibh bua an leighis aige agus a bhásaigh sa bhliain 1813.

Soir uainn tá Gairdíní Altamont. Nó is dócha go bhféadfaí a rá go bhfuil ceithre cineálacha gairdíní ar fáil ann. Ar dtús tá na gairdíní foirmeálta le báienseacha, rósanna, ródaidéandrain, crainn neamhchoitianta agus siúlóid na mban rialta faoi scáth crann atá ann ón 17ú haois. Ansin tá suaimehneas an locha mhóir, crainn ar a chiumhais, a rinneadh i rith an ghorta le hobair a thabhairt do na daoine. Cheapfainnse gur bia a bhí ó na créatúir

bhochta, seachas obair. Tá siúlóid trí choill ann a théann thar ghleann mar a bhfásann crainn neamhchoitianta agus an dair dhúchasach le hais bollán caonach-chlúdaithe a d'fhág an t-oighearshruth againn 10,000 bliain ó shin. Is nach é an ceathrú gairdín an tsíúlóid spreagtha cois abhann mearchúrsaí na Sláine. Tá éin de gach uile chineál ann is tá an dobharchú ag sleamhnú isteach is amach as an uisce go ciúin bagarthach.


Tagamid ar an Tulach mar a seasann dealbh don Athair Seán Ó Murchú i gcearnóg an mhargaidh gar don áit ar crochadh é i ndiaidh nócha hocht. Tá éide an tsagart-thírghráthóra le feiceáil in iarsmalann an bhaile. Ar aghaidh linn go Baile Haicéid, lárionad do shíúlóidí i Sléibhte Chill Mhantáin. Míle ó dheas ón mbaile tá Cnoc an Iolair 975 troigh ar airde agus óna bharr is féidir an chuid is mó de Chontae Cheatharlach a bhreathnú. Siar ó thuaidh tá Ráth Bhile, baile a bhain an duais mar an baile is slachtmhaire in Éirinn trí huaire i rith na seachtóidí agus tá a shliocht air.

Agus siar linn go baile Cheatharlach. D'fhás Ceatharlach thart ar dhaingean Normannach a tógadh i dtús an 13ú haois ar an mBearú. Sa bhliain 1361 thóg Lionel Diúic Clarence balla thart air ach thit an baile is an caisleán do Art Mac Murchadha Caomhánach sa bhliain 1405. Thóg Ruairí Óg Ó Mórdha an baile sa bhliain 1577. Ghabh arm Chromail an caisleán sa bhliain 1650 is maraíodh a raibh ann. Sa bhliain 1814 cheannaigh an Dr Middleton, duine de mhuintir na háite, an caisleán is rinne sé teach gealt as. Shíl an dochtúir na fuinneoga a mhéadú. Chuige seo d'úsáid sé púdar gunna. Rinneadh ciseach den chaisleán ach níl a fhios agam céard a tharla don dochtúir!

Tá teach na cúirte ar cheann de na foirgnimh nuachlasaiceacha is fearr sa tír. Thóg Sir Richard Morrison é sa bhliain 1830. Tá Coláiste Naomh Pádraig ar cheann de na coláistí cléireach is sine sa tír. San Ionad Ginealaigh cuirtear daoine ar an eolas faoina sinsear.

Sa chontae seo tá iascaireacht, galf, bádóireacht, curachóireacht. Ní bheidh tú díomhaoin. An mhí seo chugainn beidh Seó na gCapall sa Tulach. Maidir liom féin de níl cleachtadh agam ar oíche a chaitheamh i gCeatharlach. Gheobhaidh mé teileafón. Glaofaidh mé ar Cynthia. Cuirfidh sise ar an eolas mé. Ar dhúnadh mo shúile dom anocht cloisfead an gháir a tuilleadh dhá chéad bliain ó shin – ‘Seas leis mar rinne Ó hAodáin’.

Cill Chainnigh



Tosaímis ár gcuart ar Chill Chainnigh i ndeisceart an chontae. Rialaigh ríthe as Gabhrán uair. Is iad na síceanna a rialaíonn ar an ráschúrsa anois. Tugadh na tailte thart do Theobald FitzWalter i dtús an 13ú haois. Sa bhliain 1317 ghabh Edward Bruce an baile. Sa 15ú haois dódh an baile i gcath idir Gaeil is Normannaigh. Tháinig Cromail, dhóigh sé an caisleán, chaith sé a raibh ann is chroch sé an séiplíneach.

Níl rian den chaisleán fágtha anois. Tá seanséipéal coláisteach Gabhráin ón 13ú haois ina chuid anois de shéipéal Protastúnach Naomh Muire. Tá an túr agus áirse de mharmar dubh ann. Deirtear go bhfuil an Chéad Iarla Urmhumhan, a bhásaigh sa bhliain 1327, curtha ann.

Ag Gráig na Manach mar a dtagann an Bhearú is an Dubhuisce le chéile, tá mainistir Dhubhuisce atá anois mar shéipéal an pharóiste. Bhí mainistir Chistéirseach den 13ú haois anseo atá anois ina chuid den séipéal. Cuireadh an mhainistir faoi chois sa 16ú haois. Sa 18ú haois rinneadh séipéal Protastúnach de ach sa 19ú haois tugadh ar ais do na Caitlicigh é. Tosaíodh ar an athchóiriú ansin is níor críochnaíodh an obair go dtí deich mbliana ó shin.

Sa chearnóg in Inis Tiog tá fuarán a thóg Lady Louise Tighe, garíníon don Diúc Wellington, mar chuimhne ar a fear céile.

Seasann Woodstock, eastát na clainne Tighe, go hard os cionn an bhaile agus uaidh tá radharc ollásach ar an ngleann síos uait. Ag deireadh an chabhsa fhada, crainn ar gach taobh dó, tiocfaidh tú ar theach mór gan fuinneoga, gan díon. Bhí ainm air uair mar cheann de na tithe cónaithe Seoirseacha ab fhearr sa tír ach sa bhliain 1922 ghabh na Dúchrónaigh é. Nuair a d'imigh siadsan las na Poblachtaigh é.

Tá Mainistir Sheiriopúin siar uainn agus is cuma cé chomh minic is a thagaim ann baineann sé stad asam. Bí cinnte go bhfuil dóthain ama agat nuair a shroicheann tú an láthair mar tá rud éigin eile le feiceáil anseo nár thug tú faoi deara an uair dheiridh. Le hocht gcéad bliain tá an chuid is mó den struchtúr ann agus tá ionad cuairteoirí ann mar a bhfaighidh tú pé eolas atá uait agus tuilleadh. An uair dheiridh a raibh mise ann d'inis seanduine dom faoi 'na clocha bána ar an gcnoc'. Bhí bealach éalaithe faoi thalamh ag na manaigh is thiocfadh siad amach ar bharr an chnoic. D'éalaigh seachtar acu ach bhí na saighdiúirí ag fanacht orthu is mharaigh siad iad. 'Tá na seacht gclocha bána ar bharr an chnoic i gcuimhne ar na manaigh agus tá siad chomh bán is a bhí an lá a cuireadh ann iad'.

Tá Stiúideo Gloine Sheiriopúin anseo freisin agus fáiltítear roimh chuairteoirí ar mhian leo déanamh na gloine a bhreathnú. Tá cúrsa gailf Mount Juliet in aice leat, cúrsa a bhfuil eolas domhanda anois air.

Baile Mhic Andáin, baile margaidh, a sheasann ina lár seo ar fad. Thóg Thomas FitzAnthony Walsh, Rialtóir Laighean sa 13ú haois, balla thart ar an mbaile a raibh 14 túir ann, teach diaganta agus caisleán. Thóg sé caisleán eile, Caisleán Grenan ar bhruach na habhann ach is beag atá le feiceáil den obair thógála seo ar fad anois. Rugadh George Berkely (1685-1753), easpag agus fealsamh, i gCaisleán Dísirt, gar dúinn.

Cara liom Máirtín Ó Néill, nach maireann, dúirt sé gur thum a athair féin isteach san Fheoir ón droichead ag Baile Mhic Andáin. D'fhiafraigh sé díom an raibh a fhios agam cén airde a bhí sa droichead. Dúirt mé nach raibh agus d'inis sé dom, is cinnte gur chuir sé cúpla troigh leis. Dúirt mé leis nach é airde an droichid a choinneodh ón ngaisce mé ach éadoimhe na habhann. 'Bhí mé le m'athair an lá sin a dtáinig duine uasal de mhuintir na háite chuige agus dúirt go dtabharfadh sé cúig phunt an t-am sin. Bhailigh na daoine thart. Bhain m'athair de, níor fhág sé air ach

an fobhríste. Sheas sé ar an droichead. Rinne comhartha na croise air féin. Chaith sé é féin amach san aer agus síos leis i ndiaidh a chinn isteach san abhainn. Lig a raibh ann na gártha molta. Shnámh m'athair amach. Chuir air a chuid éadaigh is thug an duine uasal an nóta dó. Mhínigh m'athair dom go raibh geallta troma ag na huaisle lena chéile ar an tumadh sin. Cheannaigh sé bosca mór milseán do mo mháthair ar an mbealach abhaile. 'Sea, deaid bocht, bhí an-spleodar ann'.

Ó thuaidh tá Caisleán an Chumair, baile ciúin suaimhneach a bhfuil sráid leathan ann is cúrsa gailf a d'fheilfeadh duit nuair atá Seve is Faldo fágtha ag Mount Juliet agat. Siar uait tá Béal Átha Ragad mar a bhfuil an t-oibrí leathair, an gabha geal, stiúideo gloine agus potaireacht ar áilleacht a n-úsáidtear músacán le dathanna is gréasa ornáideacha a fhí uirthi.

Is ní mór duit geábh a thabhairt ar Phluais an Dúin Mhoir agus taitneamh a bhaint as na haolchuisní is na haolchoinnle. Tá ceann acu a dtugtar 'Cros an Mhargaidh' air fiche troigh ar airde. Sa bhliain 1973 thángthas ar chnámha leathchéad daoine, mná is páistí is mó, sa phluais. Íobartaigh de ruathar Uigingeach míle bliain ó shin a chreidtear a bhí ann. Tá iarsmalann bheag ann mar a mínítear eolaíocht agus seandálaíocht na bpluaiseanna.

Tá Achadh Úr siar uainn, baile beag Seoirseach thart ar phlúsóg nêata le caidéal rotha. Ba é Naomh Lachtain a bhásaigh sa bhliain 622 a thóg an chéad séipéal ann. Atógadh é cúig chéad bliain ina dhiaidh sin agus arís sa bhliain 1730 mar shéipéal Protastúnach. Tá scríbhinn i nGaeilge ann a iarrann paidreacha ar son anamnacha na dtógálaithe. Tá cumhdach taisí den 12ú haois le lámh agus crobh an naoimh in Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Sa bhliain 1183 bhunaigh Geoffrey FitzRobert mainistir Agaistíneach i gCeanannas Osraí le haghaidh na manach a chroch sé leis as Corn na Breataine. Níl fágtha anois ann ach fothrach agus roinnt ardchrosa.

Le goile thar an ngách sroichim Cathair an Mharmair. Roimh theacht na Normannach ba thithíocht thart ar mhainistir Chainnigh den 6ú haois Cill Chainnigh agus ba phríomhbhaile Osraí í. Thóg William Marshall, Iarla Pembroke, caisleán ar bharr an chnoic sa bhliain 1192. Thart ar dhá chéad go leith bliain dár gcionn ritheadh Reacht Chill Chainnigh a chuir bac ar na hAngla-Normannaigh nósanna na nGael a chleachtadh. Sa bhliain 1391 cheannaigh James Butler an tiarnas agus ba ionad na clainne sin

an caisleán go dtí 1935. I ngailearaí na bpictiúr tá portráidí le Kneller, Lely, Van Dyke agus na Réamh-Raphaelítigh. Sa bhliain 1922 ghlac na Poblachtaigh seilbh ar an gcaisleán ach ghéill siad go síochánta tar éis dhá lá.

Sleamhnaíonn an Fheoir gan idiú gan deifir thar an gcaisleán a shealbhaíonn trí thaobh de chearnóg. Loiteadh an ceathrú taobh sa bhliain 1659. D'fhág an milleadh seo amharc álainn thar pháirceanna suas chun na gcnoc ach, ar ndóigh, ní chuige seo a rinneadh é.

Ar shuíomh mhainistir Chainnigh tógadh ardeaglais sa bhliain 1280 atá anois ina hardeaglais ag Eaglais na hÉireann. Tá cuimhneacháin i marmar dubh ann do thiarnaí, do bhantiarnaí agus do Edmund Purcell caiptín Gallóglach Urmhumhan sa 16ú haois. Tá leabharlann ann a bunaíodh sa 17ú haois chomh maith le Leabhar Dearg Osraighe ón 15ú haois. Tógadh Ardeaglais Mhuire, a bhfuil tús de 200 troigh ann, sa bhliain 1849. Tá dealbh den Mhaighdean ann le Giovanni Benzoni (1809-73). Tá na Doimnicigh sa Mhainistir Dhubh le seacht gcéad bliain. Anseo tá dealbh na Tríonóide Naofa ón 13ú haois agus dealbh de Naomh Dominic snoite as dair. Tá Teach Rothe ann a thóg an mangaire John Rothe sa bhliain 1594. Is ann atá iarsmalann agus leabharlann Chumann Seandálaíochta Chill Chainnigh anois. Gar dúinn tá an Oifig Eolais Turasóireachta i bhfoirgneamh a thóg Sior Richard Shee sa bhliain 1584 mar theach dídine do na boicht.

Maidir leis an leasainm seo, 'Na Cait', ní muintir na cathrach seo a thuill é ach saighdiúirí a bhí lonnaithe ann sa bhliain '98 a raibh de chleachtadh acu eireabaill dhá chat a cheangal le chéile is iad a chrochadh thar téad nó go dtroidfeadh is go maródh siad a chéile. Ní raibh na hainmhithe féin slán!

Agus is í Dame Alice Kyteler a rugadh 1284 atá i gceist in Kyteler's Inn atá ann i gcónaí. Sa bhliain 1324 chuir an tEaspag Ledrede asarlaíocht agus taithíocht le deamhain ina leith agus, chomh maith leis sin, nó chomh dona, gur nimhigh sí a ceathrar fear céile. Le loisceadh ag an stáca an bhreith a tugadh uirthi ach d'éalaigh sí go hAlbain, agus dódh a cailín aimsire, Petronilla, ina háit. Deirtear liom go mbíonn taibhse Petronilla le feiceáil san Inn agus sna sráideanna thart go minic.

Connachtach a dúirt liom: 'Nuair a bheirtear gasúr i gCill Chainnigh bíonn lámh amháin aige ar chíoch a mháthar agus an lámh eile ar chamán'. Píoc na cnámha as an méid sin, mar a

deirtear i nDún Laoghaire. Thug Liam Daltún seoladh dom mar a bhfaighinn ceol, codladh agus goile chun bricfeasta is nach leor dóthain?

Laois



*B*aile na Coille an chéad bhaile againn i gContae Laoise. Ba bhaile tábhachtach é sa 17ú haois agus is uaidh sin atá an phríomhshráid leathan agus an chearnóg mhór. Ar an gcearnóg tá cuimhneachán do mhuintir na háite a maraíodh i nócha hocht.

Tógadh Teach Glebe ar chaoga acra don bhiocáire Prostastúnach sa bhliain 1810. Teach afóchta anois é. Ar imeall an tsráidbhaile tá gairdíní a cheap an dearthóir cáiliúil Lutyens sa bhliain 1905 don Choirneál Poe ar leis Teach Hewood a leagadh sa bhliain 1950. Ceathrú milliúin punt a caitheadh ar thógáil na ngairdíní. Rinneadh faillí iontu, áfach, ach le gairid cuireadh cóir arís orthu ag oibrithe deonacha agus baill den Ord Sailéiseach a bhfuil scoil acu gar dóibh. Más maith leat cuairt a thabhairt ar na gairdíní ní mór coinne a dhéanamh.

Soir uainn tá Cill Uisean mar ar bhunaigh Naomh Conghán mainistir sa 6ú haois. Bhí cáil ar an mainistir as cultúr is léann. Leagadh an foirgneamh san 11ú haois. Is ón 12ú haois an fothrach atá anois ann. Tá tobar Naomh Dhiarmada ann ón 6ú haois. Níl rian den chloigtheach ann, áfach, a sheas 105 through ar airde agus a bhí ar cheann de na cinn ab airde sa tír. Úinéir talún san 18ú haois a leag é ar fhaitíos go dtitfeadh sé ar a chuid bó. Gheofá ceann acu siúd in áit ar bith. Ó na cnoic os cionn Cill Uisean deir siad gur féidir deich gcontaetha a fheiceáil.

Ó thuaidh tá Tigh Mochua mar ar bhunaigh Naomh Mochua, Patrún Laoise, mainistir sa 7ú haois. Fuair Mochua bás sa bhliain 657. Tá an cloigtheach anseo 95 through ar airde agus deirtear nach bhfuil cloigtheach sa tír is fearr atá caomhnaithe ná é.

Sa bhliain 1599 bhí an tIarla Essex agus a shaighdiúirí i bhfad ó bhaile nuair a casadh orthu Eoin Ó Mórdha is a arm. Theith an tIarla is a chuid ó pháirc an chatha is d'fhág a gclogaid chleiteacha scaipthe ar a fuaid. Go hainneonach bhaist siad Bearnas na gCleití ar an áit.

Ba chaisleán é Maigh Arnaí – ‘Adamstown’ sa Bhéarla – a thóg duine de mhuintir Uí Mhórdha ar shuíomh chaisleáin Normannaigh. Caisleán chúig stór a bhí ann le staighre cloiche bíseach á gceangal. Tá dhá thúr ann, an ceann is airde 75 throigh. Sa bhliain 1548 ghabh Iarla Deasún é agus cuireadh muintir Uí Mhórdha as seilbh. Sa bhliain 1551 ghabh an Breatnach John Bowen é. Tugadh ‘Seán an Phíce’ ar an mBreatnach is thuill sé clú as cruáil.

I mBaile an Tobair rugadh Cecil Day Lewis (1904-72), file agus úrscéalaí. Bhí sé ina ollamh le filíocht in Oxford agus rinneadh *Poet Laureate* de.

I lár sráidbhaile Darú sa bhliain 1716 tógadh Caisleán Darú atá anois ina chlochar. Sa 16ú haois ar chuntar éigin d'aistrigh Diúc Urmhumhan an sráidbhaile go Contae Chill Chainnigh. Dhá chéad bliain ina dhiaidh sin fuair Laois ar ais é trí Acht Parlaiminte. Tá iascach breac ar fheabhas anseo.

Táimid i Mainistir Laoise. Bunaíodh mainistir Chistéirseach anseo sa bhliain 1183 agus bhí an baile cruinn thart uirthi. Níl rian fágtha den mhainistir, áfach, ach in ainm an bhaile amháin. An chéad Bhíocunta de Vesci a leag amach an baile atá anois ann san 18ú haois. Tá muintir de Vesci i dTeach Mhainistir Laoise i gcónaí. James Wyatt a dhear an teach sa bhliain 1773.

Siar uainn tá Achadh Bhó mar ar bhunaigh Naomh Cainneach mainistir sa 6ú haois. Tá an naomh curtha anseo. Deirtear gur as seo a d'imigh Naomh Virgil go dtí an Ostair mar a rinneadh Easpag Salzburg de ó 755 go dtí 784. Cuireadh cóir ar an séipéal sa bhliain 1984 in onóir obair Naomh Virgil.

Thóg na Normannaigh an caisleán ag Baile an Chaisleáin sa 13ú haois. Ghlac muintir Mhac Ghiolla Phádrag seilbh air ach, sa bhliain 1600, dhóigh siad go talamh é sa chaoi is nach bhfaigheadh na Sasanaigh greim air. Sráidbhaile ciúin é Baile an Chaisleáin inniu, plásóg mhór ina lár agus an Fheoir lonrach ag sní thar bráid mar a dhéanadh sula raibh caisleán nó baile ann.

Más mian leat teach saibhir sómasach a fheiceáil téir go Baile Fionn. Sior Charles Coote a thóg an teach sa bhliain 1826 agus ba

é Richard Morrison, dalta le James Gandon, a dhear é. Tá loch mór ar aghaidh an tí agus ba é Lutyens a leag amach na gairdíní. Richard Turner, dearthóir an Palm House ag Kew Gardens i Londain, a rinne an grianán. Is le Bráithre Phádraig an teach anois.

Gar do Bhaile Fionn tá Teach Roundwood, teach cuana a tógadh sa bhliain 1749 do Anthony Sharp, ball de Chuallacht na gCairde. Cheannaigh Cumann Seoirseach na hÉireann an teach sa bhliain 1970 agus is teach aíochta anois é.

Baile beag anois Maighean Rátha ach ba lárionad tionsclaíoch uair é. Bhunaigh Sior Charles Coote ceárta iarainn anseo sa 17ú haois a sheas ar feadh céad go leith bliain. Bhí muileann cadáis ann chomh maith agus teanús. Má rinneadh léirscrios ar na coillte thart a bhreoslaigh an obair seo ar fad bhláthaigh an baile. Thug an Charles Coote seo clanna Sasanacha anall le lonnú ar an mbaile ach de bharr ganntanas saothraithe b'éigean dó cead speisialta a fháil chun cúig chéad Gael a fhostú an fhaid is a mhair siad taobh istigh de raon fuaimne urchar muscaeid! Baile curaíochta anois é a bhfuil log cóisire ceaptha ina lár gar do shéipéal Naomh Fiontán. Is tá dea-scéal san abhainn duit, a iascaire.

Tá sé chéad míle cearnaithe i Sliabhraon Bladhma agus tar éis nach bhfuil aon bhinn ann níos airde ná dhá mhíle troigh tá cuma i bhfad níos airde orthu an chaoi a bpléascann siad amach as an bplána. Seanchara liom, Tomás Ó Murchú, d'inis dom gur plána ar fad a bhíodh ann fadó nó go dtáinig píobaire sí is gur chuir sé na clocha is na crainn ag damhsa is gur ceapadh an sliabhraon an lá sin. Ach siúl ann is roinn saoirse an fhiántais leis an bhfia, leis an ngabhar sléibhe, leis an ngiorria, leis an gcat crann is bláthanna fiáine is ná dearmad an píobaire a cheap an draíocht.

Ar an mbóthar ó Mhaighean Rátha go Port Laoise, san áit ar bhunaigh Naomh Fiontán mainistir cháiliúil sa 7ú haois a mbíodh ceithre mhíle scoláire ón iasacht ag freastal ann, bhí Crann an Airgid. Deir siad nach ligfeadh feirmeoir do na hoilithrigh dul isteach ar an talamh aige le deoch a fháil ón sruthán. De mhíorúilt tháinig tobar i lár crainn sa talamh ar aghaidh na mainistreach is d'ól na daoine. Mar bhuíochas tosaíodh ar phíosáí airgid a shá isteach sa chrann. Sheas an crann beo go dú le déanaí tar éis go raibh na mílte píosaí airgid sáite isteach ina rúsc.

Tá Port Laoise suite i lár talaimh shaibhir churadóireachta. Tógadh daingean mór anseo sa bhliain 1547 chun na plandálaithe

a chosaint. Nuair a bhí Mary Tudor ina Ríon ar Shasana (1553-8) cuireadh muintir Uí Mhórdha amach as a dtalamh féin is tugadh plandálaithe isteach as Sasana, tugadh Maryborough ar Phort Laoise agus Queen's County ar Chontae Laoise. Sna fichidí, áfach, fuair an baile is an contae a n-ainmneacha cearta arís. Baile an chontae is ea Port Laoise.

Agus tá Dún Masc gar go maith dúinn, tógtha ar charraig a sheasann 150 troigh os cionn an phlána. Ba le muintir Uí Mhórdha an dún is an talamh thart roimh theacht Naomh Pádraig. Sa 9ú haois chreach na hUigingigh an dún, sa 13ú haois ba leis na Normannaigh é, d'atóg clann Uí Mhórdha é sa 15ú haois agus loiteadh ar fad ag na Cromailigh é sa 17ú haois. Tá Dún Masc ar léarscáil a rinne an tíreolaí Ptolemy sa bhliain 140AD.

Roghnaigh mé an mhí cheart le teacht chuig an sráidbhaile. Lúnasa an mhí a mbíonn Féile na mBláth acu agus an mhí a mbíonn an cruinniú mór ag lucht gaile a eagraíonn an Irish Steam Preservation Society. Bailíonn na mílte ann ón úr seo agus ón iasacht chuig an dá imeacht. Tá iarsmalann ghaile ann chomh maith agus i measc rudaí eile anseo acu tá inneall dóiteáin as Béal Feirste agus tram as Baile Átha Cliath. Tá fothrach mainistreach anseo a thóg Naomh Colmán sa 6ú haois. Ceaptar gur anseo a scríobhadh Leabhar Laighean atá le feiceáil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tháinig Cuallacht na gCairde go Móinteach Mílíc sa 17ú haois. Bhunaigh siad ceárta iarainn agus tionscal olla san 18ú haois agus tionscal cadáis níos déanaí. San 18ú haois thuill Móinteach Mílíc clú as an lása a dhéantaí ann. Déantar an lása i gcónaí i gClochar na Toirbhearta. Tá crois ar an mbaile i gcuimhne ar 'aon fhear déag cróga' a crochadh i ndiaidh nócha a hocht.

Déanann an Bhearú dhá leath de Chúil an tSúdaire idir an dá chontae, Laois is Uíbh Fhailí. Bunaíodh an baile sa bhliain 1666 ag Sior Henry Bennett. Deonadh an chuid is mó den talamh a tógadh ó na Gaeil dó siúd is thug sé plandálaithe ó Shasana chun cónaí ann. Thug an Ginearál Rourigney, Iarla Galloway, coilíneacht Úgónach ann go mall sa 17ú haois agus thóg siadsan séipéal Protastúnach a mbíodh na seirbhísí i bhFraincis ann go dtí an bhliain 1861. Tá iarsmalann bheag ann mar a bhfuil ar taispeánt cinn tua ó dhá mhíle bliain roimh Chríost chomh maith le nithe suimiúla eile.

Ach tá an contae siúlta agam, tá mé tuirseach, is más mil ar mo chroí áilleacht ár dtíre is ár muintire cuireann ríomhadh stair an oileáin uaigneas orm go minic. Tá mé ag tnúthán go mór le comhluadar croíúil. Ó, a Thomáis Uí Mhurchú, mura mbeifeá i gcór na n-aingeal anocht mar atá, bhainfeadh do ghlór binn an cian díom. Ach d'fhág tú sliocht i do dhiaidh. Ní bheidh sé deacair teacht orthu i do bhaile dúchais, Cúil an tSúdaire. Beidh amhrán anocht againn sula ndorchaíonn an mogall an tsúil.



Uíbh Fhailí

*I*s é Beannchar ar abhainn dhomhain na Sionainne an chéad bhaile againn ar ár gcuart ar Chontae Uíbh Fhailí. I dtiúin leis an abhainn mhór mhallghluaiste tá ciúnas le brath ar an mbaile mar a síneann an phríomhshráid suas chuig an abhainn agus an droichead a cheanglaíonn Uíbh Fhailí agus Gaillimh.

Chaith Charlotte Brontë (1816-55) agus a fear céile Arthur Ben Nicholls mí na meala anseo sa bhliain 1854. Scríbhneoir eile, Anthony Trollope, chaith seisean tamall anseo freisin. Fuair sé post ann mar shuirbhéir d'Oifig an Phoist sa bhliain 1841, cheannaigh sé capall is chuaigh sé i leith lucht seilge. Ní mar shealgaire a bhain sé cáil amach, ar ndóigh, ach as na húrscéalta a thosaigh sé ag scríobh ar an mbaile seo.

Ó thuaidh tá Droichead na Sionainne agus is é is suntasaí ar an mbaile cluthar ná an stáisiún cumhachta ollmhór a dtéann piolóin arda amach uaidh ar fud an phortaigh. Tá daingnithe móra airtléire ann chomh maith a tógadh in aimsir Napoléon ar fhaitíos go dtiocfadh an saighdiúir sin trasna na habhann. Má tá sé ar intinn agat bheith ag iascach anseo croch leat mála mór.

Ag an Abhainn Dubh tig leat taisteal ar iarnród Bhord na Móna chomh fada le Cluain Mhic N treoraí leat a léireoidh duit

an obair iontach atá déanta ag an mBord agus a thaispeánfaidh duit na locha, na linnte, na bláthanna, na héin cheoil agus seilge a bhfuil an taobh sin tíre breac leo.

Roghnaigh Naomh Ciarán go maith sa bhliain 545 nuair a bhunaigh sé Cluain Mhic Nóis. Bhláthaigh an mhainistir ar feadh na gcéadta bliain mar ionad léinn is creidimh agus b'ann a soláthraíodh cuid mhór den ealaín Cheilteach agus de na lámhscríbhinní maisithe. Is ní gan cur isteach orthu a rinne na manaigh an obair seo ar fad. Le rialtacht reiligiúnach a thugadh na hUigingigh fúthu is níor fhág na Normannaigh ag obair ar a suaimhneas ach oiread iad. Ach ba é an garastún Sasanach as Baile Átha Luain a loit ar fad é sa bhliain 1552.

Chroch siad leo a raibh iniompartha as – síos go dtí an gloine as na fuinneoga fiú – is ní raibh téarnamh i ndán don mhainistir tar éis an ionsaithe rífnigh sin.

Ó dheas uainn cúpla míle amach ó Ros Cré (ach i gContae Uíbh Fhailí dúinn go fóill) tá mainistir Naomh Seosamh a bunaíodh sa bhliain 1878. Tá feirm déiríochta anseo ag na Cistéirsigh chomh maith le scoil chónaithe do bhuachaillí agus teach aíochta. Tig leat oíche nó dhó a chaitheamh anseo faoi shíocháin is inní an tsaoil a chur díot.

San am fadó thugadh scríbhneoirí '*Umbilicus Hiberniae*' ar Bhiorra a dtagaimid chuige tar éis sciúird ó thuaidh. Sa 6ú haois, Naomh Breandán, Biorra, a bhunaigh an baile mar a dtagann an Bhrosnach Bheag agus an Chamchor le chéile. Tugadh míle acra do chlann Shasanach, na Parsons, sa bhliain 1620 agus thóg siad baile Seoirseach thart ar an gcaisleán acu. Ba smachtaí fíorghéar é Lawrence Parsons a thóg an caisleán agus an cead aige, is cosúil, cibé pionós ba mhaith leis a chur ar mhuintir an bhaile. Bhunaigh an duine céanna tionscal gloine agus chuir sé margadh seachtainiúil ar bun.

Tá cuma mhaith theann ar an mbaile le sráideanna leathana is crainn ar gach taobh. Cearnóg Emmet atá ina lár. Tá Óstán Dooley anseo a tógadh sa bhliain 1747 mar theach ósta cóisteoireachta. Sa bhliain 1809 chuir Sealgairí na Gaillimhe an óslann trí thine mar chuid dá gceiliúradh. Thuill siad an t-ainm 'Lastóirí na Gaillimhe' as an eachtra sin. 'Teaspach gan múineadh is deacair é iompar,' deir an Ciarraíoch ar chloisteáil sin dó. Sheas dealbh sa chearnóg uair don Diúc Cumberland nó an 'Búistéir' mar a baisteadh air i ndiaidh Chúil Ódair. Baineadh anuas é sa bhliain 1925.

I bPlás Eoin tá cuimhneachán do William Parsons, an réalteolaí. I Sráid an Chaisleáin tá Séipéal Crotty. Bhí miontrioblóid éigin ag an Athair Crotty leis an dlí go luath sa 19ú haois is ní raibh an sagart paróiste róshásta é ligean ar ais sa pharóiste. Ar neamhchead don sagart paróiste d'fhill sé ar an mbaile ina shagart 'neamhspleách'. D'úsáid sé an Béarla in ionad na Laidine, shéan sé údarás an Phápa, dúirt nach raibh i bpurgadóir ach cumadóireacht chléiriúil le hairgead a bhaint as na daoine. Faoin mbliain 1832 bhí sé faoi choinnealbhá, díbríodh as an tír é is fuair an fear bocht bás sa Bheilg i dteach gealt.

Thar an droichead ar an gCamchor tá siúlóid álainn faoi scáth na gcrann agus tagaimid go dtí Séipéal Bhreandáin, 1817, faoina fhuinneoga áille ghloine dhaite agus Clochar na Trócaire deartha ag Pugin. Is, a lucht na slaite, tá na bric ag léimreach.

Ar Dhún Chlann Uí Chearbhaill a thóg na Parsons a gcaisleán is tá gairdíní ornáideacha thart air ar feadh céad acra. Tá an teileascóip ábhalmhór, a tógadh i lár an chéid seo thart agus arbh é an ceann ba mhó ar domhan an t-am sin é, le feiceáil anseo freisin.

Ag an bhFéar Bán bhunaigh Naomh Mochonóg mainistir Ghaillean sa 5ú haois agus luaitear í in Annála na hÉireann den 9ú haois. Níl rian den mhainistir le feiceáil anois ach i bPríoireacht Ghaillean, atá anois ina clochar, tá leaca croise agus leaca uaighe agus b'fhéidir gur ón gcéad tógáil iad. Tá stáisiún mór táirgthe leictreachais ó chumhacht móna sa bhFéar Bán.

Baile gnóthach déantúsaíochta is ea Clóirtheach arbh áitreabh do bhaill Chuallacht na gCairde uair é. Míle ó dheas ón mbaile tá portach atá anois ina thalamh cosanta dúlra faoi Sheirbhís Fhiadhúlra na hÉireann. Áit chruinnithe é seo dóibh siúd ó chónagar is ón iasacht ar chúram nó ar suim leo a bhfásann, a ritheann, a siúlann nó a shnámhann ar thalamh portaigh agus tá meas Eorpach ar an áit ag lucht staidéir an dúlra.

Naomh Colm Cille a bhunaigh mainistir mhór sa bhliain 553 ag Darú. Níl fágtha anois di, áfach, ach ardchros agus roinnt leaca uaighe agus tobar. Tá radharcanna ón mBíobla greanta ar an gcros mar atá Íobairt Isaac, an Céasadh agus saighdiúirí ag cosaint tuama Chríost. Rinneadh Leabhar Dharú anseo sa 7ú haois agus tá an tseoid ealaíne seo le feiceáil i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sa bhliain 1186 bhí an tAngla-Normannach Hugh de Lacy i mbun treascairt na mainistreach le

caisleán a thógáil ina háit. Bhuaíl saoltacht an ghnímh fear oibre. Bhuaíl seisean de Lacy le tua is bhain an cloigeann de. Is ní fhaca de Lacy an caisleán, go deimhin ba é an mhainistir an rud deiridh a chonaic sé ar an saol.


B'ionad cumhachta an Daingean uair ag Clann Uí Chonchúir, taoisigh Uíbh Fhailí. Sa 16ú haois nuair a tháinig na plandálaithe Sasanacha isteach sa chontae d'aistrigh Mary Tudor ainm an chontae go King's County agus ainm an bhaile go Philipstown in onóir a fir céile, Spáinneach. Chaill an baile a stádas mar phríomhbhaile an chontae sa 19ú haois.

An Marquess of Devonshire a thóg an chuid is mó de na foirgnimh anseo in Éadan Doire tar éis seilbh a ghlacadh ar Chaisleán Blundell trí phósadh. Tá an caisleán ar bharr cnoic ó dheas ón mbaile. Bhunaigh Sior John de Bermingham mainistir do na Proinsiasíagha sa 14ú haois dhá mhíle siar. Baile gnóthach margaidh é Éadan Doire ach ba mhó an tráchtáil a dhéantaí ann nuair a bhí iompar mór ar siúl ar an Mórchanáil. Tá foinse na Bóinne gar don bhaile agus tá 240,000 acra de Mhóin Alúine ag síneadh siar uaidh.

Agus táimid ar Thulach Mhór, baile an chontae ón mbliain 1833. Thit balún gáis anuas ar lár an bhaile, phléasc agus leag os cionn céad teach sa bhliain 1785. B'éigean lár an bhaile ar fad a atógáil agus fágann sin an chuma bhreá air. Shroich an Mórchanáil an baile ó Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1798 agus d'fheabhsaigh Tulach Mhór le grúdlann, muileann plúir is drioghlann. Ar Ché Bury tá an Irish Mist Liqueur agus m'fhocal duit, tá siad lách le samplaí.

Tá iascach, bádóireacht, galf, siúlóidí sléibhte is dóthain caitheamh aimsire i dTulach Mhór féin le duine a choinneáil gnóthach. Maidir liom féin de agus an oíche seo atá romham, bhí cara liom ag insint dom ar ball go mbeidh clann Uí Bhrádaigh ó Chill Achadh ag déanamh ar an mbaile seo anocht. Beidh ceol ann.

Cill Dara



Thar teorainn chontae isteach linn agus táimid i Mainistir Eimhín i gContae Chill Dara. Ar thalamh an tí mhóir, Mainistir Uí Mhórdha, a bhí tógáil Eimhín. Ba le Clann Uí Mhórdha an teach mór a tógadh san 18ú haois. Chaith John McCormack, an t-amhránaí, tamall de bhlianta ina chónaí ann ach is dídean anois é do mhná a bhfuil an galar titimeach orthu.

Seasann cros ar chearnóg an bhaile don Athair Prendergrast a crochadh as a pháirt in éirí amach nócha hocht. Tá foirgnimh bhreátha den 19ú haois le feiceáil ar an mbaile agus iompraíonn uiscerian an Mhórchanáil trasna na Bearú.

Ó dheas linn, is nach aoibhinn bheith ag taisteal tríd an tír álainn seo agus grian bhán an tsamhraidh ag soilsiú an bhealaigh romhainn. I lár ceantair churaíochta tá an baile margaidh, Baile Átha Í, suite mar a dtagann an Bhearú agus an Mhórchanáil le chéile. Maraíodh Ae, Rí na Mumhan, anseo agus bhaist sé an baile go hainneonach. Ag deireadh an 13ú haois thóg na Normannaigh Caisleán Woodstock leis an áth a chosaint. Rinneadh an-damáiste dó sa 17ú haois ach tá iarsma na tógála le feiceáil i gcónaí.

Thóg Iarla Chill Dara Caisleán de Faoite sa bhliain 1575 leis an áit a chosaint agus suíonn sé go máistriúil ag droichead na Bearú i lár an bhaile. 'Crom abú' a thugtar ar an droichead mar go mba é sin gáir chatha mhuintir Dheasún. Ghlac an dá chaisleán páirt i gCogadh an Dá Rí agus rinneadh díobháil dóibh dá bharr.

Is fiú cuairt a thabhairt ar an Séipéal Doiminiceach mar a bhfuil saothar le feiceáil ó na healaíontóirí Bridget Byrne, Breda

O'Donoghue agus George Campbell. Ba é George Campbell a rinne na fuinneoga agus turas na croise.

Tá mé mall faraor d'Fhéile Bhaile Átha Í. Mí Iúil a bhíonn siad ag damhsa. Cúpla míle ó thuaidh ó Bhaile Átha Í tá láthair an chatha mar ar chloigh Edward Bruce arm láidir Sasanach sa bhliain 1316.

I ndeisceart an chontae tá Díseart Diarmada. Thóg Diarmaid mainistir anseo sa 9ú haois is d'fhág a ainm ina dhiaidh. Maireann cloigtheach 60 troigh ar airde agus ar shuíomh na seanmhainistreach. Ó bhunú Dhiarmada maireann dhá chrois eibhir agus greanta orthu tá Naomh Pól is Naomh Antaine, na hAspail, an Céasadh, Íobairt Isaac agus Dónall i bPluais an Leoin. Tháinig na Gearaltaigh níos moille, chuir balla thart air is an baile faoina gcoimirce. Thóg Hugh de Lacy caisleán Normannach ann sa 12ú haois.

I Sráid na Mainistreach tá fothrach de mhainistir Phroinsiasach ón 13ú haois. Ar an mbaile chomh maith tá Cloigtheach Naomh Eoin agus is é amháin atá fágtha d'ospidéal ón 13ú haois.

Ar ár mbealach ó thuaidh tagaimid go Maoin Cholm Cille. Ar shuíomh mainistreach a bhunaigh an naomh sa 6ú haois tá fothrach séipéil den 13ú haois agus seasann ann Cros Mhaoine atá 17 droigh ar airde. Má tharlaíonn duit bheith ar an mbóthar seo b'fhiú go mór tamall a chaitheamh ag breathnú ar cheann de na crosa arda is aoibhne sa tír.

B'ionad Ríthe Laighean uair Dún Ailinne agus is pointe suntasach é sa chontae. Tá balla ciorclach ag dul thart ar an dún atá thart ar 1,400 troigh trasna agus tuairim is 15 through ar airde. Mhair daoine anseo ón gClochaois agus, ó thochailt a rinneadh le gairid, ceaptar gur mhair daoine ann go dtí 400AD.

Siar linn go Cill Dara. Bríd a bhunaigh an chill sa bhliain 490 agus deirtear go seasann an Ardeaglais – a tógadh sa 13ú haois – ar an suíomh sin. Tá cuma chinnte shaibhir ar an mbaile a bhuíochas sin do ghraíonna agus rásaí capall. Idir seo agus Droichead Nua agus thart ar an dá bhaile tá an áit breac le graíonna.

Idir Cill Dara agus Droichead Nua tá an Currach, an t-aon chuid den chontae ar cuireadh an t-iarann smúdála air. Agus má rinneadh sin níor fágadh an 5,000 acra de thalamh féaraigh gan úsáid. Is maith liom a bheith ar an gCurrach go luath más féidir, leis na heacha is na cliobóga a fheiceáil amuigh do rith spleodrach na maidine faoina gcloigeann beag, a muineál fada, a gcorp

slíochta, a gcosa fada tanaí. A Thiarna, shíl mé go minic gur dul in airde san fhirmimint a dhéanfadh siad mura mbeadh ceansú an mharcaigh.

Ná dearmad cuairt a thabhairt ar an nGraí Náisiúnta. Beidh fáilte ann romhat. Nach leat é? Ar taispeáint ann tá creatlach *Arkle* (1957-70), ceann de na capaill ab fhearr riamh a chaith clái. Cara liom féin, nár thóg sé teach breá ar an airgead a ghnóthaigh sé ar an ngliaire sainiúil seo de chapall. ‘Arkle’ a thugann sé ar an teach.

Béal dorais tá na Gairdíní Seapánacha agus is fiú iad seo a bhreathnú. Deir siad liom gur cartfhostaíodh long i dtús an chéid leis na hábhair speisialta a iompar anall as an tSeapáin chun an píosa breá ealaíne seo a chruthú. Gluaisteáin ar athlámh a thugtar anois. Dul chun cinn!

I nDroichead Nua tá oifigí Bhord na Móna, déantar sceanra a bhfuil cáil air agus tá an cheárta rópa. Baile gnóthach é. Bhuail ocras mé agus shíl mé seasamh isteach is ceapaire is pionta a chaitheamh. Sheas fear le m’ais agus tar éis beannú dom d’fhiafraigh díom an raibh leid ar bith agam do na rásaí tráthnóna.

Ba chineál é, bhí a fhios agam, a raibh a chárta marcáilte cheana aige is nach mbogfadh an Ali Khan féin óna rogha é. B’fhear gnaíúil é ar mhaith leis comhlúadar a dhéanamh. Luaigh mé roinnt ainmneacha. Mhínigh sé dom cén chaoi nach raibh seans dá laghad ag ceann ar bith acu. Beirt saineolaí a bhí i gcomhrá anois a dtuigeann tú is d’éist mé. Níorbh fhada gur thosaigh na scéalta. ‘Chuala mé ceann an-mhaith,’ a deir sé, miongháire ar a bhéal. ‘An triúr leaids seo, chuaigh siad chuig na rásaí is rinne siad an-mhaith. Ní na scórtha, ná na céadta ach na mílte, an dtuigeann tú, fíorchearrbhaigh. Ar an mbealach abhaile ar chuma ar bith, ghlaoigh siad isteach leis an lá éiríoch a cheiliúradh. Lean branda amháin an ceann eile is bhí an-fhonn go deo orthu is tuige nach mbeadh, nuair a sheas duine acu suas le dul chuig an leithreas. Bhí sé tamall amuigh is chuaigh an bheirt eile amach á lorg agus seo é ina chnap marbh ar an urlár. “A Dhia,” a deir duine acu. “Céard a dhéanfaidh muid anois.” “An chéad rud,” a deir an fear eile, fear críonna, “ná a chuid eochracha is a chuid airgid a bhaint as a phóca is an drochscéal a thabhairt ag a bhean.” “Agus cé ghabhas chuig a bhean?” “Ó caithfidimid pingin in airde mar a dhéanann i gcónaí nuair atá cás le réiteach.” “Ceart,” a deir an fear eile. Caitheadh. Baineadh. Cailleadh. D’imigh an fear bocht suas chuig teach an fhir mhairbh. D’oscail bean an

doras. “An tusa an bhaintreach Mhac Ghabhann.” a deir sé. “Ó ní mé,” a deir sí, “níl m’fhear céile marbh”. “Cuirfidh mé deich gcinn ar an gceann leat,” a deir sé’.

Agus soir ó thuaidh go Nás na Rí mar a gcónaíodh Ríthe Laighean uair. Baile margaidh gnóthach é An Nás agus baile é a bhfuil eolas faoi ar fud domhan na rásaíochta. Tá an séipéal Protastúnach ar shuíomh campa a rinne Naomh Pádraig ar cheann dá thurais mhiseanacha. Tógadh an séipéal Caitliceach sa bhliain 1827. Cuireadh an túr agus an spuaic leis sa bhliain 1858.

Is nach álainn an baile beag é Cill Droichid agus an Life ag sní tríd le neart is suaimhneas. Chónaigh Esther Vanhomrigh (1690-1723) anseo. Ba í siúd ‘Vanessa’ Swift. Thagadh an Déan ar cuairt uirthi anseo agus tá suíochán le hais na habhann a chleachtaíodh siad.

Tá Teach Castletown gar dúinn a tógadh sa bhliain 1722 do William Connolly, MP do Dhún na nGall. Ba é Connolly an ceann comhairle i bParlaimint na hÉireann ina dhiaidh sin. Deir siad go bhfuil Teach Castletown ar an teach is fearr dá chineál sa tír. Tá turais thionlactha ar an teach ar fáil ar feadh na bliana.

Is iad na hUigingigh a bhunaigh Léim an Bhradáin, nó ‘Leixlip’, os cionn míle bliain ó shin. Sna blianta deiridh tá na céadta tithe nua tógtha ann a bhfuil cuid mhór dá sealbhóirí ag obair sa phríomhchathair. Tá ceanncheathrú Chumann Seoirseach na hÉireann lonnaithe anseo i gCaisleán Léim an Bhradáin.

Agus tagaimid go dtí an baile ollscoile, Maigh Nuad. Ar do lámh dheas ag geata an choláiste tá fothrach Chaisleán Mhaigh Nuad a tógadh sa bhliain 1203. B’as seo a rialaigh na Gearaltaigh Cill Dara. Tá cuid mhór den fhoirgneamh ollmhór slán i gcónaí agus is féidir an eochair a fháil i dteach an airígh trasna an bhóthair. J.J. McCarthy, an ‘Pugin Gaelach’, a dhear séipéal an choláiste agus tógadh é idir 1874 agus 1890. Caith do shúil isteach san iarsmalann eaglasta. I measc nithe inspéise eile ann tá culaith aifrinne a rinne Maire Antoinette agus bronnantais ó Elizabeth bean chéile Impire na hOstaire.

Anois tá an céachta fágtha ag an gcapall agus tá sé in am domsa réiteach chun na hoíche. Tá an Chorrchoill gar dom agus ainm an cheoil ar an sráidbhaile sin ach ba bhreá liom fáil amach cén chaoi a ndearna mo dhuine i nDroichead Nua leis na capaill. Níl a fhios agam an bhfuil amhrán aige ach, mura bhfuil, tá scéalta.

Cill Mhantáin



Ní fada go Baile Coimín ó Dhroichead Nua mar ar fhág mé fear na scéalta. Fear an ósta, nuair a bhí an comhlúadar scaipthe, shuigh sé chun boird linn agus tá mise á rá leat go raibh na cathaoireacha féin ag gáirí. B'é an focal deiridh a dúirt an scéalaí agus é ag déanamh an dorais amach, 'ní féidir foirm a bhualadh', nath ag an gcearrbhach cruthanta.

I mBaile Coimín táimid i gContae Chill Mhantáin, contae croíúil neamheaglach. Leagadh amach baile na sráide leithne seo san 17ú aois ag Michael Boyle, Ardeaspag Átha Cliath agus ar an aon sráid amháin seo tá teach Downshire. Chónaíodh Marcas Downshire anseo uair ach is teach ósta anois é. An-áit do bhainiseacha é má tá tú ag smaoineamh sa treo sin.

Mar cheiliúradh ar a mhac a theacht in aois fir thóg an Marcas seo fuarán uisce i lár an bhaile. Oifigí anois an teach cúirte Seoirseach atá taobh thiar den fhuarán. I gcúinne na reilige taobh amuigh den bhaile tá Cros Naomh Mharcais den 12ú haois a tugadh anseo óna shuíomh bunaidh nuair a ligeadh uisce isteach ansin leis an taiscumar a dhéanamh sna tríochaidí mar ábhar cumhachta is uisce do chathair Átha Cliath.

Ó dheas tá Teach Russborough a tógadh sa bhliain 1741 do Joseph Leeson, fear a bhí ag déanamh beorach i mBaile Átha Cliath. Tá bailiúchán ealaíne Beit anseo a chruinnigh Sior Alfred Beit (1853-1906) a bhí le Cecil Rhodes ag baint seoda as an Afraic

Theas. Is féidir cuairt a thabhairt ar an teach seo ó Cháisc go Deireadh Fómhair.

Ar aghaidh linn go dtagaimid go Cillín Chaoimhín mar ar chaith Caoimhín tamall sa séú haois sular bhunaigh sé Gleann Dá Loch. Tá dealbh den naomh ag faire ar an mbaile ó chreig sléibhe.

Díreach ó dheas ó Chillín Chaoimhín ar bharr cnocáin tá ciorcal cloiche ón gCré-Umhaois. Tá roinnt de na clocha ina seasamh agus an chuid eile tite. Clocha an Phíobaire a thugtar orthu. Scéal amháin faoi gur deineadh clocha as píobaire is fáinne rinceoirí as a bheith ag damhsa ar an tSabóid. Scéal eile ná gur tugadh an t-ainm sin orthu mar go seinneadh na sióga an phíob ina measc san oíche. Bíodh do rogha agat ach is fearr liom féin an dara ceann.

Soir linn tamall is táimid i nGleann Dá Loch. Naomh Caoimhín a bhunaigh an t-áitreabh san 6ú haois. Is cá dtiocfá ar áit mar é ar bhun áilleachta, staire, creidimh, seandálaíochta is suaimhnis? Is cén fhaid ab éigean duit seasamh ann le do mhianta gaolmhara a shásamh? Filleadh arís mo mholadh duit. Tá ionad cuairteoirí iontach ann agus tá turais thionlactha ar fáil.

An Mhórgharraíodóir a rinne an contae seo. Tá sléibhte, gleannta, srutháin, aibhneacha, easanna is gach éan, ainmhithe agus iasc a mhaireann go sásta sa bhfiántas ann. Cén iontas gur Ghairdín na hÉireann a ainm is a chuntas.

Gleann Maolúra an gleann is mórthaibhsí agus is bagraí ar fad ann. Ó dheas ó Ráth Druma briseann sé amach is iompraíonn leis an Abhainn Bheag. Tá Log na Coille 3039 troigh, an sliabh is airde sa chontae, ar thaobh amháin agus Mullachor, 2179 troigh, ar an taobh eile. Ní deacair Fiach mac Aoidh Ó Broin, a mhair ina thaoiseach anseo uair, a shamhlú is breáthacht a dhúiche thart air.

Má theastaigh uait riamh tú féin a chruthú duit féin mar shiúlóir seo é 'nóiméad na fírinne'. Tá súil agam go bhfuil na buataisí gréisce the go maith agat.

Is tá Gleann Ó Máill mar a rugadh Mícheál Ó Duibhir in aice láimhe. Ag Doire na Muc os cionn an ghleanna tá an teachín a ndearna sé a éalú cáiliúil as le cabhair an ghaiscígh, Mac Allister. Cuimhneachán náisiúnta anois an teach sin agus is féidir an eochair a fháil ón teach feirme gar dó. Nach iontach nuair a shrois Ó Duibhir New South Wales go mba é an Caipún míchlúiteach William Bligh ón *Bounty* a bhí ina Ghobharnóir ag fanacht leis? Go deimhin nuair a fhágann tú an teach ar maidin níl a fhios agat cá dtiocfaidh an oíche ort.

Baile margaidh maith stoic é Eachroim atá suite mar a dtagann dhá abhainn le chéile le habhainn Eachroma a dhéanamh. Tá an breac beo san abhainn seo. Bí aireach. Tá na bóithre sléibhe amach as an mbaile garbh ach is fiú an míchompord a sheasamh mar tá féasta radharcra le fáil uathu.

Baile broidiúil é Bealach Conglais mar a ndéantar táirgí talmhaíochta. Tá dealbh do Sam Mac Allister i lár an bhaile. Tá fothrach de mhainistir Cistéirseach, Vallis Salutis, anseo a thóg Diarmaid Mac Murchú, Rí Laighean, sa bhliain 1418. Cuireadh an túr cearnógach leis sa bhliain 1815. Ar barr Chnoc Bhealach Conglais tá ciorcal dúbailte clocha ar thrí uiaigh ón gClochaois. Tá ciorcal cré i bhfad níos mó ann a tógadh níos moille san iarannaois.

Gar do Ghlarach, nach bhfuil ann ach séipéal, teach scoile agus dhá theach, tá an Pháirc Shúgartha mar is féidir leat na páistí a scaoileadh slán chun spraoi.

Ach téimis ó dheas leis an Abhainn Mhór chomh fada le Ráth Droma. Gar dúinn tá Avondale mar a rugadh Parnell. Ag Ráth Droma le gairid rinneadh radharcanna don scannán 'Mícheál Ó Coileáin'. Meas tú ar bhraith na réaltaí an t-oighear íorónta faoina gcosa?

Níos faide ó dheas casann an Abhainn Bheag leis an Abhainn Mhór is ceaptar an abhainn Abhóca agus an áilleacht a mheall an t-amhrán ó Thomás Ó Mórdha. Tá gnó fíodóireachta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air i sráidbhaile Abhóca agus tugtar taispeántas lámh-fhíodóireachta ann gach lá don phobal.

Brisimid amach ar an bhfarraige ag an Inbhear Mór, príomhbhaile oirdheisceart an chontae. Gach deireadh seachtaine is lá saoire méadaítear ar dhaonra an bhaile is bíonn an-chraic ann. Bhí ainm na hiascaireachta agus tógáil báid ar an Inbhear Mór riamh agus ba anseo a tógadh an *Gypsy Moth IV*, an bád inar sheol Sir Francis Chichester timpeall an domhain ina aonar 1966-7.

Tá iarsmalann mara anseo agus gnó potaireachta faoi láimh Sheapánach agus is fiú cuairt a thabhairt ar an dá áit. Beidh fáilte romhat. Casadh orm fear anseo nach raibh mórán le cois an dá scór aige ach bhí eolas aige ar gach calafort ar domhan. Bhí sé sa bhaile idir longa. Tar éis a raibh siúlta aige shíl mé gurbh fhiú a thuairim den saol a lorg. 'Rinne siad praiseach de nuair a bhain siad Dia as an taibearnacal len É a chur sa bhanc,' a deir sé.

Ar an gcósta fós ó thuaidh tá dhá mhíle de Chuan an Bhriotáis atá ina sprioc snámha agus spórt farraige ag na mílte don deireadh seachtaine.

Ag fanacht feadh an chósta tagaimid go baile Chill Mhantáin. Tá Halla an Bhaile anseo ón 18ú haois agus an seanphríosún a tógadh sa bhliain 1702. Is iomaí sin fear a crochadh ann. Orthu bhí Liam Ó Broin, taoiseach i 1798, a bhfuil cuimhneachán dó i gCearnóg an Mhargaidh. Is iarsmalann agus ionad oidhreachta an seanphríosún anois. Chanadh mo sheanathair:

*Nocha hocht bímid cráite
D'easpa ár gcaiptín iomráiteach
I mBaile Átha Cliath daoradh é
Go Cill Mhantáin mairseáladh é
Is ní scaoilfí ar bhannaí é
Ach é a chrochadh go hard.*

Más suim leat plandaí is bláthanna ní fada uait Gairdíní Mount Usher atá ar oscailt romhat ó Mhárta go Deireadh Fómhair.

'Nach baile beag álainn ciúin é Na Clocha Liatha?' a deir mé le fear gnó ar an mbaile sin. 'Ó beidh athrú ar an scéal nuair a chuirfear fad leis an DART', deir sé agus súil aige siúd le feabhas.

Tugann Bré sinn go teorainn Chontae Bhaile Átha Cliath agus isteach ar chlé uait tá Áth na Sceire agus Powerscourt. Mholfainn duit an lá a chaitheamh thart ar Áth na Sceire agus Powerscourt agus an oíche a thabhairt i mBré.


Maidir liom féin de agus an oíche seo romham, rachaidh mé isteach faoin tír, suas chuig na Sailí mar a mbeidh fáilte romham ag Muintir Uí Thuathail. Nárbh é Tomás, nach maireann, a dúirt liom fadó gurbh é Cill Mhantáin an áit deiridh a rinne Dia: 'nár fhág sé na *tools* ina dhiaidh,' deir sé.

Ach seó a bhíomar ag déanamh ansin sna Sailí fadó is go raibh Mícheál Ré mar phíobaire linn nach ndúirt duine éigin linn go raibh seanphíobaire ina chónaí ina aonar thuas ar bhóithrín éigin. Ní fada go raibh an seanphíobaire, nár sheinn leis na blianta, thuas ar an stáitse againn. Peadar Norton a bhí air creidim agus mhol sé pósadh domsa, do Pheadaí Bán is do leaids óga eile a bhí ar an gclár.

'Níor phós mé féin riamh faraoir,' deir sé, 'ach céard is saol baitsiléara ann ach léine shalach, bricfeasta tae agus Domhnach gan Aifreann.'

Beidh scéalta, amhráin agus comhluadar geanúil tigh Mhuintir Uí Thuathail anocht.

An Mhí



Cill Dhéagláin an chéad sráidbhaile a dtagaimid air thar teorainn i gContae na Mí. Anseo tá píosa sonrach dealbhóireachta le Peter Grant i gcuimhne fir a thit i mbliain a sé déag. Nochtaíodh an dealbh sa bhliain 1959 agus tá líne cháiliúil le Tomás Ághas greanta ar phlaic air.

Mhair an dara Barún Ashbourne ar an sráidbhaile go bliain a bháis, 1942. Chaitheadh an fear seo filleadh beag cróch san House of Lords agus labhraíodh sé Gaeilge ann. Siar ó dheas ó Chill Dhéagláin tá Fairyhouse mar ar cailleadh go minic an ubh Chásca ar *Grand National* na hÉireann.

Ó thuaidh tá Caisleán Dhún Samhnaí a tógadh sa bhliain 1180. Níl fágtha den tógáil sin ach na ceithre túir óir athraíodh go minic é thar na céadta bliain. Ón 15ú haois is le muintir Pluincéad é ar leo uair dhá eastát eile thart, Cillín agus an Ráth Mhór. Baile clainne i gcónaí é an Caisleán agus tá sé ar oscailt don phobal nócha lá sa bhliain, ó Bhealtaine go lár mí Lúnasa. Is fiú go mór cuairt a thabhairt air agus a bhfuil le feiceáil ann. Tá an leabharlann ann, agus tá pictiúir le breathnú, orthu siúd tá saothar le Opie, Cwyp, Van Dyck agus Jack Butler Yeats.

Taobh istigh de gheataí an chaisleáin tá fothrach shéipéil Naomh Nioclás a tógadh sa 15ú haois. Maidir le tosach an tséipéil a bhfuil íomhánna den Chéasadh agus de na hAspail greanta air, ceaptar nach bhfuil a shárú le fáil sa tír. Tá cros chloiche greanta ón 16ú haois taobh amuigh den chaisleán.

Ó dheas tá Cnoc an Línsigh. Ba leis na Línsigh an t-eastát agus thóg siad an caisleán sa 16ú haois. Daichead bliain ina dhiaidh sin

chuir Cromail amach ar thaobh an bhóthair iad. San 18ú haois d'fhág Hercules Rowley, an t-úinéir san am, an caisleán agus thóg sé Summerhill House ar bharr an chnoic. Dódh an teach go talamh sa bhliain 1922. Deir siad gur tógadh Ambrosio O'Higgins (1730-1801), Leasrí Pheiriú agus athair Bernardo O'Higgins (1778-1842) fuascailteoir na Sile, ar an eastát. Seasann Caisleán an Línsigh ar thalamh príobháideach agus is féidir fiosrú a dhéanamh ag an mbungaló.

Tá an Bóthar Buí ó dheas agus tá siúlóidí áille sa treo sin ar bhruach na Canálach Ríoga. Tá suaimhneas le brath anseo mar a bhfuil na sceacha lán le héanlaith is féileacáin. Tá an mallard, an chearc uisce agus an chorr éisc le breathnú is an phéirse, an cúramán is an bran i bhfolach agus má tá an tslat farat agus fonn ort, meall iad.

Díreach ó thuaidh tá Baile Átha Troim, baile margaidh ar dhá thaobh na Bóinne. Ní iontas leat gur ainmníodh mar Bhaile Oidhreachta é ag breathnú duit ar an gcaisleán Angla-Normannach is mó sa tír agus ar an iliomad fothrach eile a luíonn faoi do shúil. Ba é an Normannach Hugh de Lacy a thóg an caisleán sa bhliain 1172. Rinne trúpaí Chromail damáiste dó cúig chéad bliain ina dhiaidh sin ach is fothrach slán dea-chaomhnaithe anois é ar a shuíomh de thrí acra féarmhara. Ina lár tá daingean cearnógach 75 throigh ar airde a tógadh timpeall 1200. Is é Geata Átha Cliath sa bhalla ó dheas an t-aon tír agus barbacán iomlán sa tír.

Is í an Spuaic Bhuí an fothrach is suntasaí ar an mbaile. Seasann sí 125 throigh ar airde ar aghaidh an chaisleáin. Tógadh í sa bhliain 1368 agus ba chuid í den Mhainistir Agaistíneach den 13ú haois. Tá Caisleán Talbot gar don tSráid Ard. Tógadh é sa bhliain 1415. Ba scoil é ina dhiaidh. Ar na daltaí bhí Sior William Rowan Hamilton, an réalteolaí agus Diúc Wellington, fear a thagraíodh do chapail is stáblaí. Ach, mar a deirim, is Baile Oidhreachta é Baile Átha Troim agus bí cinnte go bhfuil go leor ama agat le caitheamh nuair a thugann tú cuairt air.

Tá An Uaimh, an baile contae, suite i lár taobh álainn tíre a thagann anuas le fána go bruacha na Bóinne. Baile maith croíúil é An Uaimh a ndéanfaidh an díthreabhach féin comhluadar ann dá bhuíochas. Tá siúlóid bhreá ar feadh cheithre mhíle i dtreo Bhaile Shláine a dtugtar 'Na Rampair' uirthi agus feadh an bhealaigh beidh na bradáin agus na bric do do bhreathnú. Siúlfaidh

tú thar Chaisleán Dunmoe a tógadh sa 15ú haois is a dódh sa bhliain '98. Tá Eastát Ardmulchan ar aghaidh ar chaisleáin.

Tá Coláiste Cholmáin ó dheas. Tógadh an coláiste sa bhliain 1940 le misinéirí don chianoirthear a oiliúint. Ainmníodh an coláiste i ndiaidh Naomh Colmán a chaith a shaol sa seachtú haois ag obair ar son an mbocht. Chaith mé féin mo chéad tréimhse as baile anseo leis na gasóga faoi chanbhás. Go lá mo bháis cuimhneoidh mé ar bholadh an aráin úrbhacáilte a thugadh an báicéir isteach sa pháirc gach maidin ar chapall is cairt.

Ag Baile Shláine tagaimid ar an gcaisleán a tógadh san 18ú haois don Mharcas Conyngham. Rinne an fear atá ann faoi láthair, Earl of Mount Charles, bialann agus club oíche as ach tá fáilte roimh chuairteoirí ar an urlár talún mar a bhfeicfidh siad an seomra damhsa agus an leabharlann a tógadh sa 19ú haois. Os cionn an bhaile tá Cnoc Shláine mar ar las Pádraig tine na Cásca le cead an Ardrí Laoghaire tar éis scéal úr seo na Críostaíochta a léiriú don údarás tuata. Ar an gcnoc tá fothrach de shéipéal is coláiste den 16ú haois.

Má shiúlann tú suas an staighre bíseach i dtúr an tséipéil gheobhaidh tú radharcanna breátha den chontae ar gach taobh. Ag bun an chnoic tá Iarsmalann Pobail agus Iompair ar fiú tamall a chaitheamh ann.

Soir uait ag Brú na Bóinne tá an Tuama Clochaoise is sonraí san Eoraip. Tá tochailt ar siúl sa cheantar i gcónaí a léireoidh tuilleadh. Ba leor liomsa ar an gcéad amharc, áfach, gur mhair daoine ar an oileán álainn seo cúpla míle bliain sula dtáinig mo threabhsa i dtír. Ba núíosach feasta mé a thabharfadh corrdhearcadh thar a ghualainn.

Tá Damhliag ó dheas mar ar thóg Naomh Cianán séipéal sa 5ú haois. Ar ndóigh, tá cuimhneacháin thart ar Chath na Bóinne nuair a bhí an dá rí ag iarraidh ceannas ar an tír. Go deimhin deirtear linn gur chaith duine acu, Liam, an oíche anseo tar éis saothar an lae úd.

Ó thuaidh tá Droim Conrach, sráidbhaile a líontar go doras gach bliain le hiascáirí ó chongar is ó chéin le linn na féile. Tá uisce gach taobh den sráidbhaile suaimhneach seo agus é chomh lán le héisc 'go ceapfá', a deir iascaire liom, 'go raibh an t-iasc buíoch díot as é a fhuascailt as a log róphlódaithe'.

Ní raibh duine ar bith i gCeannannas in ann a rá liom an ansin a rinneadh an Leabhar, an píosa ealaíne a mheallann gach


cuairteoir go hÉirinn isteach go Coláiste na Tríonóide. Tógadh mainistir ar an mbaile sa bhliain 804. Manaigh a bhí ar a dteitheadh as Í Cholm Cille de bharr ruathar na nUigingeach a thóg í ach lean na hUigingigh iad, agus, mar thoradh ar a gcuid oibre sin, níl tada fágtha de na séipéil a thóg na manaigh. Tá teach le feiceáil, áfach, agus túr cruinn atá 90 troigh ar airde agus a tógadh san 11ú haois. Tá trí crosa cloiche greanta ann agus an ceathrú ceann ag an gcrosbhóthar. I gCearnóg an Mhargaidh tá ardchros ocht dtroithe ar a bhfuil tríocha painéal de léaráidí snoite.

Siar uann tá Sliabh na Caillí agus Loughcrew House ag bun an tsléibhe. B'anseo a rugadh Naomh Oilibhéar Pluincéad.

'Lá dár éirigh Fionn Mac Cumhaill amach ar mhachaire méith na Mí...' Is ea, tá Teamhair ar lár is gan ach an cnoc le feiceáil ach siar uaidh i Ráth Cairn tá cuisle bheo an tsaibhris ag bualadh. Cloisfidh tú 'Bodach an chóta lachtna', 'Athphósadh Fhinn mhic Chumhaill' agus seoda eile as béal do chomharsan, bainfidh an damhsóir drithlí as an urlár faoi, beidh an t-amhrán mór is beag le cloisteáil is, mar bharr ag gach sonas, fáilteofar romhat le croí maith mór na féile.

Cá bhfanfad anocht? Tá an ceart agat. Tá súil agam go bhfuil Pádraig Mac Donncha is a bhean chaoín sa bhaile. Ba bhreis ar an iomlán an méid sin.

An Iarmhí



Fágaim slán le Ráth Cairn is ní gan drogall. Ach tá na rothaí ag casadh agus iompraíonn siad isteach go Contae na hIarmhí mé. Dealbhna an chéad sráidbhaile a gcasaimid leis. Sráidbhaile aoihbhinn é, coill ar gach taobh de agus caisleán den 13ú haois ina fhairtheoir ar bharr a phríomhshráide. Bhí dó na leabhar mináireach anseo acu nuair a rinneadh tine de *The Valley of the Squinting Windows*. Deirtear liom go raibh seanbhean ar an láthair a dúirt leis an slua nuair a bhí na lasracha agus an fhearg ag dul in éag, 'Féadann sibh dul abhaile anois, tá an leabhar beag dóite'. Meas tú ar thuig duine ar bith í?

Ó thuaidh tá an Seanchaisleán mar a gcasann an t-iascaire leis an ársaitheoir le scéalta iontais. Siar uait tá Fiodh an Átha mar ar sheas Maolra 'An Scorthóir' Ó Raghallaigh le céad fear in aghaidh míle de thrúpaí Chromail. Sháigh duine acu seo a chlaíomh i ngiall an Raghallaigh ach dhún 'An Scorthóir' a fhiacra ar an lann mar bhís is mharaigh a chéile comhraic. Tá cros ar an bpríomhshráid i gcuimhne a laochais.

Ar dhá thaobh an tseandroichid chloiche tá báid le fáil ar cíós. Má thógann tú bád ar dheis rachaidh tú ó thuaidh, ar chlé, rachaidh tú ó dheas.

Ó dheas tá Baile na gCros, lárionad iascaireachta atá suite idir locha is aibhneacha. Tá Tullyally Castle tuairim is míle uaidh. Sa 17ú haois tógadh an caisleán atá mar áit chónaithe d'Iarlaí Longfoirt. Seasann an caisleán ar 1,500 acra. Tá leabharlann de 8,000 imleabhar ann agus is féidir cuairt a thabhairt air ó lár mhí Iúil go lár mhí Lúnasa.

Siar uait tá Loch Dairbhreach mar ar chaith Clann Lir trí chéad bliain gan fuascailt. Agus soir uait tá Baile Fhobhair. Bhunaigh Naomh Feichín mainistir do thrí chéad manach anseo sa 7ú haois. Tá an fobhar le hais an tseanshéipéil. Sa 13ú haois thóg muintir de Lacy mainistir Bheinidicteach sa ghleann máguaird agus deisíodh é le linn an fichiú haois. Is í mainistir an Fhobhair an iarsma Beinidicteach is mó sa tír.

Ar an genoc os cionn seanséipéal Fheichín tá Séipéal an Díthreabhaigh. Tá cillín ann 8 dtroigh faoi 12 throigh mar a maireadh díthreabhaigh go dtí an 17ú haois. Tá ainm an duine dheiridh a mhair ann, Pádraig Beglan, greanta ar chloch sa chillín. Is féidir eochair an tséipéil a fháil ón tábhairne, Na Seacht nMontais, gar dó.

Tá Muilte Farannáin siar uainn ar an mbealach ó dheas. Seasann mainistir Phroinsiasach anseo le 700 bliain. Deisíodh sa bhliain 1973 í agus taispeántar sna fuinneoga gloine daite, dó na mainistreach sa bhliain 1601, sagart ag léamh Aifrinne rúnda agus scéal Chlann Lir. Cloch mhuilinn an taibearnacal a bhfuil dias mhór chruithneachta, arán na beatha, ag éirí amach as. Tá cros dhaite ann ina cóip de cheann in San Damiano gar do Assisi mar ar chuala Naomh Proinsias guth Dé.

Táimid ag déanamh ar an Muileann gCearr, an baile contae gnóthach atá suite idir Loch Uail agus Loch Ainninn agus mura bhfuil dóthain uisce sa mhéid sin tá an Chanáil Ríoga ar leac an dorais. Ní hiontas más ea cáil na hiascaireachta a bheith ar an mbaile agus má tá an bhaintreach ghailf ann tá an bhaintreach iascaireachta ann chomh maith. Bíodh is nach dtagann an t-iascaire abhaile le mála folamh, céard faoi mo chara Phillipa a mbíonn a stócach chomh minic agus is féidir leis ag gabháil den ealaín sna huiscí úd. Ní itheann Phillipa éisc! Foighne an ghrá, is dócha. Ach b'fhéidir nuair a phósann siad go mbeidh coinníoll breise sa chonradh.

'Mart go sála ar nós bearach as an Muileann gCearr,' sean-nath a léiríonn an baile mar lárionad mhargadh eallaigh mura molann ábhar an tsuntais. Sa Mheánaois bhí teach ag na hAgaistínigh agus ag na Doiminicigh anseo ach níl rian de cheachtar acu fágtha inniu. Is í Ardeaglais Chríost Rí an foirgneamh is suntasaí ar an mbaile. Is féidir a dhá thúr atá 140 troigh ar airde a fheiceáil i bhfad ó láthair. Tá mósaicí leis an ealaíontóir Rúiseach Boris Anrep (1883-1969), le breathnú san Ardeaglais agus san iarsmalann

eaglasta tá éide Naomh Oilibhéar Pluincéad, bailiúchán de chrosa ó ré na bpéindlíthe agus mionsamhlacha den Ardeaglais, ceann acu a rinneadh as 68,750 cipíní solais. Is féidir cuairt a thabhairt ar an iarsmalann ach glao teileafóin a dhéanamh roimh ré.

Ó dheas uainn tá Bealach an Tírialach mar a rinne an Caipitín Tírialach, le fórsa beag Gaelach, luíochán roimh arm láidir Sasanach sa bhliain 1597 agus dhíothaigh sé é. Seasann Caisleán na dTírialach ón 15ú haois anseo i gcónaí. Teach príobháideach anois é.

Siar linn go Cill Bheagáin mar ar bhunaigh Naomh Beagán mainistir sa 7ú haois. Tógadh drioghlann Locke anseo sa bhliain 1157 agus dúnadh é sa bhliain 1954. Atosaíodh ar an leacht buí a dhéanamh ann le gairid agus tá fáilte roimh chuairteoirí an próiseas iomlán a bhreathnú. Inneall gaile ina chabhair ar roth uisce an chumhacht a úsáidtear. Tá bialann ann agus siopa mar is féidir leat cuimhneachán ar do chuairt a cheannach.

Baile mhargadh eallaigh is ea an Móta a bhunaigh Cuallacht na gCairde sa 17ú haois. Tá caisleán den 16ú haois ann atá anois ina theach príobháideach. Le hais an chaisleáin tá reilig mar a bhfuil baill de Chuallacht na gCairde curtha. Baile mór ceoil é an Móta agus níl aon tráthnóna nach mbíonn an t-amhrán, an phíb, an fheadóg nó an veidhlín le cloisteáil i dtábhairne ar an mbaile seo atá ard go maith sa chomórtas maidir leis an tsráid is leithne sa tír.

Míle siar ón Móta ar chúig acra tá an lárionad cultúrtha Dún na Sí, atá mar cheanncheathrú ag grúpa aisteoirí, ceoltóirí, amhránaithe agus cleamairí a thaistealaíonn in Éirinn agus i gcéin. Tá scoil anseo chomh maith mar a bhfoghlaímítear teanga, ceol, rince agus traidisiúin eile na tíre. Anseo freisin tá lárionad taighde ginealaigh don chontae.

Agus tagaimid go Baile Átha Luain, an ceangal idir oirthear is iarthar trasna abhainn mhaorga na Sionainne. Príomhbhaile lár na tíre an baile teann tráchtála seo a bhfuil an caisleán Angla-Normannach den 13ú haois ina lár féin. Nach ainm rince is ainm dáin é a chéiliúrann an chosaint a rinneadh ar an droichead in aghaidh fórsaí Rí Liam. Is fiú tamall a chaitheamh sa chaisleán atá anois ina iarsmalann. I measc nithe stairiúla san iarsmalann chéanna tá gramafón leis an gCunta John McCormack, mac an bhaile, an teanór binn a thuill clú is cáil dó féin is don tír, pé áit ar domhan ar oscail sé a bhéal ceolmhar. Ar aghaidh an chaisleáin tá séipéal Peadar is Pól, a bhfuil an dá spuaic dá chuid le feiceáil ar

fud an bhaile. Tá fuinneoga áille gloine daite ann a dearadh i stiúideo Harry Clarke.

Thíos ar an abhainn tráthnóna tá an t-uisce bán le healaí ag éalú i gciúnas ó scáth a chéile. Ní hiontas leo an áilleacht.

Shíl mé scíth a ligean go fóill is chas mé isteach an doras. D'ordaigh mé. Shuigh fear i m'aice agus tar éis beannú dom thosaigh sé ar léacht fhada shuimiúil ar chonas bláthanna a thríomú agus a choinneáil don gheimhreadh. 'Is breá le gach bean tí a leithéid a bheith ar fáil aici sa dúluachair,' dhearbhaigh sé dom. Bhí mo chloigeann féin lán le healaí fós. D'éist mé leis go múinte, áfach, is tar éis leathuair an chloig, nuair a bhí an ceacht múinte aige féin, dúirt sé mar aguisín, 'Coinníonn sé an duine amach as an tábhairne,' agus d'ordaigh sé deoch eile.

Casfad soir chuig an Móta. Beidh foinn le blaiseadh sula mbeireann an dubh ar an ngeal.

An Longfort



*M*ainistir Shruthla an chéad sráidbhaile againn i gContae an Longfoirt atá suite mar a dtrasnaíonn an Chanáil Ríoga abhainn na hEithne. Tugann na droichid chloiche anseo bealach d'iascairí teacht ar na róistí, na brain, na liúis is na bric atá fairsing san abhainn.

Ar bhruach na hEithne tá fothrach na mainistreach Cistéirsí mar a dtáinig manaigh as an Mainistir Mhór, Contae Lú, nuair a bunaíodh í sa 12ú haois. Nuair a chuir an Chéad Eilís na mainistreacha faoi chois thug sí an mhainistir seo agus a cuid tailte do Robert Dillon, Iarla Ros Comáin.

Tá aerfort beag ag Mainistir Shruthla agus is féidir le cuairteoirí eitilú gearra a dhéanamh agus an taobh tíre a bhreathnú.

Siar uainn tá Baile Uí Mhatháin. Ach bí ag caint ar an tsráid is leithne sa tír – casadh orm fear anseo a dúirt liom go raibh an tsráid chomh leathan sin ann go raibh deacracht aige le tuin chainte na ndaoine a chónaigh ar an taobh eile di! Tá páirc álainn chois abhann a mheallann lucht cóisire. Agus níos faide síos an abhainn ag an Droichead Dearg mealltar na hiascairí. Rugadh Oliver Goldsmith gar don bhaile sa bhliain 1728 agus chaith sé a óige ag Lios Eo i gContae na hIarmhí. Gach bliain tagann na mílte ar cuairt ar an dá chontae le hómós do Goldsmith, file, úrscéalái agus drámadóir.

Siar ó thuaidh go hÁth Liag, lárionad iascaireachta san áit a leathnaíonn an tSionainn amach is a dhéanann Loch Rí. Tá droichead naoi n-áirse trasna na habhann ina cheangal le Ros Comáin. Ó dheas uainn i Loch Rí tá Inis Chéireáin mar ar

bhunaigh Naomh Diarmaid mainistir sa 6ú haois. Deirtear gur maraíodh Méabh Chruacháin ar an oileán seo le cloch a teilgeadh le tabhall ó bhruach an locha. Ó thuaidh tá Cluain Dara mar a snaidhmeann an Chanáil Ríoga leis an tSionainn.

Soir uainn tá an Longfort, príomhbhaile an chontae agus an suíomh don chaisleán a thóg prionsaí an dúiche, clann Uí Fhearghail, agus don mhainistir Dhoiminiceach, a thóg an chlann chéanna. Níl aon rian de cheachtar den dá fhoirgneamh le feiceáil. Tosaíodh ar thógáil Ardeaglais Naomh Mel sa bhliain 1840 ach níor críochnaíodh í go dtí 1893. Tá bailiúchán suimiúil d'iarsmaí áitiúla i gColáiste na Deoise.

Lá dá raibh mé ar an Longfort, tamall ó shin anois é, ó bheadh sé trí a chlog sa tráthnóna nó mar sin, d'airigh mé amhránaíocht ag teacht amach as tábhairne. Chuaigh mé isteach. Seo fear, ina sheasamh ag an gcuntar ag cur de i nglór álainn binn. Amhrán i diaidh amhráin chan sé leis agus ba bhreá a bheith ag éisteacht leis. Chaith mé cúpla uair an chloig ann agus labhair mé leis sular fhág mé.

Bhí sé ag ceiliúradh a lá breithe agus ba é an tábhairneoir é. 'Ta mé anseo le mo chairde is nuair a bhuailfeas tuirse mé ní bheidh d'aistear chun na leapa orm ach suas an staighre,' a deir sé. *'Fair play'*, a deir mé féin agus shiúil mé liom.

Ó thuaidh tá Béal Átha na Muc mar ar éilíodh is mar ar íocadh praghas daor na saoirse sa bhliain '98. Tugtar 'The Pikeman' ar theach ósta an bhaile agus nuair a fheiceann tú lán le hiascairí é, mar a bhíonn go minic, agus an chuimhne ar '98 atá i lár an tsráidbhaile, is ansin a thuigeann tú céard is brí le himeartas focal.

Tá Loch Gamhna soir uainn faoi shaibhreas fiabheatha agus casaimid ó dheas go Gránard mar a bhfuil an *motte* Normannach is airde sa tír. Tógadh é sa bhliain 1199 agus é 534 troigh ar airde. Ar a bharr tá dealbh de Naomh Pádraig a tógadh sa bhliain 1932. Bíonn iascairí gnóthach anseo freisin sna huiscí thart agus tá gnó don luibheolaí chomh maith sa taobh tíre máguaird.

Lár mí Lúnasa a bhíonn Féile na gCláirseach anseo acu i nGránard. Caithfidh mé fanacht bliain eile. Ach go deimhin, má tá mé chun freastal ar gach féile a chaill mé i mbliana ní rothar a theastódh ach héileacaptar. Ní bheadh a fhios agat, an *Lotto*, nó b'fhéidir duine lách éigin!

Siar ó Ghránard tá Carn, an cnoc is airde sa chontae. Ní mór an leathmhíle deiridh den 916 through a shiúil ach is beag sin agus

radharc breá atá le fáil ón mbarr, na locha féin ina scátháin airgid ag breathnú aníos ort. Ar fhoscadh an chnoic tá Tobar Phádraig agus dealbh don naomh ina fhianaise ar na mílte oilithreach a thaithíonn an tobar is a fhágann ribíní ar an rósóg lena ais mar fhianaise ar an bpaidir a freagraíodh.

Ar an mbealach go Meathas Troim tá Carriglas Manor ar deis uainn. Fáiltútear roimh chuairteoirí idir Meitheamh is Meán Fómhair sa teach Victeoiriach seo atá suite ar 650 acra. Agus tagaimid go Meathas Troim mar ar chónaigh an t-úrscéalaí Maria Edgeworth (1767-8149). Ba í an dara páiste de cheathrar páistí is fiche a thóg a hathair, Richard Lovell Edgeworth, oideachasóir, eolaí agus údar. Deirtear go raibh meas ag Jane Austen agus ag Sior Walter Scott ar obair Mharia agus thuill sí breis measa as an méid a rinne sí ar son na mbocht i rith an ghorta mhóir nuair a bhí sí féin ag tarraingt ar an gceithre scór. Cuireadh i Séipéal Naomh Eoin i Meathas Troim í. Is teach téarnaimh anois an teach a gcónaíodh sí ann agus tá portráid di le feiceáil ar an mbealach isteach.

Ar an mbealach ó dheas tagaimid ar Ardach. Fuair muintir Fetherstone an talamh san 18ú haois agus thóg duine acu an sráidbhaile do na tionóntaí i lár an 19ú haois. Deirtear gur leagadh amach ar stíl na hEilvéise é cé nach bhfaca mise clog cuaiche ar bith thart ach d'éirigh leis an sráidbhaile seo duais a bhaint amach i gComórtas na mBailte Slachtmhara níos mó ná uair amháin agus bhain sé an chéad áit i 1995 don sráidbhaile is glaine.

Is cosúil gur cheap Oliver Goldsmith gur teach ósta é teach na bhFetherstones agus go mba é an dearmad seo a thug air *She Stoops to Conquer* a scríobh sa bhliain 1773. Le gairid féin bhí léiriú den dráma clasaiceach seo in Amharclann an Gheata, i mBaile Átha Cliath. Tá teach na bhFetherstones anois ina choláiste tús do chailíní. Thug Naomh Pádraig an creideamh anseo agus d'fhág sé a nia Mel ina chéad easpag ar Ardach. Ba é a shéipéal lárionad na deoise gur dódh sa 16ú haois é.

Siar ó dheas ar bhruach Loch Rí tá Cuan na hEornan (is breá liom an t-ainm), cuan ciúin álainn mar a suíonn cúrsóirí is báid eile ar ancaire ar a mbealach ó thuaidh nó ó dheas. Cúpla céad slat ón gcuan tá ceardlann agus baile Mhíchíl Uí Chathasaigh. Dealbhóir é Mícheál a oibríonn ar adhmaid atá caomhnaithe i bportach ar feadh na mílte bliain. Mar shiúinéir a thosaigh sé amach agus tar éis dó tamall a chaitheamh i Meiriceá d'fhill sé

agus thosaigh ag tógáil carabhán do thurasóirí. Ón mbliain 1970, áfach, tá sé ag obair mar dhealbhóir ar adhmaid portaigh agus tá clú idirnáisiúnta bainte amach aige dó féin.

Is ea, go deimhin, is iomaí sin bealach suimiúil ar féidir leis an duine taitneamh a bhaint as saoire i gContae an Longfoirt. Tá gach gné den ealaín á cleachtadh ann: cláirseoireacht, filíocht, scríbhneoireacht, iascaireacht, dealbhóireacht nó spaisteoireacht aonraic cois abhann, cois locha, ag breathnú ar éisc, ag éisteacht leis an éan is comhcheol an nádúir ag saoradh na haigne ó imní is ag líonadh an chroí le haoibhneas.

Ach féach, tá an fómhar ag bagairt orainn agus solas an lae ag éalú róluath, cheapfá. Níl aon róthaisteal le déanamh sa chontae seo is cuma cár mhaith liom an oíche a chaitheamh. Ach fillfead ar an Longfort is glaofad isteach ar thábhairneoir na n-amhrán. Tharlódh go mbeadh sé ag ceiliúradh. Tá súil agam.... Ní fada óna thábhairne siúd, ar an tsráid chéanna, ar an taobh céanna, atá teach ósta breá nach ceadmhach dom a ainm a lua. Déanfad compord leapa ann ar neamhchead don títim teochta a mhaíonn an fómhar.

Lú



Ósadh a thug an chéad uair mé go hÓstán Bhaile Mhic Scanláin. Shiúil mé féin is mo dheartháir amach ag síneadh na gcos i ndiaidh an bhéile. Go tobann os ár gcomhair bhí Dolmain Prailíce ina sheasamh mar a bhí le 5,000 bliain. Ualach an Fhathaigh a thugtar ar an gcloch dhín a shuíonn go dalba ar thrí clocha móra. Bhí fear ag rá linn gur fathach a chuir ann í. Tá os cionn daichead tonna sa chloch dhín seo agus níor dheacair dúinn scéal mo dhuine a chreidiúint. Thaispeáin sé uaigh áiléir déanta as clocha dúinn agus dúirt sé linn go raibh fathach Albanach curtha ann, fear a tháinig, a throid agus a chaill in aghaidh Fhinn mhic Chumhaill. Ní raibh scéal ar bith ag an bhfear seo nár sheas fathach mór millteach go láidir ina lár is bhíomar sa 'chontae bídeach'!

Gar dúinn tá Fochaird mar a rugadh Naomh Bríd sa 5ú haois. Tá réimse fairsing leagtha amach thart ar Scrín Bhríde, mar a bhfuil Tobar Bríde, Colún Bríde, Cloch Bhríde agus Bealach na Croise. Bíonn an oilithreacht bhliantúil chun na scríne ann i mí Iúil. Sa reilig áitiúil tá Uaigh an Rí mar ar cuireadh Edward de Brús a maraíodh i gcath in aghaidh Edward de Bermingham sa bhliain 1318.

Ag Bearna na Gaoithe tagaimid ar Uaigh na Mná Fada. Deirtear linn gur tharrtháil Lorcán Ó Hanluain, duine de mhuintir na háite, banphrionsa Spáinneach ó phíoráidí Múracha. Gheall sé di go mba fhear saibhir é agus go mba leis a raibh le feiceáil ón gcnoc seo. Tháinig sí leis abhaile ach fad is a bhí Lorcán thar sáile bhí a shaibhreas is a chuid tailte goidte ag dream eile. Ní raibh le feiceáil ag an mbanphrionsa bocht ach Bearna sceirdiúil

na Gaoithe agus bhain an díomá an oiread sin de gheit aisti gur thit sí marbh ar an toirt agus is ansin a cuireadh í.

Tá Sliabh Cairlinn mar chúlra draíochta don bhaile meánaoiseach sin, Cairlinn. Seasann fothrach Chaisleán Eoin go hard os cionn an chuain ina cheannas ar an mbealach isteach go Loch Cairlinn. D'fhás an baile thart ar an gcaisleán agus fadó bhí ainm air as iascach oisrí. Nuair a tháinig fás ar an lúr, áfach, sa 17ú haois, chaill Cairlinn a tábhacht mar bhaile. Ar na seanfhoirgnimh ann tá Áras an Bhaile, Geata an Bhaile a ligeann gluaisteán tríd ar éigean, teach daingnithe den 15ú haois a dtugtar an 'Mionta' air agus a bhfuil cloigne Ceilteacha snoite air, agus Caisleán Taffe den 16ú haois. Níl aon cheann de na foirgnimh sin ar oscailt don phobal.

As Cairlinn is ea tosaíonn Bealach na Tána, turas naoi míle déag. Is ea, deirim leat, cuir díot seafóid leadránach mhí-shamhlaíoch na haoise leimhe seo agus gluais le Méabh, Fear Dia, Cú Chulainn, agus fathaigh na gaiscíochta. Cothaigh do chroí is d'anam ar eagna do shinsear. Is leat an t-íomlán.

'Nuair do thuig Méabh nárbh aon tairbhe an duine aonair ná an gasra ná an bhuíon féin a chur i gcoinne Chon Chulainn, bhí a oilteacht ar ghníomhartha gaile agus gaisce chomh mór sin os cionn oilteacht ghaisce éinne d'Fhir Éireann, thug sí cuireadh chun a pubaill d'Fhear Dia mac Dhamháin mhic Dháire, an míle mór-chalma agus an Congaineasach ó Iorrus Domhainn, dearbhchomhalta díl díochra Chon Chulainn féin. Ba chosúil is ba chothrom a gcomhrac araon'.

Sa chomhrac, nuair a baineadh stiall dá bhrollach de Chú Chulainn le buille cláimh chuir sé a lámh ar a chroí is dúirt: 'Chroim, dá mbeadh a fhios agam gur d'fhuil is d'fheoil a rinneadh mo chroí is ní d'iarann ní dhéanfainn leath de na gníomhartha gaile is gaisce is a rinne mé.'

Tógadh Caisleán de Róiste ar bharr carraige sa 13ú haois. 'Fuinneog an dúnmharaithe' a thugtar ar fhuinneog sa bhalla thiar mar deir siad gur chaith Rohesia de Verdun, an t-úinéir Normannach, tógálaí an chaisleáin amach tríthi chun a bháis. Ní deirtear linn arb é an foirgneamh nó a phraghas fáth a mhíshástachta.

Agus tagaimid go Dún Dealgan, calafort gnóthach agus baile an chontae. Siar ón mbaile tá an dún a thugann a ainm dó. Ba shuíomh Ceilteach uair é agus deirtear go mb'áit chónaí é ag Cú

Chulainn ach tá an tír máguaird breac ballach le seanchas faoin ngaiscíoch.

I lár an bhaile tá an teach cúirte a tógadh go beacht ar bhuntomhais Theampall Theseus san Aithin, idir 1813 agus 1818. Tá deirfiúr an fhile Robbie Burns, Agnes Galt, curtha i séipéal Protastúnach Naomh Nioclás.

Ar ár mbealach ó dheas tagaimid ar shráidbhaile beag Lú. I bpáirc taobh amuigh de tá foirgneamh a dtugtar Teach Naomh Mochta air. Fuair Mochta bás sa 6ú haois. Teach dhá sheomra, ceann os cionn an chinn eile, atá ann agus tá sé ar síoroscailt. Tá staighre bíse beag ag ceangal an dá urlár. Gar dó tá fothrach séipéil den 15ú haois.

Ar an mbóthar soir tá fothrach Shéipéal Naomh Oilibhéar mar ar theagasc Naomh Oilibhéar Pluincéad an Soiscéal d'ainneoin dlí anoir. Tuairim is míle ó Bhá Dhún Dealgan tá Baile an Ghearlánaigh. Bhí caisleán ag na Gearlánaigh, Normannaigh, ann go dtí gur thóg Cromail a gcuid tailte. Thug sé an talamh do Henry Bellingham. Is teach ósta anois an caisleán.

Baile margaidh agus lárionad iascaireachta é Baile Átha Fhirdhia. Roimh Ré na Críostaíochta ba bhaile tábhachtach é, ina sheasamh i lár Mhuirtheimhne. Ba anseo a sheas Cú Chulainn is Fear Dia i gceangal comhraic agus tá plaic ar an droichead á gceiliúradh.

Ó dheas uainn tá an Mhainistir Mhór, an chéad mhainistir Chistéirseach a bunaíodh in Éirinn. Chaith Ardeaspag Ard Mhacha, Maeleachlainn Ó Morgair, seal sa mhainistir in Clairvaux lena chara Naomh Bearnard agus chuaigh saol na manach thall i gcion go mór air. Chuir sé roinnt dá nóibhísigh féin anonn le go bhfaigheadh siad cleachtadh ar shaol Clairvaux agus, ar fhilleadh dóibh go hÉirinn, go gcuirfeadh siad bráithreacht dá chineál ar bun abhus. Coisriceadh séipéal na mainistreach sa bhliain 1157. B'as an tosach seo a d'fhás na mainistreacha Cistéirseacha sa tír. Bhí cúig is tríocha sa tír nuair a cuireadh faoi chois iad sa 16ú haois. Fothrach is ea an Mhainistir Mhór anois agus is féidir cuairt a thabhairt air idir Meitheamh agus Meán Fómhair.

Cas soir is tiocfaidh tú go Mainistir Bhuithe. Bhunaigh Naomh Buithe í sa 6ú haois. D'fhás a tábhacht mar láthair léinn agus d'fhás a maoin go raibh leabharlann bhreá ar fáil inti. Sa reilig anois tá fothrach dhá shéipéal, clogás, clog gréine réamh-Ghotach, leac uaigne mhaisithe agus trí ardchrosa. Airde nócha cúig troigh atá sa chlogás atá naoi gcéad bliain ina sheasamh ann.


Is í Cros Mhuireadach an chros is suntasaí ar na trí crosa. Monailit ollmhór í ina seasamh 17 droigh 8 n-órlach os cionn na talún. Is beag a cheapfá ón gcuma atá ar an gcros go bhfuil míle bliain caite anseo aici faoi gach cineál síne. Is iontach chomh inaitheanta is atá na painéil atá greanta ar Chros Mhuireadach tar éis oiread sin ama. Tá an tArdchros, mar a thugtar uirthi, níos caoile is ceithre throigh níos airde agus is í an chros is airde sa tír í. Maidir leis an tríú cros níl fágtha di ach an chuid bairr agus roinnt painéal nár críochnaíodh.

Ag béal na Bóinne tá Droichead Átha agus ní thig liom siúl ann gan an Mheánaois a bhrath thart orm. Thóg Hugh de Lacy dhá bhaile, ceann ar gach taobh na habhann, agus sa bhliain 1412 rinneadh aon bhaile amháin díobh le cairt. Taobh theas den abhainn tá an Millmount agus túr Martello ar a bharr mar a bhfaighidh tú amharc an-mhaith ar an mbaile. Ach tabhair cuairt ar Iarsmalann Millmount, is cinnte go mbainfidh tú taitneamh as a bhfuil ar taispeáint ann. Ar na nithe spéisiúla atá le feiceáil tá curach chruinn, an cineál a d'úsáidí anuas go dtú 1948. Tá an fráma saillí clúdaithe le seithe leathair tairbh.

I dtuaisceart an bhaile tá Túr Maigdiléana ón mbliain 1224. Ba chlogás uair é de mhainistir Dhoiminiceach. Tá Geata Naomh Lorcán ón 13ú haois ar cheann dá chineál is fearr sa tír. I séipéal Naomh Peadar tá scrín Naomh Oilibhéar Pluincéad mar a bhfuil a cheann balsamaithe. Agus ní féidir an baile seo a fhágáil gan cuimhne ar Oilibhéar eile. I ndiaidh a chuid oibre siúd sa bhliain 1649 dúirt sé le humhlaíocht a thuilleann meas: 'Is ceart gur ag Dia amháin a bheadh an ghlóir iomlán'.

Ach, féach, tá ceol is comhluadar uaim don oíche. Cuirfead mo mhuinín i mBrian, cara liom agus fear a bhfuil a fhios aige céard a tharla roimhe san 'Chontae Bideach,' céard a tharlaíonn is céard a tharlós (ní chuirfeadh sé iontas orm). Beidh mé sásta anocht cibé comhluadar a dtagaim ann leis agus tar éis an spraoi sínfead go sásta faoi bhraitlín an fhómhair.

Baile Átha Cliath



Dúiche Chualann

Ní heol dom príomhchathair ar domhan is fearr suite ná an Baile Átha Cliath seo againne. Suíonn an baile go sásta ar dhá thaobh na Life. Le cabhair na dtaoidí farraige tugann an abhainn folcadh faoisimh dó gach dhá uair a chloig déag. Baineann an baile searradh as féin, ligeann sé osna chléibh agus le maolgháire tugann sé faoin saol arís.

Ar an seachtú lá déag de mhí na Nollag 1834, rith an chéad traein phaisinéirí ar domhan idir Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire. Spreag an córas nua forbairt sa cheantar agus d'fhás an Charraig Dhubh is Dún Laoghaire dá bharr. I lár na Carraige Duibhe tá Cros na Carraige. Cros eibhir í seo ina seasamh ar phlionta. Tá éadan greanta sa chros ach ní heol dom duine ar bith a bhfuil stair na croise ar eolas aige. Deireadh m'athair liom go raibh an chros ann ó aimsir Fhiach mhac Aoidh Ó Broin is gur cuireadh ann í mar fhógairt chontúirte do mharcaigh Shasanacha gan dul níos faide ó dheas. Rugadh is tógadh m'athair ar an gCarraig, bhí ollsuim aige i stair a mhuintire agus go dtí go gcloisim scéal níos fearr faoin gcros sásóidh an ceann sin mé.

Tá cúpla túr Martello gar dúinn anseo agus b'aisteach leat mar chosaint iad ar an Saighdiúir. Ach ansin nuair a chuimhneofá go

mbeadh sé faoi bhois an chait ag na loingseoirí céanna is a bhí Hoche agus a chomhghleacaithe nach paidir a bheadh ag teastáil ó Napoléon dá dtagadh sé anall. Míle eile ó dheas tá Rinn na Mara mar a mbíonn snámhóirí ar feadh na bliana. Lá Nollag bíonn cruinniú mór snámhóirí ann agus bailítear airgead ar son carthanais éigin.

Táimid i nDún Laoghaire anois. Síneann an dá chalahd amach ón mbaile mar a bheadh dhá lámh fhada ag déanamh cuain agus ag fáiltiú roimh chuairoteoirí isteach ón mBreatain ar mhian leo tamall a chaitheamh in Éirinn na bhfáiltí. Preabann sléibhte Bhaile Átha Cliath aníos sa chúlráid ina gcúirtéis is nascann siad le sléibhte Chill Mhantáin siar is ó dheas.

I seanchas Dhún Laoghaire deirtear faoin gcuan, a tógadh i dtús an 19ú haois, gur chuir an t-ailtire lámh ina bhás féin i ngeall ar gur fágadh béal an chuain ar oscailt don ghaoth anoir. Chonaic mé féin báid á mbriseadh sa chuan céanna nuair a shíl an ghaoth anoir sin díoltas a bhaint as cuan is as baile. As eibhir Chnoc Deilginise a tógadh na calaidh agus an t-am sin féin rinneadh bóthar iarainn a d'iompródh an chloch álainn anuas chuig an gcuan. 'Na Miotail' a thugtar ar an mbealach sin go dtí an lá atá inniu ann tar éis nach bhfuil rian de na ráillí fágtha. Is siúlóid bhreá 'Na Miotail' anois agus dá bhfeicfí tú le cailín ar an gcosán sin bheadh súil go luath le bainis.

Thíos cois chuain bhí an dún ag Laoghaire. Teach samhraidh a thabharfaí anois air is dócha, áit éalaithe ag an Ardrí nuair a thiocfadh cúrsaí Teamhrach ródhian air. Is nach raibh a leithéid ag Caesair na Róimhe ar Oileán Capri nuair b'iomarca dóibh teocht an tseanaid nó taisleach na cathrach. Is ea, bíonn an cúpla scilling áisiúil go maith sa saol seo fad is nach bhfeonn sé an láocht sa duine.

Bhí criú coite riamh an-mhaith i nDún Laoghaire agus bhíodh siad chun tosaigh ar chriúnna eile an`chósta thoir. Ba iad na fir chéanna seo a chuirfeadh coite faoina maidí rámha is a rásfadh báid as Rinn na Séad amach chuig long mhór a bheadh ag déanamh ar an gcathair leis an téad a fháil is an long mhór a cheangal ar na duganna. Laincis a chur ar an mbád a thabharfadh siad ar an gcleachtadh agus d'íocfaí an-mhaith as iad. Go mall sna tríochaidí chuir an criú laincis ar long mhór agus thug suas an abhainn í. D'éirigh an fharraige garbh is mhol duine den cheathrar an coite a fhágáil agus dul abhaile ar an tram. Tháinig

seisean abhaile mar a mhol sé ach thug an triúr eile faoin gcoite a rámhaíocht ar ais go Dún Laoghaire. Bhuaile cuairfeach gaoithe an coite agus caitheadh amach sa bhá iad. Bhí beirt deartháir ar an triúr. Thug mo mháthair ar a láimh ar an tsochraid mé agus ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar chaoineadh na mban sa reilig. Cuireadh deireadh leis an gcleachtadh tar éis na tubaiste. Tuga a dhéanann an obair ó shin.

Is é Dún Laoghaire an t-ionad luamhaireachta is mó sa tír agus thíos ag Cnoc an tSalainn bailíonn lucht clár seoil. Is aoibhinn an radharc é na seolta ar gach dath ag scinneadh leo ar bharr na farraige agus gach ridire uisce ina sheasamh go buacach i mbun a chláir féin. Tá an Iarsmalann Mara Náisiúnta i nDún Laoghaire freisin. I measc an iliomad rudaí atá ar taispeáint anseo tá mionsamhail den ghaltán *Great Eastern*, a chuireann i gcuimhne dúinn go mba é an Captaen Robert Halpin as Cill Mhantáin a bhí i mbun na loinge nuair a leagadh an chéad chábla trasatlantach sa bhliain 1866.

Tamaillín soir an bóthar tá Cuas an Ghainimh mar a bhfuil Túr Joyce. Túr Martello é ach chaith James Joyce seachtain ann sa bhliain 1904 agus tagraíonn sé dó i leathanaigh thosaigh *Ulysses*. Tá iarsmalann ann anois mar a bhfuil rudaí pearsanta a bhain leis an údar chomh maith le litreacha, cáipéisí agus céadeagráin.

Agus tá Deilginis i ngar dúinn. Bhí balla thart ar an mbaile seo uair agus bhí seacht gcaisleán ann. Níl fágtha díobh ach dhá cheann mar atá Túr Archbold ón 16ú haois agus an ceann a ndearnadh Halla an Bhaile de. Tá dhá chuan ann ag an mBolg agus ag Caladh Mór agus déantar roinnt iascaigh astu. Chónaigh Shaw anseo idir 1866 agus 1874 in Torca Cottage.

Ba shean-nath i nDún Laoghaire riamh é go bhfuil Bá Chill Iníon Léinín níos áille ná Bá Napoli. Bhí mé an-óg ag éisteacht leis seo ach fós féin duine ar bith a bhí á rá seo ní fhaca siad Bá Napoli, nó ní raibh a fhios acu cá raibh Bá Napoli ar chuma ar bith!

Agus tar éis an t-ainm álainn sin ‘Cill Iníon Léinín’ agus an scéal a ghabhann leis gur dhiúltaigh iníon Léinín pósadh mar gur theastaigh uaithi a saol a chaitheamh mar bhean rialta agus gur thóg a hathair an chill di, b’iontach liom na hainmneacha eachtrannacha seo ‘Vico’, ‘Sorrento’ is eile.

Ní fada a bhí mé i Vico Equense i ndeisceart na hIodáile nó go bhfaca mé an chosúlacht iontach idir an dá áit. Ba Bhré Napoli, ba Shliabh Chualann Vesuvio agus ba Dheilginis Sorrento. Agus tá an

bá abhus níos áille ná an ceann thall is ní i ngeall ar láimh Dé, mar a deireadh Maradona, ach i ngeall ar láimh an duine. Ceist bheag amháin, cén droch-chomhairle a chuirfeadh ar dhaoine áit chomh hálainn le Cill Iníon Léinín a athainmniú mar an dara rogha?

Leathmhíle nó mar sin amach ó Dheilginis tá an t-oileán. Ar an oileán tá fothrach shéipéil Bheinidictigh mheánaoisigh mar ar chaith Naomh Begnet cuid mhór dá shaol. Tá túr Martello ar an oileán chomh maith. Más maith leat breith ar an ronnach faigh bád amach ó Chaladh Mór is beidh dóthain suipéir agat duit féin is do dhuine ar bith thart.

Tugaim mo dhroim don fharraige is gluaisim isteach faoin tír. Sínim suas go Gleann Cuilinn, casaim faoi dheis agus déanaim mo bhealach trí bhóithre casta a bíonn ag síorbhagairt ar na sléibhte. Tagaim go Barr na Coille is tá Bá Bhaile Átha Cliath thíos fúm. Ní mó ná cáithnín sneachta gach seol breá amuigh ar an bhfarraige is ní mór liom ag na criúnna a sealúchas ach mo bhuíochas dóibh as páirt a ghlacadh sa ghréas ildaite atá ar oscailt os comhair mo shúl.

Téim i dtreo Taobh na Coille is tá Baile na Lobhar is na rásaí thíos faoi dheis is bheinn ag súil nach aon aicíd a bhaineann do mo rogha sa trí a chlog. Ach tá na sléibhte, tá Gleann na Smól, tá áilleacht amhairc is ainm ar gach taobh. Mealltar chun siúil mé, mealltar chun dreptha, líontar mo chluas is mo chroí le hoirfide na n-éan. Líonaim mo scamhóga le haer úr na gcnoc.

Tim, a bhfuil óstán beag aige i ngar dom anois, glaofaidh mé isteach air. Beidh fáilte romham. An-amhránaí é Tim. Ach an uair dheiridh a roinn mé gloine leis chuir sé cara in aithne dom á rá, 'Seo é Seán Mac Cionnaith, chaith mé féin is Seán cúig bliana fada ag siúl amach leis an gcailín céanna is níor éirigh riamh eadrainn.' Ní bheidh sé deacair comhluadar a dhéanamh le Tim anocht agus cúpla port b'fhéidir.

Ó Bhaile Brigín go Tamhlacht

Tá mé ag teacht aduaidh ó theorainn na Mí agus seasann Baile Brigín ar m'aghaidh ansin ag béal an tsrutháin. Sruthán maith breac é seo agus deirtear gur ann a bhaist Naomh Pádraig a dheisceabal Naomh Beannán. San 18ú haois thóg an chlann

Hamilton, le cabhair parlaiminte, cé, duga, monarcha chadáis agus ghóiséireachta anseo. Sa séipéal tá dhá fhuinneog bhreátha le Henry Clarke. Tar éis Cath na Bóinne rinne Rí Liam campa anseo roimh mháirseáil go Baile Átha Cliath. Dhá chéad tríocha bliain ina dhiaidh sin sheas na Dúchrónaigh ann agus dhóigh siad an baile.

Thugadh Feis Bhaile Brigín an-lá ar fad do mhuintir na háite agus do mhuintir óg na cathrach a théadh amach ar rothair agus a d'fhilladh tar éis an chéilí nach gcríochnaíodh go dú a trí maidin Dé Luain.

Bhí mé ag éisteacht le scaothaire sa chathair ag cur de faoin bpeil a d'imir sé sa pháirc amuigh ann agus é ag caint go bladhmannach faoin amhrarc álainn a bhí aige ón bpáirc ar na tránna aoibhne a bhí ag síneadh ó thuaidh is ó dheas gach taobh den chuan. 'Ach ní féidir na tránna a fheiceáil ón bpáirc,' a deir duine eolach sa chomhluadar. 'Ón airde a léimim san aer is féidir,' d'fhreagair mo dhuine.

Ó dheas tá na Sceirí, an t-ionad saoire is mó i dtuaisceart an chontae. Ag *Red Island*, atá ina chuid den mhíntír anois, tá loirg sna clocha a ndeirtear gur loirg cos Naomh Pádraig iad. Deirtear gur ansin a thosaigh an naomh ar a mhisean go hÉirinn. Ar oileán Phádraig tá fothrach séipéil mar a raibh Seanad Náisiúnta na hEaglaise sa bhliain 1148. I láthair ann bhí cúig easpag déag agus cúig chéad sagart. Nuair a bhíonn an taoide tráite is féidir siúl go hOileán Sionnaigh mar a bhfuil túr Martello.

Ó dheas tá na Sceirí agus tá siúl aille anseo a thabharfadh isteach tú go dú an baile beag iascaireachta, Loch Sionnaigh. Isteach faoin tír tá An Aill, baile beag cluthar. Sa bhliain 1994 nochtaíodh plaic ar bhalla na cearnóige i gcuimhne ar Shéamus Ennis, fear a shaibhrigh an saol do na mílte le ceol is seanchas.

Oíche Shathairn sa chathair ag céilí Tigh Bharraí, mar a maisíodh rincoirí na linne an t-urlár le céimeanna cróga, tháinig cara chugam. 'Tá mé chun Eibhlín a phósadh,' deir sé liom. Bhain sé stad asam. Aon drong amháin a bhí ionainn an t-am sin, gan éinne mórán os cionn fiche bliain, gan éinne luaite le héinne eile ach i mionscéalta na gcailíní, b'fhéidir.

'Tuige,' a phléasc as mo bhéal de bharr m'iontais. 'An dtuigeann tú,' a deir sé, 'cónaíonn sí i dtuaisceart an chontae gar don Aill is níl aon bhus ann nó as, ach amháin Dé Máirt is Dé Sathairn, is ba mhaith liom í a fheiceáil níos minicí'. Pósadh is chonaic siad a chéile go minic ina dhiaidh sin.

Soir ó dheas ó na Sceirí tá an sráidbhaile Lusca mar a bhfeicfidh tú clogás den 10ú haois atá 84 throigh ar airde. Seasann sé ar shuíomh mainistreach den 6ú haois. Tá túr den 16ú haois ar an suíomh chomh maith agus séipéal den 19ú haois agus leaca uaigne den Mheánaois istigh ann.

Soir arís uainn tá An Ros agus thart ar an gceantar seo ar fad tá na garraíodóirí margaidh is mó clú is cáil sa tír. Beathaíonn an talamh thart anseo margadh Bhaile Átha Cliath le torthaí is glasraí. Níl a fhios agam an bhfuil teach ar bith ann nach bhfuil a sciar féin de ghoinne aige ag bleán na gréine is ag mealladh an iomláin as an ithir.

Bíonn rás gach aon bhliain idir Iarthar Chorcaí agus an taobh seo tíre leis an gcéad lasta de na prátaí nua a chur ar an margadh. Ó tharlaíonn go bhfuil cairde agam i gCorcaigh agus go bhfuil mé i mo sheasamh anseo déarfadh mé nach bhfuil a fhios agam cé is minicí a bhíonn chun tosaigh. Ach mo chomhairle duit más mian leat roinnt glasraí a chur sa ghairdín cúil, fan i bhfad amach ó thuaisceart an chontae. Chuirfeadh ordú, cumas agus cirte an tsaothair anseo laghmhisneach ort is bheifeá ar an bhfón ag ordú stroighne.

Ó dheas ag Domhnach Bat tá Teach Dhroichead Nua, teach mór Seoirseach a tógadh d'ardeaspag sa chathair is atá maisithe go héachtach. Tá ceárta ann, déirí, iarsmalann, éanlann agus iarsmalann bábóg. Tá sé ar oscailt do chuairoteoirí gach lá sa tseachtain ach amháin Dé Sathairn.

Tagaimid ar Shord mar ar bhunaigh Naomh Colm Cille mainistir sa 6ú haois. Tá Caisleán Shoird ann a tógadh timpeall na bliana 1200 ag Ardeaspag Bhaile Átha Cliath mar theach daingnithe. Ar thalamh an tséipéil Phrotastúnaigh tá dhá thúr, túr cruinn ar airde 82 throigh ón 11ú haois, agus, i ngar dó, túr cearnógach, a bhfuil fágtha de shéipéal ón 15ú haois.

Soir leat go Mullach Íde agus an Caisleán, ar le clann Talbot é ó 1185 go dtí 1973. Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar an gcaisleán agus taitneamh a bhaint as an troscán seanré agus an Halla Mór le hAiléar na nOirfeadach ón mbliain 1475. Tá an Seomra Darach ann mar a bhfuil painéil snoite ón 16ú haois agus ón 17ú haois agus tá portráidí sna seomraí ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann. Tá gairdíní leagtha amach ar fhiche acra mar a bhfásann roinnt mílte saghsanna éagsúla plandaí, cuid mhór acu ón Astráil. Tá mionsamhail iarnróid ar taispeáint anseo go mba dheacair é a

shamhlú gan é a fheiceáil. Tá báirsí Guinness ar an Life mar a bhíodh, tá na tramanna ann agus tramanna Chorcaí. Ach pé rud a dhéanfaidh tú ná caill an deis an mhionobair iontach seo a fheiceáil. Tá radharc seabhaic agat ar an gcóras iompair seo ar fad ach fág go dtí an mhír dheiridh ar do chlár é mar is cuma cén fhaid a chaithfidh tú ann ní bheidh dóthain ama agat.

Turasóireacht Bhaile Átha Cliath an t-óstach agat ag Caisleán Mhullach Íde seacht lá sa tseachtain, Aibreán go Deireadh Fómhair, agus Sathairn is Domhnaí, Samhain go Márta.

Tá trá álainn ag Port Mearnóg, baile beag cois farraige, a dtugtar an Trá Veilbhít uirthi agus is álainn tráthnóna grianmhar a chaitheamh ann. Tá eolas domhanda ar an ngalfchúrsa anseo óir d'imir na galfairí is mó le rá air. Tá Séipéal Naomh Dualach ón 13ú haois gar do Phort Mearnóg. Sa séipéal tá túr cearnógach agus seomraí cónaithe. Gar don seanfhoirgneamh tá séipéal nuaimseartha Protastúnach agus seantobar naofa.

Siar linn anois thar Aerfort Bhaile Átha Cliath isteach faoin túr go dtiocfaimid go Leamhcán. Ó dheas ón gCanáil Ríoga agus ó thuaidh ón Mórchanáil tá an baile suite ar dhroichead thar an Life. Deir siad gurb iad na bradáin is fearr san abhainn a thaithíonn an Life ag Leamhcán.

Bhí spá cáiliúil anseo uair agus fágann sin an t-ainm ar theach ósta ann. Tá fothrach Chaisleán Phádraig Sáirséil, Iarla Leamhcáin, anseo chomh maith. I gCluain Dolcáin ó dheas seasann clogás i lár an bhaile d'ainneoin méad agus meáchan an tráchta a rollann thar bráid.

Agus rollaimidne ar aghaidh go Tamhlacht ag cois na sléibhte. Sheas Fíiníní anseo i seasca seacht agus ba iad mná Shráid Chorcaí sa chathair a chaith an oíche roimh an Éirí Amach sin ag bÁCáil aráin dóibh. San 8ú haois bhunaigh Naomh Maelruán mainistir anseo. Tá séipéal breá Doiminiceach i lár an bhaile agus tá túr beag ar thalamh na mainistreach ar chuid é de chaisleán láidir a rialaíodh easpaig Bhaile Átha Cliath as uair.

Ó dheas ó Tamhlacht tá gleann álainn uachtarach d'abhainn na Dothra, Gleann na Smól, a chríochnaíonn in dhá thaiscumar. Soláthraíonn an ceann is mó ag Bóthar na Bruíne uisce do Bhardas Bhaile Átha Cliath. Tógadh baile mór thart ar bhaile beag Tamhlachta le tamaillín de bhlianta anuas. Cuireadh suas na tithe ach ní mórán eile agus ba chúis chruatain do dhaoine seasamh ag fanacht ar bhusanna le dul go dtí an siopa ba ghaire

dóibh. Tá an Chearnóg anois ann mar a bhfuil gach sórt siopa a bheadh ag teastáil. Tá pictiúrlanna ann chomh maith le gach scannán nua a scaoiltear amach, riachtanas is cosúil ó d'éirigh na daoine bréan den teilifís.

Nó cá gcaithfidh mé an oíche? Ar Chlub Crónáin i gCluain Dolcáin a bheidh mo thriall. Beidh Séamas is Máirín ann le fáilte romham. Ní bheidh mé uaigneach anocht le ceol is comhluadar go gcrúnníonn an codladh thart orm.

Sa chathair

Jdtús an chéid seo nuair a shiúil an dornálaí Jack Johnson, arbh iarchuradh an domhain an t-am sin é, amach ar stáitse an Theatre Royal, sheas cathróir sa lochta agus dúirt sé: 'Tá fáilte romhat chuig an sráidbhaile, Jack.' Labhair sé thar ceann mhuintir na cathrach ar fad an nóiméad sin agus bhí a fhios aige. Beagnach leathchéad bliain ina dhiaidh sin labhair peannaire liomsa ag tromáíocht le héad ar Bhreandán Ó Beacháin. 'Ceapann sé gur leis an chathair,' a deir sé. 'Ó is leis,' a deir mé féin, 'agus is liomsa, is linn ar fad í'. Níor thuig mo dhuine. Níor chathróir é.

Chomh maith leis sin is bailiúchán sráidbhailte an chathair chabach chomhráduil seo. Nó má éiríonn le duine a chloigeann a ardú agus cáil a bhaint amach ní cathróir amháin é ach beidh an ceantar, an tsráid agus uimhir a thí féin i mbéal an phobail. Bí cinnte den mhéid seo, ní bheidh tú uaigneach sa tseanchathair seo ach amháin má theastaíonn uait agus más amhlaidh duit nuachtán is pionta an trealamh atá uait.

Mo chuimhne, ní uaigneas a bhí á thoraíocht agam féin ach ceapaire is pionta nuair a chas mé isteach. Fear ó thuaisceart an chontae a bhuail bleid orm le tagairt éigin don aimsir. D'aontaigh mé le claonadh mo chinn, bhí mé gnóthach le mo lón, ach choinnigh sé air agus taibhsí agus a leithéid a bhí mar ábhar cainte aige. 'Cónaím in aice an aerfoirt,' deir sé, 'agus, ar ndóigh, bhí mo mhuintir ann roimh na heitleáin. Bhí mo mhuintir riamh ann agus dhíol siad talamh le lucht an aerfoirt ar phinginí. Daoine simplí, tá a fhios agat. Ach bhí teach amháin suas bóithrín ansin, teach mór, strainséir a bhí ina chónaí ann, fear nach labhraíodh le

muintir na háite ar chor ar bith ach ag dul isteach is amach ina charr mór dubh, tá a fhios agat.' Chlaon mé mo cheann arís. 'Bhíodh na daoine ag rá go mbíodh sé ag déanamh obráidí ar mhná is go bhfuair bean amháin bás sa teach. Is má tharlaíonn duit a bheith ag siúl thar an reilig ansin ar an meán oíche agus an ghealach a bheith lán, feicfidh tú bean ag an bhfalla agus cloigeann gadhair uirthi'.

Shíl mé an dara ceapaire a fháil. Lean sé leis.

'Bhí m'uncail Johnny ag teacht abhaile oíche amháin tar éis cúpla deoch agus chuala sé obair éigin ar siúl i bpáirc a bhí faoi fhéar aige. Stop sé agus bhreathnaigh sé isteach tríd an sceach agus céard a d'fheicfeadh sé ach dhá fhoireann lúchorpán ag imirt iománaíochta, réiteoir agus gach rud acu. Shiúil sé síos an bóithrín abhaile ar a bharracíní ar fhaitíos go bhfeicfeadh siad é. Rith sé suas staighre chuig a bhean, m'aintín Stéise, agus allas leis. D'inis sé an scéal. "An t-ól arís," a deir sí, "téir síos ar do ghlúine is abair an paidrín liom". Ní raibh aon chlann orthu, bhí sí an-naofa. Ach an mhaidin dár gcionn nuair a bhí sí ag siúl síos an bóithrín thar an bpáirc nach bhfaca sí loirg na gcamán san fhéar.'

Chríochnaigh mé mo lón. Ó bhí, bhí na ceapairí is an pionta go maith freisin!

Nuair a thagann mo chara, Máirín, as Cluain Meala, go dú an chathair caitheann sí cuid mhór dá saoire in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Aontaím léi nuair a deir sí nach bhfuil dóthain ama sa saol seo againn le hoiread taitnimh agus ba mhian linn a bhaint as na hiontais is na háilleachtaí atá ar taispeánt ansin. Agus, ó tharlaíonn gur cairde léi scuab is canbhás gheobhaidh tú sa Dánlann Náisiúnta í chomh maith ag líonadh a súl is a croí le hobair na n-ealaíontóirí móra atá ar crochadh ann.

Ach siúil suas Sráid Grafton atá faoi choisithe agus fáncheoltóirí. Tá slí do gach aon duine ann agus le meas acu ar a chéile agus ar a gceird fágann na ceoltóirí spás ag a chéile agus ag ceol a chéile. Má tá do bhean óg leat seasfaidh tú gan spéis ag fuinneog is fuinneog faid atá na héadaí ar taispeánt á cothú sise le taitneamh is aislingí. Má tá do bhean chéile leat leanfaidh sí isteach tú tar éis an taispeántais.

Ag barr Shráid Grafton tá Faiche Stiabhna os do chomhair amach. Fáiltíonn Ó Donnabháin Rosa romhat. Casfar ort Mangan bocht, an Chuntaois, Tom Kettle, nó cá bhfaighfeá ar aon fhód amháin ceathrar níos suimiúla. Tá na healaí is na lachain ag

snámh ar an loch agus ní suim leo tú mura n-iompraíonn tú glaicín aráin chucu.

Thar Teach Laighean síos go Cearnóg Mhuirfean mar a bhfuil faiche mhór eile agus is álainn an seó mór bláthanna is plandaí atá ag fás anseo freisin. Má théann tú isteach an geata theas fáilteoidh Mícheál Ó Coileáin romhat.

Siúil suas Sráid an Dáma is tiocfaidh tú ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath a tógadh sa 13ú haois. Anseo tá Halla mór Naomh Pádraig agus an Seomra Ríchathaoireach. Ba é Seoirse V an rí deiridh a d'úsáid an seomra sa bhliain 1911. Sean-Chorcaíoch a casadh orm tráth shíl sé go mbeadh mí-ádh ar an tír faid a sheasfadh an caisleán. 'Ba cheart é a leagan sa bhliain fiche dó,' deir sé.

Tar éis céad slat a chur díot tagann tú ar Ardteampall Chríost a bhunaigh an Rí Sitric sa bhliain 1038. Tá tuama Strongbow, a bhásaigh sa bhliain 1176, ann chomh maith le croí Naomh Lorcán Ó Tuathail.

Síos an tsráid uait tá Ardeaglais Naomh Pádraig. Sa bhliain 1190 a tógadh an Ardeaglais ar shuíomh ar bhaist an naomh Críostaithe ann sa 5ú haois. Tá Jonathan Swift curtha anseo. Os cionn doras an tseomra róbála tá a fheartlaoi scríofa. 'Luíonn sé san áit nach féidir le diomú fíochmhar a chroí a réabadh níos mó.' Sa bhliain 1995 canadh Easpartan speisialta san Ardeaglais chun lá a bháis, dhá chéad agus caoga bliain roimhe sin, ar 19 Deireadh Fómhair 1745, a chomóradh.

Tá doras eile anseo a ndearnadh poll ann sa bhliain 1492 le go bhféadfadh Iarla Chill Dara lámh a chreathadh le hIarla Urmhumhan. An chéad uair a taispeánadh an doras neamhghnách seo domsa chas cathróir a bhí sa chomhlúadar orm le 'nach ndéanadh na hIarlaí seo tinn tú?'

Ag bun Shráid an Dáma seasann Coláiste na Tríonóide d'Ollscoil Bhaile Átha Cliath, a bunaíodh sa bhliain 1592. Ina seasamh os comhair an choláiste tá beirt chéimí cháiliúla, Edmund Burke (1729-97) agus Oliver Goldsmith (1728-1774). Chaith Swift, Beckett, Wilde agus Bram Stoker tamall anseo freisin. Beidh an t-am agat cuairt a thabhairt ar leabharlann an choláiste mar a bhfuil – i measc dhá mhilliún imleabhar – Leabhar Cheannais agus roinnt samplaí ríluachmhara eile den ealaín Éireannach.

Trasna na sráide tá Banc na hÉireann mar ar shuigh Parlaimint Grattan agus, i lár na faiche, tá dealbh mhór Thomas Davis le Eddie Delaney. Ghealfadh an saothar seo do chroí an lá ba ghruama.

Agus táimid ar Dhroichead Uí Chonaill thar an Life. Táimid ag breathnú suas Sráid Uí Chonaill má tá Dónall ag breathnú anuas orainn agus aingil chré-umha an bhua ag eitilt thart air. Feicimid Larkin agus tá Parnell ar bharr na sráide ar fad. Tá dealbh spreagúil Chú Chulainn le feiceáil ón gcosán anois frámaithe in Ard-Oifig an Phoist, atá ina chuimheachán mór eibhir ar an bPíarsach agus ar Shéamas Ó Conghaile.

Sa bhliain 1750 tógadh an tOspidéal Rotunda, an chéad ospidéal máithreachais a tógadh san Eoraip.

Ag Cearnóg Pharnell tagaimid ar Ghairdín an Chuimhneacháin, áit síochánta le loch i bhfoirm chroise atá tiomnaithe dóibhsean a fuair bás ar son saoirse na hÉireann. B'anseo sa bhliain 1913 a bunaíodh Óglaigh na hÉireann. Osclaíodh Gairdín an Chuimhneacháin sa bhliain 1966, leathchéad bliain i ndiaidh Éirí Amach na Cásca.

Thar Cearnóg Pharnell suas an Cuarbhóthar Thuaidh tagaimid ar 1,760 acra de Pháirc an Fhionnuisce a bhfuil seacht míle d'fhál timpeall uirthi. Tá faichí de gach cineál spóirt anseo agus is ar na hacraí seo a chleacht lúithnirí óga na scileanna a thuill clú domhanda dóibh ar ball. Tá Arás an Uachtaráin sa pháirc agus is ann a fháilíonn an tUachtarán roimh aíonna Stáit ó chéin is ó chónagar.

Maidir le ceol is drámaíocht, clubanna agus cathróirí cairdiúla, tá Baile seo an Átha Cliath ag tuilleamh ainm Eorpach mar an 'áit le bheith'. Ach mo mholadh duit, a chara, faigh bád ar cíós agus téigh amach i lár an bhá is breathnaigh siar ar an mbaile, an Life ina lár, tránna ar gach taobh di, agus na sléibhte ina bhfráma ársa ag síneadh go spéartha.

Tá ceol is caint le baint as cathróirí anocht. Cén dochar má tá an tuirse ag breith ar deireadh orm anois tar éis cuairt ghrámhar mo thíre a thabhairt. Beidh mé sa bhaile anocht i ndiaidh an iomláin. Is nach dtosóinn arís amárach ach an deis a bheith agam!